An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection



# Do Threoir maidir lenár Scéimeanna agus Seirbhísí: **Breoiteacht, Míchumas agus Cúram**

Lúnasa 2022

# Maidir leis an treoir seo

Is éard atá sa treoir seo forléargas ar chuid de na bealaí is féidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí cabhrú leat má bhíonn duine breoite nó faoi mhíchumas, ar bhonn sealadach nó buan. Dírítear ar na hábhair seo a leanas:

1. Buntáistí do dhaoine atá ag obair
2. Buntáistí do dhaoine a ghortaítear san ionad oibre
3. Íocaíochtaí míchumais
4. Ag obair fad is atá íocaíocht breoiteachta nó míchumais á fáil agat
5. Deontais agus tacaíochtaí airgeadais do dhaoine faoi mhíchumas agus dá bhfostóirí
6. Tacaíochtaí taistil agus teaghlaigh
7. Tacaíocht do chúramóirí
8. Tuilleadh faisnéise

Sa treoir seo, déantar cur síos ar Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) **agus** tástáil acmhainne, agus mínímid iad seo go hachomair sa rannóg: Na rudaí nach mór a bheith ar eolas agat sula dtosaíonn tú ag léamh na treorach seo.

Tá eolas le fáil sa treoir seo freisin maidir le cén fáth agus conas:

- cuntas **MyWelfare** agus **MyGovID (leathanach 9)**; agus
- tacaíochtaí a rochtain má theastaíonn siad uait.

Níl sa treoir seo ach treoir. Ní léiriú dlí ar fhaisnéis atá ann. Más mian leat do chás féin a phlé, nó má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise uait, déan teagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil, Oifig Leasa Shóisialaigh nó Ionad Eolais do Shaoránaigh. Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**

Tá eolas le fáil ar ár suíomh gréasáin freisin maidir lenár scéimeanna, tacaíochtaí agus seirbhísí. Tá an fhaisnéis seo le fáil ag **www.gov.ie/dsp**

Tá na rátaí íocaíochta atá le fáil sa treoir seo ceart tráth clóite an doiciméid. D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Le haghaidh na rátaí íocaíochta reatha, déan teagmháil le d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Chomh maith leis sin, tá rátaí íocaíochta reatha le fáil ar líne freisin inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) atá ar fáil ag **www.gov.ie/SWrates**

**Tá rátaí ardaithe bailí ó Eanáir 2022 nó mar atá á léiriú sa leabhrán seo.**

**An tAonad Seirbhísí do Chustaiméirí**
**na Roinn Coimirce Sóisialaí**
**an leabhrán seo i dtoll a chéile**

# Clár na nÁbhar

**Na rudaí nach mór a bheadh ar eolas agat sula dtosaíonn tú ag léamh na treorach seo ........ 6**

Réamhrá ........ 6

Gluais chabhrach ........ 6

Cineálacha ÁSPC ........ 7

Tástáil acmhainne ........ 9

Cuntas MyWelfare a oscailt agus MyGovID a fháil ........ 9

**Cuid 1:Buntáistí do dhaoine atá ag obair ........ 12**

Sochar Breoiteachta ........ 12

Sochar Sláinte agus Sábháilteachta ........ 20

Sochar Cóireála ........ 24

**Cuid 2: Buntáistí do dhaoine a ghortaítear san ionad oibre - Sochar Díobhálacha Ceirde. ........ 33**

Sochar Díobhála ........ 34

Sochar Míthreorach ........ 38

Sochair bhreise atá ar fáil ........ 43

Liúntas Síorfhreastail ........ 46

Sochar Báis ........ 49

Sochair thánaisteacha do dhaoine a fhaigheann íocaíocht Díobhála Ceirde ........ 52

**Cuid 3: Íocaíochtaí Míchumais ........ 53**

Liúntas Míchumais. ........ 53

Pinsean na nDall ........ 57

Pinsean Easláine. ........ 61

**Cuid 4: Ag obair fad is atá íocaíocht breoiteachta nó míchumais á fáil agat ........ 65**

Liúntas Míchumais agus obair ........ 66

Pinsean na nDall agus obair. ........ 66

Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall
agus scoláireachtaí ....... 67
Pinsean Easláine, Sochar Breoiteachta agus obair ....... 67
Neamhaird tuillimh ....... 68
Sochar Páirtchumais ....... 77
Meastóir Sochair Oibre ....... 81
Conas obair a aimsiú trí úsáid a bhaint as an tseirbhís
fostaíochta poiblí ....... 81
Tacaíochtaí le haghaidh céimithe faoi mhíchumas ....... 84
Scéimeanna agus íocaíochtaí fostaíochta eile ....... 85
Cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) ....... 87
**Cuid 5: Deontais agus tacaíochtaí airgeadais do dhaoine faoi mhíchumas agus dá bhfostóirí ....... 89**
Deontais an Chiste um Chóiríocht Réasúnach. ....... 89
Deontas Oiriúnaithe le haghaidh Trealamh
san Áit Oibre ....... 89
Deontas le haghaidh Léitheoir Pearsanta. ....... 90
Deontas d'Ateangaire ag Agallamh le haghaidh Poist ....... 91
Scéim Deontais chun Fostaithe a Choinneáil ....... 92
Conas iarratas a dhéanamh ar na deontais thuasluaite. ....... 93
Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas. ....... 95
Scéim Fóirdheontais Tuarastail. ....... 97
Clár Ability. ....... 98
**Cuid 6: Tacaíochtaí taistil agus teaghlaigh. ....... 99**
Scéim Saorthaistil. ....... 99
Pacáiste Sochair Teaghlaigh. ....... 103
**Cuid 7: Tacaíocht do chúramóirí. ....... 107**
Sochar Cúramóra. ....... 107
Liúntas Cúramóra. ....... 112

Deontas Tacaíochta do Chúramóirí. 116
Scéim Cúramaí Baile. 119
Scéim na dTréimhsí Cúraim Baile. 122
Liúntas Cúraim Baile. 126
**Cuid 8: Tuilleadh eolais.** 130
Conas is féidir liom mo thaifead árachais shóisialta a fháil? 131
An féidir árachas sóisialta a d'íoc mé i dtír eile a chur san áireamh? 131
**Gluais** 135

# Na rudaí nach mór a bheadh ar eolas agat sula dtosaíonn tú ag léamh na treorach seo

## Réamhrá

Ní gá duit an treoir seo a léamh ó thús deireadh. Ná roghnaigh ach na codanna atá ábhartha duit ó leathanach na n-ábhar. Is smaoineamh maith é an treoir a choinneáil ar fhaitíos gur gá duit aon rud a sheiceáil amach anseo.

## Gluais chabhrach

Nuair a bhíonn an treoir seo á léamh agat, b'fhéidir go bhfeicfeá focail nó frásaí nach bhfuil feicthe agat roimhe seo. Tá na focail seo aibhsithe agus mínithe ag deireadh na treorach i rannóg ar a dtugtar an ghluais.

Mar shampla, má fheiceann tú focail cosúil le bliain ranníocaíochta rialaithe aibhsithe i ndath mar seo, beidh a fhios agat go bhfuil míniú le fáil sa ghluais. Tá focail agus frásaí sa ghluais liostaithe ó A go Z agus tosaíonn an ghluais ar **leathanach 135**.

Chomh maith leis sin, b'fhéidir go mbeadh beagán eolais ag teastáil uait faoi ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta  Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus tástáil acmhainne. Caithimis súil ghairid ar gach ceann acu seo.

# Ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

Beidh eolas ag teastáil uait maidir le ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) d'fhonn a fháil amach an bhfuil dóthain íoctha agat chun cáiliú le haghaidh cuid de na tacaíochtaí agus íocaíochtaí a dtagraímid dóibh.
Mar is eol duit seans, íocann beagnach gach duine ÁSPC is cuma má tá siad fostaithe nó féinfhostaithe. Ní mór do dhaoine áirithe a bhfuil ioncam neamhthuillte ÁSPC a íoc freisin.

# Cineálacha ÁSPC

Tá cineálacha difriúla ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ann agus tá siad mínithe thíos.

### Ranníocaíochtaí íoctha

Íocann tú iad seo nuair a bhíonn tú ag obair agus tá siad bunaithe ar do thuarastail.

### Ranníocaíochtaí creidiúnaithe

Bronnann an Stát iad seo ort nuair nach mbíonn tú ag obair agus nuair nach bhfuil ar do chumas ranníocaíochtaí a íoc. Uaireanta tugtar 'creidmheasanna' ar na ranníocaíochtaí seo nuair a bhíonn siad á bhfáil agat.

### Ranníocaíochtaí deonacha

Is ranníocaíochtaí iad ar féidir leat rogha a dhéanamh iad a íoc go díreach leis an roinn mura bhfuil ÁSPC éigeantach á íoc agat níos mó trí do thuarastail nó tuairisceáin chánach.

Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith leat ranníocaíochtaí deonacha a íoc chun pinsean Stáit a fháil níos faide anonn.

## Ranníocaíochtaí féinfhostaithe

Is ranníocaíochtaí iad seo a íocann tú nuair atá tú féinfhostaithe.

## Aicmí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

Tá aicmí difriúla Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ann ar a dtugtar aicmí ÁSPC. Má tá tú fostaithe, beidh eolas ar do dhuillín pá maidir le haicme na ranníocaíochta ÁSPC atá á híoc agat. Is Aicme A atá luaite le formhór na bhfostaithe.

Má tá tú féinfhostaithe agus má tá níos mó ná €5,000 á thuilleamh agat sa bhliain, agus má thagann an t-aon fhoinse ioncaim atá agat ó fhéinfhostaíocht, íocfaidh tú ranníocaíocht ÁSPC, Aicme S.

Tá tuilleadh eolais maidir le ÁSPC le fáil i **Cuid 8: Tuilleadh eolais**. Léigh an t-eolas ansin, de bhrí go mb'fhéidir go gcabhródh sé leat aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat faoi d'incháilitheacht le haghaidh tacaíochtaí coimirce sóisialaí a fhreagairt.

Féadfaidh tú cóip de do thaifead árachais shóisialaigh a lorg:

- ar líne ag **MyWelfare.ie**; nó
- trí ghlaoch ar an uimhir **(01) 471 5898**.

# Tástáil acmhainne

B'fhéidir go mbeadh eolas maidir le tástáil acmhainne ag teastáil uait, de bhrí go bhfuil tástáil acmhainne luaite le cuid dár scéimeanna. Is éard atá i gceist le tástáil acmhainne scrúdú a dhéanamh ar do staid airgeadais lena fháil amach an bhfuil tú cáilithe chun tacaíochtaí a fháil. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh i dtástáil acmhainne:

- d'ioncam;
- luach na maoine atá faoi d'úinéireacht, seachas do theach;
- aon choigilteas atá agat; agus
- aon ioncam atá ag do chéile nó páirtí.

Úsáidtear tástáil acmhainne chun a fháil amach an bhfuil tú cáilithe le haghaidh íocaíochta, agus má tá, cé mhéad a bheidh i gceist leis an íocaíocht sin. Ní chuirtear d'ioncam agus coigilteas ar fad san áireamh sa tástáil acmhainne – fiú amháin má tá coigilteas agat, b'fhéidir go bhfaighfeá íocaíochtaí agus tacaíochtaí fós.

# Cuntas MyWelfare a oscailt agus cuntas MyGovID a fháil

Is ar **MyWelfare** atá seirbhísí leasa ar fáil ar líne. Soláthraíonn sé rochtain éasca ar líne ar sheirbhísí éagsúla – idir coinní a dhéanamh agus iarratas a dhéanamh ar shochair áirithe agus sonraí a nuashonrú agus ráitis a ordú. Tá sé sábháilte, slán, agus inrochtana an t-am ar fad, áit ar bith, agus ar gach gléas. Níl ag teastáil uait ach seoladh ríomhphoist, Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) agus sonraí cuntais bainc chun na seirbhísí seo a úsáid. Beidh ort cuntas bunúsach **MyGovID** a bhunú ach tá an próiseas simplí agus éasca.

Is cuntas singil é **MyGovID** a sholáthraíonn rochtain shábháilte, ar líne duit ar raon seirbhísí rialtais lena n-áirítear **MyWelfare**. Ciallaíonn sé seo nach gá duit ach clárú uair amháin agus smaoineamh ar phasfhocal amháin le haghaidh gach seirbhís rialtais ar líne.

Chun cuntas bunúsach a chruthú, teastaíonn seoladh ríomhphoist agus ní thógann sé ach cúpla nóiméad. Seo a leanas na céimeanna:

- tabhair cuairt ar **www.MyWelfare.ie**;
- cliceáil Logáil Isteach le **MyGovID**;
- cliceáil Cruthaigh Cuntas; agus
- iontráil do chuid sonraí agus cliceáil Cruthaigh Cuntas.

Ceadaíonn an cuntas bunúsach seo duit roinnt seirbhísí – ach ní gach seirbhís – **MyWelfare** a rochtain. Is smaoineamh maith é cuntas fíoraithe a chruthú má tá cuntas bunúsach agat cheana féin.

Is féidir leat an méid seo a leanas a dhéanamh le cuntas fíoraithe:

- do chuid faisnéise ar fad a rochtain;
- amharc ar shonraí d'éilimh agus iad a nuashonrú;
- do mhodh íocaíochta a athrú, ó oifig poist go dtí cuntas bainc mar shampla;
- stádas d'éilimh a rianú;
- amharc ar shonraí aon íocaíochtaí atá faighte agat le dhá bhliain anuas; agus
- seirbhísí uile ar líne **MyWelfare** a rochtain.

Chun cuntas fíoraithe **MyGovID** a uasghrádú, teastóidh Cárta Seirbhísí Poiblí agus fón póca uait. Chun d'fhón póca a fhíorú, caithfidh tú d'uimhir a chur ar fáil don roinn, a dheimhníonn (nó a fhíoraíonn) gur leatsa an cuntas trí PIN (cód) speisialta a sheoladh chuig d'fhón. Ní féidir leat an cuntas seo a rochtain gan an PIN seo.

Nuair a bhíonn cuntas fíoraithe **MyGovID** á chruthú ar líne, beidh a fhios againn má tá uimhir theileafóin fíoraithe againn duit cheana féin. Mura bhfuil, tabharfar cúpla rogha duit maidir le conas an chéim seo a chur i gcrích.

Má tá d'uimhir fóin phóca **fíoraithe** agat, is féidir leat an méid seo a leanas a dhéanamh:

- logáil isteach i do chuntas MyGovID;
- cliceáil ar an gcnaipe Fíoraigh Mo Chuntas;
- iontráil d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) agus sonraí ó do Chárta Seirbhísí Poiblí; agus
- iontráil an PIN slándála aonúsáide a seolfar i dtéacs chuig d'fhón. Soláthraíonn sé seo ciseal breise slándála le haghaidh do chuntais.

Mura bhfuil d'uimhir fóin phóca **fíoraithe** agat, is féidir leat an méid seo a leanas a dhéanamh:

- logáil isteach i do chuntas MyGovID;
- cliceáil ar an gcnaipe Fíoraigh Mo Chuntas;
- iontráil d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) agus sonraí ó do Chárta Seirbhísí Poiblí; agus
- lean na céimeanna ar an scáileán chun d'uimhir fóin phóca a fhíorú.

Nuair a bheidh uimhir fóin phóca fíoraithe agat agus nuair atá do chuntas uasghrádaithe agat chuig cuntas fíoraithe **MyGovID**, is féidir leat an raon iomlán seirbhísí leasa ar líne a rochtain. Áirítear anseo iarratais a dhéanamh ar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim ag **www.MyWelfare.ie**

# Cuid 1: Buntáistí do dhaoine atá ag obair

Tá eolas maidir leis an méid seo a leanas le fáil sa chuid seo den treoir:

- Sochar Breoiteachta
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta
- Sochair Chóireála.

Chomh maith leis sin, tá eolas ann maidir le conas cáiliú agus iarratas a dhéanamh ar na sochair, agus a rátaí íocaíochta.

## Sochar Breoiteachta

Is scéim é Sochar Breoiteachta chun tacú leat mura féidir leat a bheith ag obair sa ghearrthéarma de bhrí go bhfuil tú tinn nó breoite.

Is féidir leat rogha a dhéanamh do Shochar Breoiteachta a íoc isteach i do chuntas bainc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa nó é a íoc ó d'oifig an phoist áitiúil. In imthosca áirithe, is féidir leat íocaíocht a fháil i bhfoirm seic.

Faigheann daoine an sochar seo ar leithligh ó bheartas a bhfostóra maidir le híocaíocht le haghaidh saoire bhreoiteachta. Is cuma cé acu an bhfuil nó nach bhfuil d'fhostóir do d'íoc fad is atá tú as láthair ón obair mar gheall ar bhreoiteacht, b'fhéidir go mbeifeá fós incháilithe le haghaidh Sochar Breoiteachta. Íocann fostóirí áirithe cuid de thuarastal duine agus bíonn siad ag súil go n-éileoidh an fostaí sochar breoiteachta. Íocann fostóirí eile tuarastal iomlán an duine – sa chás seo, is féidir le fostóirí ceist a chur ar an bhfostaí íocaíocht an tsochair breoiteachta a shainordú dóibh – ciallaíonn sé seo go n-íocann an roinn an sochar breoiteachta isteach i gcuntas bainc an fhostóra.

Is féidir le d'fhostóir eolas a roinnt leat maidir lena b(h)eartas i ndáil le pá breoiteachta ionas gur féidir leat féin na socruithe cuí a dhéanamh an íocaíocht a dhéanamh le d'fhostóir nó leat féin.

## Déan iarratas ar an sochar laistigh de shé seachtaine

**Ní mór duit** Sochar Breoiteachta a éileamh **laistigh de shé seachtaine** i ndiaidh duit éirí breoite. D'fhéadfadh go mbeadh moill níos mó ná sé seachtaine mar bhonn le cuid de d'íocaíocht coimirce sóisialaí a fháil.

Má tá d'ioncam ró-íseal chun freastal ar do chuid riachtanas fad is atá tú ag fanacht ar chinneadh maidir le d'éileamh ar Shochar Breoiteachta, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Liúntas Leasa Forlíontach (SWA), íocaíocht atá bunaithe ar thástáil acmhainne. Is íocaíocht sheachtainiúil é an liúntas seo do dhaoine nach bhfuil dóthain ioncaim acu chun freastal ar a riachtanais bhunúsacha agus ar riachtanais a gcéile nó páirtí agus leanaí.

## Conas a cháilím le haghaidh Sochar Breoiteachta?

Chun cáiliú don Sochar Breoiteachta, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- an coinníoll aoise;
- coinníollacha ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC); agus
- coinníollacha eile.

Tá na coinníollacha sin mínithe thíos:

### An coinníoll aoise

Ní mór go mbeifeá faoin aois inphinsin, 66 bliain d'aois i láthair na huaire.

### Coinníollacha ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

Ní mór go mbeadh 104 ranníocaíocht aicme A, E, H nó P Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) íoctha agat ó thosaigh tú ag obair. Chomh maith leis sin, ní mór duit (a) nó (b) nó (c) sa tábla seo a leanas a chomhlíonadh.

| Ní mór duit ceann de na coinníollacha ÁSPC seo a chomhlíonadh, a), b) nó c) |
| --- |
| **a)** Má dhéanann tú iarratas ar Shochar Breoiteacha in 2021, beidh 39 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC ag aicme A, E, H nó P ÁSPC íoctha in 2019 ag teastáil uait. Tá an íocaíocht seo bunaithe ar ranníocaíochtaí a rinneadh dhá bhliain ó shin (2019) – an bhliain ranníocaíochta rialaithe a thugtar air seo. |
| **b)** Má dhéanann tú iarratas ar Shochar Breoiteachta in 2021, is é 2019 an bhliain ranníocaíochta rialaithe. Ní mór go mbeadh 39 ranníocaíocht ÁSPC ag Aicme A, E, H nó P íoctha agat. Is féidir leat ranníocaíochtaí íoctha agus creidiúnaithe a chur san áireamh ach ní mór gur ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha iad na 13 ranníocaíocht ar a laghad.<br><br>Má tá 39 ranníocaíocht chreidiúnaithe agat in 2019 ach mura bhfuil an 13 ranníocaíocht ÁSPC riachtanach íoctha agat ag aicmí A, E, H nó P, b'fhéidir go mbeadh tú cáilithe. B'fhéidir go mbeadh tú cáilithe má tá 13 ranníocaíocht ÁSPC íoctha agat in aon cheann de na blianta seo a leanas - 2017, 2018, 2020 nó 2021. |
| **c)** Má dhéanann tú iarratas ar Shochar Breoiteachta in 2021 agus má tá 26 ranníocaíocht ÁSPC íoctha agat ag aicmí ÁSPC A, E, H nó P ón mbliain ranníocaíochta rialaithe 2019 **agus**<br><br>26 ranníocaíocht ÁSPC ag aicmí A, E, H nó P ón mbliain roimh 2018 (2017), gach seans go mbeidh tú cáilithe le haghaidh Sochar Breoiteachta. |

**Tabhair faoi deara:** Ón 1 Márta 2021, cuireadh tús le híoc Sochar Breoiteachta ón gceathrú lá den tinneas seachas an Domhnach.

### Coinníollacha eile

Chomh maith leis sin, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir chun na nithe seo a leanas a fháil:

- foirm iarratais do **Shochar Breoiteachta (IB1)** agus teastas um éagumas chun oibre, nó
- teastas leanúnach um éagumas chun oibre, 'teastas breoiteachta'.

Is féidir le do dhochtúir na teastais seo a chomhlánú ar líne nó iad a sheoladh chugainn tríd an bpost. Má tá na teastais á seoladh tríd an bpost, gheobhaidh tú an seoladh ag deireadh na rannóige seo.

Nuair atá tú réidh le filleadh ar an obair, ní gá ach scéala a chur chugainn. Is féidir leat é sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

- iarr ar do dhochtúir a léiriú ar do theastas gurb é sin an teastas deiridh;
- glaoigh orainn ag an uimhir **(01) 704 3300**;
- seol ríomhphost chugainn ag an seoladh **closemyibclaim@welfare.ie**; nó
- seol nóta i scríbhinn chuig an seoladh ag deireadh na rannóige seo.

## Cén ráta atá luaite leis an Sochar Breoiteachta?

Tá an Sochar Breoiteachta á íoc ag **ceithre ráta dhifriúla**. Oibrímid amach an ráta a íoctar bunaithe ar do mheántuilleamh seachtainiúil sa bhliain ranníocaíochta rialaithe (dhá bhliain ó shin).

Oibrímid amach do mheántuilleamh seachtainiúil trí do thuilleamh iomlán a roinnt, sa bhliain ranníocaíochta rialaithe, roimh cháin agus roinnt asbhaintí eile, ar an líon seachtainí a d'oibrigh tú.

Má tá céile nó páirtí agat a bhfuil a (h)ioncam faoi bhun leibhéal áirithe, b'fhéidir go bhféadfaí glacadh leo mar aosach cáilithe. I gcás mar sin, b'fhéidir go bhfaighfeá liúntas íocaíochta ardaithe lena n-aghaidh.

Ní íocaimid don **chéad trí lá den bhreoiteacht**, agus ní íocaimid as aon Domhnach i rith do bhreoiteachta. Suas go dtí deireadh mhí Feabhra 2021, ní raibh aon íocaíocht á déanamh againn don chéad sé lá den bhreoiteacht.

## Conas a ríomhtar do mheántuilleamh seachtainiúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le do ráta Sochair Breoiteachta:

- Tuilleamh curtha san áireamh sa bhliain rialaithe = €16,800.
- An líon seachtainí oibrithe = 35 seachtain.
- Meántuilleamh seachtainiúil = €480 (€16,800 roinnte ar 35).

Más rud é gur oibrigh duine seachtain amháin sa bhliain sin agus gur thuill sé/sí €232.36 le haghaidh na seachtaine sin, bheadh an tuilleamh seachtainiúil a gcuirfí san áireamh cothrom le €232.36.

| Rátaí seachtainiúla an tSochair Breoiteachta | | |
|---|---|---|
| **Do mheán-olltuilleamh seachtainiúil**<br>Tuilleamh seachtainiúil **roimh** aon cháin, ÁSPC nó asbhaintí eile a dhéanamh. | **Ráta pearsanta**<br>Tá ceithre ráta dhifriúla íocaíochta ann. | **Ráta d'aosach cáilithe**<br>Má tá d'ioncam féin nó ioncam páirtí faoi bhun leibhéal áirithe (ollioncam €310 faoi láthair), b'fhéidir go bhfaighfeá an t-ardú seo a leanas ar d'íocaíocht lena n-aghaidh. |
| €300 nó níos mó | €208.00 | €138.00 |
| €220 - €299.99 | €162.90 | €89.30 |
| €150 - €219.99 | €134.20 | €89.30 |
| Níos lú ná €150 | €93.30 | €89.30 |

Trí úsáid a bhaint as an sampla thuas, dá mbeadh do mheántuilleamh seachtainiúil in 2021 cothrom le €480, ansin gheofá Sochar Breoiteachta luach €203. Chomh maith leis sin, b'fhéidir go bhfaighfeá ardú €134.70 dá mbeadh d'ioncam féin nó ioncam do chéile nó páirtí faoi bhun leibhéal áirithe.

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## Déan iarratas ar an sochar laistigh de shé seachtaine

Ní mór duit iarratas a dhéanamh ar Shochar Breoiteachta laistigh de shé seachtaine i ndiaidh duit éirí breoite. D'fhéadfadh go mbeadh moill níos mó ná sé seachtaine mar bhonn le cuid de d'íocaíocht a chailleadh.

Má tá cúis mhaith leis an moill ar iarratas a dhéanamh ar shochar, má bhí tú san ospidéal mar shampla, d'fhéadfaimis d'íocaíocht a shiardhátú le haghaidh suas le sé mhí. Ar an drochuair, ní féidir linn é seo a dhéanamh ach in imthosca teoranta.

Más mian leat éileamh siardhátaithe a dhéanamh ar Shochar Breoiteachta, ní mór duit cuid 3 den fhoirm éilimh **Sochar Breoiteachta (IB1)** a chomhlánú.

Má tá aon deacrachtaí acu na foirmeacha a chomhlánú, beidh comhaltaí foirne i d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil sásta cabhrú leat.

## Cén fhad a bheidh teastas agam ag cur in iúl go bhfuil tú neamhinniúil chun oibre?

Braitheann sé. D'fhéadfadh do dhochtúir teaghlaigh teastas amháin a thabhairt duit chun an tréimhse iomlán neamhláithreachta ón obair a bhfuiltear ag súil léi a chlúdach, le haghaidh suas go dtí 26 seachtain (sé mhí). 'Teastasú dúnta' a thugtar air seo go minic. Teastaíonn tuilleadh teastas uait má bhíonn tú as láthair le haghaidh níos faide ná sé mhí.

## Sochar Breoiteachta Feabhsaithe

Tá íocaíocht Sochar Breoiteachta Feabhsaithe ar fáil ar bhonn sealadach le haghaidh daoine a dhiagnóisítear le Covid-19 nó a bhfuil baol ann go bhfuil Covid-19 orthu. Tá coinníollacha incháilitheachta difriúla agus ráta íocaíochta difriúil sonraithe.

Tá na mionsonraí ar fad ar fáil ar líne ag **www.gov.ie/enhancedIB** nó ó d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

## An féidir liom a bheith ag obair fad is atá Sochar Breoiteachta á fháil agam?

Ní féidir, níl tú i dteideal a bheith ag obair fad is atá Sochar Breoiteachta á fháil agat. Féadfaidh tú obair éadrom neamhíoctha a dhéanamh; obair atá á déanamh mar chuid de chóir leighis sa chás nach bhfuil an tuilleamh cothrom le níos mó ná €50 sa tseachtain; nó obair a dhéanamh do charthanas sa chás nach bhfuil an tuilleamh cothrom le níos mó ná €50 sa tseachtain.

Má bhí Sochar Breoiteachta á fháil agat le haghaidh sé mhí nó níos mó, agus más mian leat a bheith ag obair, is féidir leat iarratas a dhéanamh aistriú chuig Sochar Páirtchumais. Féach Cuid 4: Tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo a bheith ag obair le haghaidh tuilleadh eolais.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Shochar Breoiteachta?

Beidh dhá rud ag teastáil uait:

- foirm páipéir chomhlánaithe **Sochar Breoiteachta (IB1)**; agus
- teastas míochaine ó do dhochtúir – teastas páipéir nó teastas ar líne.

Is féidir le do dhochtúir an méid seo a leanas a dhéanamh:

- teastas míochaine páipéir a thabhairt duit ar féidir leat é a sheoladh tríd an bpost chuig an roinn le d'fhoirm éilimh chomhlánaithe; **nó**
- an teastas míochaine a sheoladh go díreach chuig an roinn go leictreonach. Comhlánaíonn go leor dochtúirí teastas leictreonach anois.

Má tá tú nó má bhí tú i d'othar cónaitheach in ospidéal, ba cheart duit féin nó do bhall teaghlaigh litir a lorg ó dhochtúir ospidéil ón ospidéal maidir le do bhreoiteacht. Tabhair an litir seo chomh fada le do dhochtúir teaghlaigh ar do chéad chuairt chun Sochar Breoiteachta a éileamh.

Seol d'fhoirm éilimh chomhlánaithe **Sochar Breoiteachta (IB1)** agus do theastas míochaine (murar sheol do dhochtúir teastas leictreonach chuig an roinn) chuig:

**Saorphost**
**An Rannóg Sochair Breoiteachta**
**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Bosca PO 1650**
**Baile Átha Cliath 1**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir leis an Sochar Breoiteachta uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/IB |
| **Ríomhphost:** | illnessbenefit@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (01) 704 3300 |

## Sochar Sláinte agus Sábháilteachta

Is íocaíocht sheachtainiúil é an Sochar Sláinte agus Sábháilteachta a íoctar le mná fostaithe atá:

- ag súil le páiste nó ag beathú linbh leis an gcíoch;
- ar saoire sláinte agus sábháilteachta atá ceadaithe ag a bhfostóir; agus
- clúdaithe ag Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC).

Ceadaítear saoire sláinte agus sábháilteachta duit mura féidir le d'fhostóir an méid seo a leanas a dhéanamh:

- déileáil le riosca do do shláinte fad is atá tú ag súil le páiste nó ag beathú linbh leis an gcíoch; nó
- dualgais dhifriúla atá saor ó riosca a shannadh duit.

I rith na saoire sláinte agus sábháilteachta, glactar leis go bhfuil tú fós fostaithe. Ciallaíonn sé seo, mar shampla, go leanann tú ar aghaidh le saoire bhliantúil a charnadh. Ach **níl** tú i dteideal íocaíocht a fháil le haghaidh laethanta saoire poiblí.

Má tá íocaíochtaí coimirce sóisialaí áirithe eile á bhfáil acu cosúil leis an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora b'fhéidir go bhfaighfeá Sochar Sláinte agus Sábháilteachta leathráta.

## Conas a cháilím le haghaidh Sochar Sláinte agus Sábháilteachta?

Chun cáiliú, ní mór go mbeadh cead agat saoire sláinte agus sábháilteachta a ghlacadh faoi Alt 18 d'Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994. Chomh maith leis sin, ní mór go mbeadh na ranníocaíochtaí cearta Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agat, **agus** ní mór duit ceann de na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

- is fostaí thú atá ag súil le páiste atá ag déileáil le rioscaí áirithe san áit oibre nó a d'fhéadfadh a bheith ag obair i rith na hoíche; nó

- is fostaí thú a raibh páiste agat le 14 sheachtain anuas agus a bhíonn ag obair i rith na hoíche; nó
- tá tú ag beathú linbh leis an gcíoch suas go dtí 26 seachtain i ndiaidh na breithe agus tá tú ag déileáil le rioscaí áirithe san ionad oibre. Tá eolas maidir leis na rioscaí atá i gceist le fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

## Cén ráta atá luaite leis an Sochar Sláinte agus Sábháilteachta?

Is é an ráta caighdeánach atá luaite leis an Sochar Sláinte agus Sábháilteachta €203 sa tseachtain, **ach** braitheann an ráta seachtainiúil a fhaigheann tú ar an méid a thuill tú sa bhliain ranníocaíochta rialaithe. Chomh maith leis sin, má tá íocaíochtaí coimirce sóisialaí áirithe eile á bhfáil agat, b'fhéidir go bhfaighfeá ráta laghdaithe.

Chun cáiliú don ráta caighdeánach, ní mór go mbeadh do mheántuilleamh cothrom le €300 nó níos mó sa tseachtain.

Má thuilleann tú níos lú ná €300 sa tseachtain, gheobhaidh tú ráta laghdaithe.

Nuair a théann tú ar saoire sláinte agus sábháilteachta, ní mór do d'fhostóir do ghnáth-thuarastal a íoc le haghaidh na dtrí seachtaine tosaigh, is é sin 21 lá de do shaoire, íocann an roinn do Shochar Sláinte agus Sábháilteachta ina dhiaidh sin.
D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## Cén fhad a íoctar an Sochar Sláinte agus Sábháilteachta?

Íoctar do Shochar Sláinte agus Sábháilteachta go dtí:

- an lá a bhfuil tú i dteideal Sochar Máithreachais a fháil, má tá tú ag súil le páiste;
- 14 seachtaine ón dáta a raibh páiste agat más fostaí thú a bhíonn ag obair i rith na hoíche; nó
- 26 seachtain ón dáta a raibh páiste agat, má tá tú ag beathú linbh leis an gcíoch.

Tagann deireadh le do shochar sláinte agus sábháilteachta sna cásanna seo a leanas:

- níl aon riosca ag baint le bheith san ionad oibre níos mó;
- tá an fostóir i ndiaidh an riosca a bhaint nó obair eile atá saor ó riosca a chur ar fáil duit; **nó**
- tá conradh ar théarma seasta agat agus tagann deireadh leis an gconradh sin.

## Conas a íocfar an Sochar Sláinte agus Sábháilteachta?

Íoctar an Sochar Sláinte agus Sábháilteachta go díreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis i d'institiúid airgeadais.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Shochar Sláinte agus Sábháilteachta?

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar Shochar Sláinte agus Sábháilteachta a luaithe a bheidh do shaoire sláinte agus sábháilteachta ceadaithe ag d'fhostóir.

Má tá aon deacracht agat teagmháil a dhéanamh le d'fhostóir chun a (h)ainm a chur le do shaoire sláinte agus sábháilteachta, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre trí ghlaoch ar an uimhir **(059) 917 8990** nó cuairt a thabhairt ar **www.workplacerelations.ie**

Chun iarratas a dhéanamh, líon isteach an fhoirm iarratais don **Sochar Sláinte agus Sábháilteachta (HSB1)**. Chun cóip d'fhoirm iarratais HSB1 a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/HSB**

Chomh maith leis sin, is féidir leat an fhoirm iarratais **HSB1** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **HSB1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg an tSochair Sláinte agus Sábháilteachta**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Bóthar McCarter**
**Bun Cranncha**
**Dún na nGall**
**F93 CH79**

| **Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir leis an Sochar Sláinte agus Sábháilteachta** | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/hsb |
| **Ríomhphost:** | HandSBenefit@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (01) 471 5898 |

# Sochar Cóireála

Soláthraíonn an scéim Sochair Chóireála seirbhísí fiaclóireachta, optúla agus cluas (fiacla, súile agus cluasa) d'oibrithe árachaithe, daoine féinfhostaithe, agus daoine atá ar scor a bhfuil an líon riachtanach ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) acu agus ag a c(h)éile nó páirtí cleithiúnach.

Faoin scéim Sochair Chóireála, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh:

- Sochar Fiaclóireachta;
- Sochar Optúil; agus
- Sochar le haghaidh Fearas Leighis: deontas le híoc as an gcostas a bhaineann le háiseanna éisteachta, lionsaí tadhaill a theastaíonn chun críche leighis, nó bréagfhoilt agus córais athsholáthair gruaige neamh-mháinliachta ón 28 Bealtaine 2022.

## An bhfuil mé cáilithe le haghaidh Sochar Cóireála?

Is féidir leat d'incháilitheacht le haghaidh aon cheann de na sochair atá ar fáil a sheiceáil le do sholáthraí cóireála (d'fhiaclóir, mar shampla) nó ar líne ag **MyGovID**. Tá eolas maidir le conas MyGovID a chruthú le fáil ar **leathanach 9** den leabhrán.

Má iarrann tú ar do sholáthraí cóireála iad a sheiceáil duit (rud ar féidir leo a dhéanamh go héasca ar líne), beidh ort Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) a insint dó/di. Mura bhfuil soláthraí cóireála agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le soláthraithe i do cheantar – tá sonraí a bhformhór le fáil ar phainéal soláthraithe na roinne. Ba cheart duit a iarraidh ar an soláthraí a sheiceáil cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil tú cáilithe don Sochar Cóireála sula bhfaigheann tú aon chóireáil.

Sula bhfaigheann tú cóireáil, beidh ort **Foirm Thoilithe** a shíniú a thugann le fios go gcomhaontaíonn tú do d'fhaisnéis a bheith ag do sholáthraí, agus go dtoilíonn tú an fhaisnéis seo a chur ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí. Teastaíonn sé seo chun d'incháilitheacht a dheimhniú agus chun d'éileamh a íoc.

## Conas a cháilím le haghaidh scéim an tSochair Chóireála?

Chun cáiliú, ní mór go mbeadh ranníocaíochtaí aicme **A, E, P, H nó S** Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) íoctha agat.

Braitheann méid na ranníocaíochtaí ÁSPC nach mór a bheith déanta agat ar **d'aois**. Tá ceithre aoisraon liostaithe thíos. Aimsigh d'aoisraon agus léigh an fhaisnéis ábhartha.

### Faoi 21 bliain d'aois

Má tá tú faoi 21 bliain d'aois, b'fhéidir go mbeadh tú cáilithe má tá 39 ranníocaíocht ar a laghad íoctha agat ag am ar bith.

### Idir 21 agus 24 bliain d'aois

Má tá tú idir 21 agus 24 bliain d'aois, b'fhéidir go mbeadh tú cáilithe má tá 39 ranníocaíocht ar a laghad íoctha **agat** agus má tá:

- ar a laghad 39 ranníocaíocht íoctha nó creidiúnaithe agat sa bhliain ranníocaíochta rialaithe. Sampla: is é 2019 an bhliain ranníocaíochta rialaithe le haghaidh éileamh a rinneadh in 2021; nó
- tá 26 ranníocaíocht íoctha sa dara agus sa tríú bliain deiridh ranníocaíochta. Sampla: maidir le héilimh a rinneadh in 2021, is é 2019 an dara bliain deiridh ranníocaíochta agus is é 2018 an tríú bliain deiridh ranníocaíochta.

**Tabhair faoi deara:** tá síneadh á chur leis na coinníollacha seo agus tá daoine óga idir 25–28 bliain d'aois á gcur san áireamh ón 28 Bealtaine 2022.

### Idir 25 agus 65 bliain d'aois

Maidir le daoine atá 25 bliain d'aois agus níos sine, ní mór go mbeadh ceann amháin de na ceanglais seo ar a laghad á gcomhlíonadh agat:

- 260 ranníocaíocht íoctha; agus

- 39 ranníocaíocht íoctha nó chreidiúnaithe sa bhliain ranníocaíochta rialaithe. Sampla: is é 2019 an bhliain ranníocaíochta rialaithe le haghaidh éileamh a rinneadh in 2021; nó
- tá 26 ranníocaíocht íoctha sa dara agus sa tríú bliain deiridh ranníocaíochta. Maidir le héilimh a rinneadh in 2021, is é 2019 an dara bliain deiridh ranníocaíochta agus is é 2018 an tríú bliain deiridh ranníocaíochta.

Má cháilíonn tú don sochar idir 60 agus 65 bliain d'aois, is féidir leat an teidlíocht sin a choimeád i gcaitheamh do shaoil.

**Tabhair faoi deara:** ní bheidh an oiread céanna ranníocaíochtaí ag teastáil ó dhaoine óga atá idir 25–28 bliain d'aois ón 28 Bealtaine 2022.

### 66 bliain d'aois agus níos sine

Tá rialacha speisialta sonraithe le haghaidh daoine atá 66 bliain d'aois agus níos sine, agus tá eisceachtaí ann. Chun cáiliú don Sochar Cóireála, ní mór go mbeadh **ceann** amháin den dá staid seo a leanas á gcomhlíonadh agat:

## Staid 1:

Tá 260 ranníocaíocht Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) íoctha agat am ar bith, agus 39 ranníocaíocht íoctha nó chreidiúnaithe sa bhliain ranníocaíochta rialaithe nó sa bhliain díreach roimhe. Is éard atá i gceist leis an mbliain ranníocaíochta rialaithe an dara bliain deiridh críochnaithe sula slánaíonn tú 66 bliain d'aois.

Sampla 1: Má bhí tú 66 bliain d'aois in 2020, is é 2018 an bhliain ranníocaíochta rialaithe.

Sampla 2: Má bhí tú 66 bliain d'aois in 2021, is é 2019 an bhliain ranníocaíochta rialaithe.

**Nó**

### Staid 2:

Tá 260 ranníocaíocht Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) íoctha agat am ar bith, agus 26 ranníocaíocht íoctha nó chreidiúnaithe sa bhliain ranníocaíochta rialaithe nó sa bhliain díreach roimhe.

**Mura** gcáilíonn tú le haghaidh Sochar Cóireála ar do thaifead Éireannach ÁSPC agus má bhí fostaíocht inárachaithe agat roimhe seo i dtír atá clúdaithe ag Rialacháin an AE, b'fhéidir go mbeadh rogha agat. **B'fhéidir** go mbeifeá in ann do thaifead árachais shóisialaigh a úsáid ón tír AE eile chun cabhrú leat cáiliú ach **ní mór go mbeadh** ranníocaíocht ÁSPC amháin ar a laghad ó aicme A, E, H, P nó S íoctha agat ó d'fhill tú ar Éirinn.

Má chomhlíonann tú na coinníollacha seo nuair a shroicheann tú aois inphinsin, beidh tú cáilithe ar feadh do shaoil.

D'fhéadfaí ranníocaíochtaí creidiúnaithe a chomhaireamh i ndáil leis an Sochar Cóireála. Má chuaigh tú **ar scor ar fhorais drochshláinte nó má bhreithnítear go bhfuil tú dífhostaithe**, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Shochar Breoiteachta nó Sochar Cuardaitheora Poist, má chomhlíonann tú coinníollacha áirithe. Má cháilíonn tú le haghaidh na sochar seo, d'fhéadfaí ranníocaíochtaí creidiúnaithe a bhronnadh ort freisin, a d'fhéadfaí a bhreithniú chun síneadh a chur leis an gclúdach don Sochar Cóireála.

## An mbeidh mo chéile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir cáilithe?

D'fhéadfadh céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir a bheith cáilithe don Sochar Cóireála as a gceart féin má tá dóthain ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) acu. Mura bhfuil, áfach, **d'fhéadfaidís a bheith cáilithe fós** don Sochar Cóireála bunaithe ar do thaifead árachais shóisialta.

Chun é seo a dhéanamh, ní mór duit cáiliú don Sochar Cóireála agus ní mór go mbeadh do chéile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir cleithiúnach ort.

Ní mór go mbeadh céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir cleithiúnach in ann fianaise ar an méid seo a leanas a sholáthar:

- ollioncam, roimh asbhaintí, de €100 nó níos lú sa tseachtain. Má tá níos mó ná €100 á thuilleamh acu sa tseachtain, ní mór go mbeidís cleithiúnach ort roimh thús a chur le fostaíocht inárachaithe agus roimh thús a chur an athuair le fostaíocht inárachaithe ag aicme A, E, H, P nó S; agus
- níor cheart go mbeadh íocaíocht coimirce sóisialaí á fáil aige/aici, seachas Pinsean Míthreorach, Liúntas Leasa Forlíontach, Sochar Cúramóra nó Sochar Linbh.

Má tá Liúntas Cúramóra nó Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach) á fháil acu, d'fhéadfaidís cáiliú má bhí siad cleithiúnach ort díreach sula bhfuair sé nó sí an liúntas nó pinsean.

Má chailltear duine árachaithe agus má bhí an céile nó páirtí sibhialta cleithiúnach i dteideal sochair ag am an bháis, coimeádann sé/sí a t(h)eidlíocht fad is atá sé/sí fós ina baintreach nó ina bhaintreach fir nó ina páirtí sibhialta marthanach.

## Sochar Fiaclóireachta

Faoin scéim seo, íocann an roinn costas iomlán scrúdú béil uair sa bhliain. Soláthraímid íocaíocht de €42 le haghaidh **ceachtar acu seo a leanas:**

- scim agus snas; nó
- cóireáil phearódóntach (galar drandail) má tá riachtanas cliniciúil leis. Tá cóireáil phearódóntach ar fáil freisin uair gach bliain féilire.

### Má chosnaíonn sé níos mó ná €42

Má chosnaíonn an glantachán nó an chóireáil phearódóntach níos mó ná €42, ní mór duit féin an chuid eile a íoc. Tá sé seo caidhpeáilte ag €15 le haghaidh scim agus snas. Níl aon chaidhpeáil luaite leis an iarmhéid a ghearrtar le haghaidh cóireáil phearódóntach. Ba cheart duit labhairt le d'fhiaclóir ar dtús maidir leis an gcostas sula leanann tú ar aghaidh le cóireáil. Is féidir leat na cóireálacha seo a fháil ó fhiaclóirí príobháideacha atá ainmnithe ar phainéal na roinne.

### Más céile nó páirtí sibhialta cleithiúnach thú

Más céile nó páirtí sibhialta cleithiúnach thú, ba cheart duit Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) an duine árachaithe a shonrú. Ní mór dóibh an fhoirm seiceála incháilitheachta a shíniú freisin.

### Faoiseamh cánach

B'fhéidir go bhfaighfeá faoiseamh cánach ar chóireálacha fiaclóireachta neamhghnáthaimh áirithe cosúil le corónacha nó athsholáthar bairr.

## Sochar Optúil

Ciallaíonn an scéim Sochair Chóireála go bhfuil tú i dteideal **tástáil súl saor in aisce** amháin gach dara bliain féilire. Ní clúdaítear tástálacha radhairc le haghaidh ceadúnas tiomána ná aonad fístaispeána cosúil le scáileáin ríomhaire.

Uair gach dhá bhliain, is féidir leat íocaíocht a fháil a chabhróidh le ceann amháin acu seo a leanas:

- péire amháin de spéaclaí léitheoireachta agus spéaclaí fadradhairc; nó
- péire amháin dé lionsaí nó lionsaí céimnitheacha; nó
- péire amháin de lionsaí tadhaill, lena n-áirítear lionsaí aon uaire.

Tá frámaí bunúsacha le fáil saor in aisce. Má roghnaíonn tú frámaí níos costasaí, íocfaidh an roinn €42.37 chun cabhrú leis an gcostas iomlán agus íocfaidh tusa an t-iarmhéid. Má theastaíonn spéaclaí léitheoireachta agus fadradhairc uait, is féidir leat deontas a fháil le haghaidh an dá chineál spéaclaí, rud a chiallaíonn go gcuirfidh an roinn €84.19 ar fáil duit.

Ní féidir ach le radharceolaithe, optaiméadraithe nó oftailmeolaithe a bhfuil conradh acu leis an roinn an chóireáil a sholáthar. Seiceáil le do sholáthraí.

Is **féidir leat** lionsaí tadhaill a fháil le haghaidh cúiseanna optúla (ceartú radhairc) tríd an scéim Sochair Optúil.

**Ní féidir leat** lionsaí tadhaill a fháil díreach le haghaidh cúiseanna cosmaide tríd an Scéim Sochair Chóireála.

# Sochar Fearas Leighis

## Áiseanna éisteachta

Íocann an scéim Sochair Chóireála an méid seo a leanas:

- an costas iomlán a bhaineann le háis éisteachta suas go dtí uasmhéid €500 (€1,000 le haghaidh péire); agus
- an costas a bhaineann le háiseanna éisteachta a dheisiú suas go dtí €100.

D'fhéadfadh soláthraithe áiseanna éisteachta a sholáthar má tá conradh acu leis an roinn.

Tá deontais iníoctha uair gach ceithre bliana féilire.

### Athsholáthar gruaige neamh-mháinliachta

Tá deontas nua á bhunú i Meitheamh 2022 do dhaoine atá ag fulaingt le cailleadh gruaige mar thoradh díreach ar thinneas nó ar chóireáil le haghaidh tinnis. Beidh an deontas ar fáil uair amháin in aon bhliain féilire.

Íocfaidh an scéim Sochair Chóireála an méid seo a leanas:

- costas iomlán córas athsholáthair gruaige (bréagfholt mar shampla) suas go dtí uasmhéid €500.

### Lionsaí leighis

Má tá riocht sláinte agat a chiallaíonn nach bhfuil sé praiticiúil spéaclaí a chaitheamh nó má theastaíonn lionsaí tadhaill uait chun críche leighis, íocfaidh an roinn deontas suas le €500 le haghaidh costas gach lionsa tadhaill atá ag teastáil chun críche leighis.

## Sochar Cóireála san AE

Má roghnaíonn tú cóireáil a fháil i mballstát AE eile, íocfaimid méid atá comhionann leis an ráta a íoctar le haghaidh cóireálacha cosúla atá curtha i gcrích in Éirinn **nó** an méid iarbhír a íocadh le haghaidh na cóireála, cibé acu suim is ísle. Ní mór fós go mbeadh na ranníocaíochtaí cáilitheacha Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agat.

Déan teagmháil leis an Rannóg Sochair Chóireála sula dtaistealaíonn tú áit éigin chun foirm iarratais a fháil agus chun eolas a fháil maidir leis na méideanna a bheidh á n-íoc againn. Tá mionsonraí le fáil ag deireadh na rannóige seo.

Maidir le cóireáil atá **faighte** agat cheana féin i mballstát AE eile, déan teagmháil leis an Rannóg Sochair Chóireála chun a dheimhniú go bhfuil tú cáilithe. Má tá tú cáilithe, seol do chuid admhálacha chuig an Rannóg Sochair Chóireála i dteannta le litir ar a bhfuil d’fhaisnéis teagmhála agus sonraí do chuntais bainc, ainm an chuntais, uimhir agus cód sórtála, ina ndéanfar an íocaíocht.

### Conas a dhéanaim iarratas ar an scéim Sochair Chóireála?

Déanann tú éileamh trí do sholáthraí – d'fhiaclóir, radharceolaí dáiliúcháin, optaiméadraí, oftailmeolaí nó éisteolaí. Seiceálfaidh siad an bhfuil tú cáilithe sula bhfaigheann tú cóireáil, agus is féidir leo íocaíocht a éileamh ina dhiaidh sin.

Soláthróidh do sholáthraí roinnt eolais chun tú a shainaithint. Beidh an méid seo a leanas ag teastáil:

- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS); agus
- dáta breithe.

Roimh an gcóireáil, beidh ort **Foirm Thoilithe** a shíniú a thugann le fios go gcomhaontaíonn tú don fhaisnéis seo a bheith ag do sholáthraí, agus go dtoilíonn tú an fhaisnéis seo a chur ar fáil dúinn ionas gur féidir linn d'éileamh a íoc.

Má tá éileamh á dhéanamh agat mar chleithiúnach faoi thaifead Árachas Sóisialta  Pá-Choibhneasa (ÁSPC) do chéile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, beidh ort féin agus do chéile nó páirtí an Fhoirm Thoilithe a shíniú.

**Saorphost**
**Rannóg Sochair Chóireála**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Bóthar Oilibhéir Pluincéad Leitir Ceanainn**
**Co. Dhún na nGall**
**F92 T449**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir leis an Sochar Cóireála uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/treatmentbenefit |
| **Ríomhphost:** | treatmentenquiries@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (01) 916 4480 |

# Cuid 2: Sochair le haghaidh daoine a ghortaítear san áit oibre – Sochar Díobhálacha Ceirde

Tá eolas le fáil sa chuid seo faoi na sochair éagsúla atá ar fáil do dhaoine a gortaíodh nó a tholg galar san áit oibre, nó a gortaíodh nuair a bhí siad ag taisteal chuig agus ón áit oibre, agus a bhfuil sochar amháin nó níos mó á fháil acu faoin scéim Sochar Díobhálacha Ceirde. Seo a leanas na príomhíocaíochtaí is féidir a fháil faoin scéim Sochar Díobhálacha Ceirde:

- Sochar Díobhála; agus
- Sochar Míthreorach.

Cuimsítear i measc na sochar breise faoin scéim seo:

- Forlíonadh Éagumais (féach **leathanach 43**);
- Liúntas Síorfhreastail (féach **leathanach 46**);
- Cúram Leighis (féach **leathanach 47**); agus
- Sochar Báis (féach **leathanach 49**):
    - Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh;
    - Pinsean Dílleachta; agus
    - Deontas Sochraide.

# Sochar Díobhála

Áirítear Sochar Díobhála i measc ceann de na sochair atá ar fáil faoin scéim Sochar Díobhálach Ceirde.

## Conas a cháilím le haghaidh Sochar Díobhála?

Chun cáiliú, ní mór go mbeadh tú neamhinniúil chun oibre le haghaidh níos mó ná trí lá, seachas an Domhnach agus i rith saoire le pá. Ní mór go mbeadh tú neamhinniúil chun oibre mar thoradh ar:

- timpiste le linn duit a bheith ag obair;
- timpiste le linn duit a bheith ag taisteal go díreach chuig agus ón obair, gan stopadh ar an mbealach; nó
- galar ceirde a tharla mar thoradh ar do chuid oibre.

Lena chois sin, nuair a tharla an timpiste, nó nuair a tolgadh an galar ceirde, ní mór go mbeifeá fostaithe faoi aon cheann de na conarthaí seirbhísí nó printíseachtaí atá inárachaithe ag aicmí A, D, J nó M de Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC).

Fiú má tá tú **neamhinniúil chun oibre le haghaidh trí lá nó níos lú**, fós féin is féidir leat éileamh a chlárú mar fhianaise gur tharla timpiste cheirde. Cosnaíonn sé seo do chearta amach anseo ar shochair faoin Scéim Sochar Díobhálach Ceirde de bhrí go bhféadfadh tinneas nó díobháil forbairt níos déanaí.

## Cén ráta atá luaite leis an Sochar Díobhála?

| Cineálacha ráta | Rátaí seachtainiúla |
|---|---|
| Ráta pearsanta | €208 |
| Ardú le haghaidh aosach cáilithe | €138 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe faoi 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €40 |
| Leathráta | €20 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe os cionn 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €48 |
| Leathráta | €24 |

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

Má tá Sochar Díobhála á fháil agat, **d'fhéadfá tabhairt** faoi na cineálacha oibre seo a leanas gan cead i scríbhinn a fháil uainn:

- obair éadrom nach bhfuil aon íocaíocht á fáil lena haghaidh, nó nach mbeadh iníoctha de ghnáth;
- obair a dhéantar mar chuid den chóireáil fad is atá an duine san ospidéal nó in institiúid chosúil eile, agus ní sháraíonn an tuilleamh seachtainiúil €50; agus
- obair faoi scéim a mheastar atá carthanach sa chás nach sáraíonn an tuilleamh seachtainiúil €50.

Ar an drochuair, **ní féidir leat páirt a ghlacadh i** gcúrsa oiliúna nó oideachais gan cead i scríbhinn a fháil uainn roimh ré. Chomh maith leis sin, ní mór duit iarratas a chur chuig an rannóg Sochair Díobhála chun an cead seo a fháil. Is féidir le rannpháirtithe chúrsaí oiliúna SOLAS a Sochar Díobhála a choinneáil ach ní féidir leo liúntas oiliúna nó bónas oiliúna a fháil ag an am céanna.

Tá Sochar Díobhála incháinithe, ach ní dócha go mbeidh ort cáin a íoc más é seo an t-aon fhoinse ioncaim atá agat.

## Cén fhad is féidir liom teastas a bheith agam ag cur in iúl go bhfuil mé neamhinniúil chun oibre?

Is féidir le do dhochtúir teaghlaigh teastas amháin a thabhairt duit chun an tréimhse iomlán neamhláithreachta ón obair a bhfuiltear ag súil léi a chlúdach. 'Teastasú dúnta' a thugtar air seo go minic. D'fhéadfaimis teagmháil a dhéanamh leat chun athbhreithniú a dhéanamh ar do theidlíocht leantach ar Shochar Díobhála.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Shochar Díobhála?

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar Shochar Díobhála laistigh de shé seachtaine i ndiaidh duit gortú a fhulaingt, nó b'fhéidir go gcaillfeá an sochar seo. Beidh dhá rud ag teastáil uait:

- foirm páipéir chomhlánaithe **Sochar Breoiteachta (IB1)**; agus
- teastas míochaine ó do dhochtúir – teastas páipéir nó teastas ar líne.

Tabhair faoi deara go n-úsáidtear an fhoirm chéanna chun iarratas a dhéanamh ar **Shochar Díobhála agus** Sochar Breoiteachta (foirm IB1).

Is féidir le do dhochtúir an méid seo a leanas a dhéanamh:

- teastas míochaine páipéir a thabhairt duit ar féidir leat é a sheoladh tríd an bpost chuig an roinn le d'fhoirm éilimh chomhlánaithe; nó
- an teastas míochaine a sheoladh go díreach chuig an roinn go leictreonach. Comhlánaíonn go leor dochtúirí teastas leictreonach anois.

Má tá tú nó má bhí tú i d’othar cónaitheach in ospidéal, ba cheart duit féin nó do bhall teaghlaigh litir a lorg ó dhochtúir ospidéil ón ospidéal maidir le do bhreoiteacht. Tabhair an litir seo chomh fada le do dhochtúir teaghlaigh ar do chéad chuairt chun Sochar Díobhála a éileamh.

Seol d’fhoirm éilimh chomhlánaithe **Sochar Díobhála (IB1)** agus do theastas míochaine (murar sheol do dhochtúir teastas leictreonach chuig an roinn) chuig:

**Saorphost**
**An Rannóg Sochair Díobhála**
**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Bosca PO 1650**
**Baile Átha Cliath 1**

## Sula dtagann deireadh le híocaíocht Sochair Díobhála

Maireann Sochar Díobhála suas le sé mhí. Má tá deacrachtaí agat fós mar thoradh ar thimpiste nó galar, ba cheart duit Sochar Míthreorach a éileamh sula gcríochnaíonn d’íocaíocht Sochair Díobhála. Is féidir leat é a éileamh le haghaidh suas le trí mhí i ndiaidh dháta éaga d’éilimh nó b'fhéidir go gcuirfí isteach ar d’éileamh.

**Sampla:** má théann do Shochar Díobhála in éag ar an 1 Aibreán, ba cheart duit éileamh ar Shochar Míthreorach a dhéanamh i mí Feabhra nó Márta ach ní mór duit d’éileamh a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 1 Iúil. Féach ar an gcéad **leathanach** eile áit a bhfuil mionsonraí maidir leis an Sochar Míthreorach.

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir leis an Sochar Díobhála uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/oib |
| **Ríomhphost:** | illnessbenefit@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (01) 704 3300 |

# Sochar Míthreorach

Is féidir leat Sochar Míthreorach a éileamh má chailleann tú cumas fisiciúil nó meabhrach áirithe mar thoradh ar rud éigin a tharla duit mar gheall ar do chuid oibre, nó fad is a bhí tú ag taisteal chuig agus ón áit oibre.

Is féidir an sochar seo a íoc ar dhá bhealach:

- cnapshuim (Sochar Míthreorach); nó
- pinsean rialta (Pinsean Míthreorach), ag brath ar an gcineál míchumais atá ort, agus an tréimhse a mheastar a mhairfidh an gortú nó an tinneas.

Áirítear an sochar seo mar chuid den scéim Sochar Díobhálach Ceirde freisin.

## Conas a cháilím le haghaidh Sochair Mhíthreoraigh?

Chun cáiliú don sochar seo, ní mór duit coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- A bheith ag obair agus ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a bheith íoctha ag aicme A, B, D, J nó M;
- cumas fisiciúil nó meabhrach a bheith caillte mar gheall ar:
  - timpiste le linn duit a bheith ag obair;
  - timpiste chomaitéara ar bhealach díreach idir do theach agus áit oibre; nó
  - galar liostaithe a tholgadh fad is a bhí tú ag obair.

Mura bhfuil tú in ann a bheith ag obair i ndiaidh timpiste nó mar gheall ar ghalar a bheith ort, ba cheart duit Sochar Díobhála a éileamh ar dtús. Is féidir Sochar Díobhála a íoc le haghaidh suas le 26 seachtain i ndiaidh do thimpiste nó i ndiaidh duit an galar a tholgadh. Má bhí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) aicme B a íoc agat, ní féidir leat Sochar Díobhála a éileamh. Ach, is féidir leat Sochar Míthreorach a éileamh láithreach, ní gá fanacht 26 seachtain.

Maireann Sochar Díobhála suas le sé mhí. Má tá deacrachtaí agat fós mar thoradh ar thimpiste nó galar, ba cheart duit Sochar Míthreorach a éileamh sula gcríochnaíonn d'íocaíocht Sochair Díobhála. Is féidir leat é a éileamh le haghaidh suas le trí mhí i ndiaidh dháta éaga d'éilimh nó b'fhéidir go gcuirfí isteach ar d'éileamh.

**Sampla:** má théann do Shochar Díobhála in éag ar an 1 Aibreán, ba cheart duit éileamh ar Shochar Míthreorach a dhéanamh i mí Feabhra nó Márta ach ní mór duit d'éileamh a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 1 Iúil.

## Mura bhfuil tú in ann a bheith ag obair i ndiaidh na timpiste nó an ghalair

Má tá roinnt cumais caillte agat mar thoradh ar an timpiste nó galar, ach má tá tú fós ábalta a bheith ag obair, is féidir leat Sochar Míthreorach a éileamh fós. Ba cheart duit é seo a dhéanamh a luaithe agus is féidir agus laistigh de thrí mhí ó dháta na timpiste nó tús an ghalair.

**Sampla:** d'fhéadfadh go mbeadh soghluaisteacht duine laghdaithe mar thoradh ar an ngortú, ach ní chuireann sé isteach ar chumas an duine a p(h)ost a dhéanamh. Is féidir leo a pá iomlán mar aon leis an Sochar Míthreorach a fháil fós.

Íocfaimid thú ón gceathrú lá de do mhíthreoir, mura n-éilíonn tú Sochar Díobhála. Mura n-éilíonn tú an sochar in am, **b'fhéidir** go gcaillfeá cuid de do shochar.

## Cén ráta atá luaite leis an Sochar Míthreorach?

Braitheann an ráta íocaíochta ar an gcineál míthreorach, a ndéanfar measúnú leighis air. Má mheastar go bhfuil an míchumas atá ort níos lú ná 20% den ghnáthchumas, is i bhfoirm cnapshuime a íocfar an Sochar Míthreorach de ghnáth. Braitheann méid na cnapshuime ar an gcineál míthreorach agus ar an méid ama a mheastar a bheidh tú faoi mhíchumas. Más léir ón measúnú leighis go bhfuil céatadán níos airde ná 20% luaite le do mhíchumas, íocfaimid pinsean leat.

Má chinntear go bhfuil do **mhíthreoir cothrom le 100%,** gheobhaidh tú pinsean, €234 sa tseachtain. Má tá do **mhíthreoir idir 20% - 90%,** gheobhaidh tú pinsean seachtainiúil mar seo a leanas:

| An leibhéal míthreorach | Íocaíochtaí seachtainiúla |
|---|---|
| Míthreoir 100%<br>Pinsean pearsanta uasta | €239.00 |
| 90% | €215.10 |
| 80% | €191.20 |
| 70% | €167.30 |
| 60% | €143.40 |
| 50% | €119.50 |
| 40% | €95.60 |
| 30% | €71.70 |
| 20% | €47.80 |
| Míthreoir idir 15% agus 19%. B'fhéidir go bhfaighfeá cnapshuim, uasmhéid: | €16,720 |

Ní bhíonn íocaíocht le fáil i ndáil le gortuithe faighte nó galair tolgtha ón **1 Eanáir 2012** sa chás go bhfuil an leibhéal míthreorach cothrom le 15% ar a laghad.

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## Íocaíocht Sochair Mhíthreoraigh i dteannta le híocaíochtaí fostaíochta, oiliúna nó leasa shóisialaigh eile

Is féidir le daoine a bhfuil Pinsean Míthreorach á fháil acu gan aon íocaíocht eile a bheith ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha agus a dtuilleamh ar fad a choinneáil. Ní theastaíonn cead ón roinn uathu.

Ceadaímid iarratais tosaigh le haghaidh cúrsaí oiliúna, **ach** má dhéanann tú tuilleadh iarratas ina dhiaidh sin, déileálfaidh ár gcomhairleoirí leighis leis an gceist.

Is éard atá sa Sochar Míthreorach íocaíocht chúitimh agus is féidir é a íoc ag an am céanna le formhór na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh, lena n-áirítear Sochar Cuardaitheora Poist, Liúntas Cuardaitheora Poist, Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine, Pinsean Stáit agus Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora.

Má éilíonn tú ardú ar Phinsean Míthreorach, áfach, i bhfoirm Forlíonta Éagumais, ní féidir leat íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile a éileamh ag an am céanna.

Ní bhreithnítear gurb ionann Sochar Míthreorach agus modh a úsáidtear le haghaidh fhormhór na scéimeanna leasa shóisialaigh tástáilte ó thaobh acmhainne de i ndáil leis an Liúntas Leas Forlíontach nó leis an Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht.

Más mian leat páirt a ghlacadh i gclár Fostaíochta Pobail (FP), féadfaidh tú do Phinsean Míthreorach a choinneáil ach ní féidir leat d'Fhorlíonadh Éagumais a choinneáil.

Ní theastaíonn cead uait chun páirt a ghlacadh i gclár FP, ach ba cheart duit **fógra** a chur chuig an Rannóg Sochair Mhíthreoraigh nuair a thosaíonn tú ag glacadh páirte i gclár ionas nach gcuirfear stop leis an bhForlíonadh Éagumais.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Shochar Míthreorach?

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm iarratais don **Sochar Míthreorach agus/nó don Fhorlíonadh Éagumais faoi Scéim Díobhálacha Ceirde (OB21).** Tá foirm iarratais **OB21** le fáil ar **www.gov.ie/disablementbenefit**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **OB21** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **OB21** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha chuig:

**Saorphost**
**Rannóg Sochair Mhíthreoraigh**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Oifigí Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Bóthar Ballinalee**
**Longfort**
**N39 E4E0**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir leis an Sochar Míthreorach uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/disablementbenefit |
| **Ríomhphost:** | WorkRelatedDisablementBenefit@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 333 4794 |

# Sochair bhreise atá ar fáil

## Forlíonadh Éagumais

Má tá Pinsean Míthreorach á fháil agat agus mura bhfuil ar do chumas a bheith ag obair go buan mar thoradh ar ghortú nó ar ghalar a bhaineann le d'áit oibre, is féidir leat Forlíonadh Éagumais a éileamh. Íoctar é seo sa bhreis ar do phinsean.

### Conas a cháilím le haghaidh Sochair Éagumais?

Ní féidir leat cáiliú le haghaidh Sochar Éagumais mura gcáilíonn tú le haghaidh ceann amháin acu seo a leanas - Sochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Liúntas Míchumais. **Ní** dhéantar tástáil acmhainne le haghaidh an fhorlíonta seo.

B'fhéidir go mbeifeá i dteideal éileamh ar ardú a dhéanamh le haghaidh:

- aosach cáilithe, má tá céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir agat; agus
- ardú le haghaidh leanbh cáilithe a bhfuil gnáthchónaí air/uirthi leat.

### Cén ráta atá luaite le d'Fhorlíonadh Éagumais?

Braitheann an íocaíocht a fhaigheann tú ar fhachtóirí cosúil le d'aois agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil tú incháilithe tairbhe a bhaint as ráta ardaithe. Mar shampla, má tá tú 80 bliain d'aois nó níos sine, gheobhaidh tú forlíonadh éagumais luach €232.30.

| Cineálacha ráta | Rátaí seachtainiúla |
|---|---|
| Ráta pearsanta faoi 66 bliain d'aois | €208.00 |
| Ráta pearsanta 66 bliain d'aois agus níos sine | €227.30 |
| Ardú le haghaidh aosaigh cháilithe faoi 66 bliain d'aois | €138.00 |
| Ardú le haghaidh aosaigh cháilithe 66 bliain d'aois agus níos sine | €150.80 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe faoi 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €40 |
| Leathráta | €20 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe os cionn 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €48 |
| Leathráta | €24 |

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## Forlíonadh Éagumais a íoc i dteannta le fostaíocht

Má tá Forlíonadh Éagumais á fháil agat, is féidir leat a bheith ag obair fad is nach bhfuil níos mó ná €33 ar an meán sa tseachtain á thuilleamh agat. Más mian leat obair eile a dhéanamh nó cúrsa oiliúna, ní mór duit **cead i scríbhinn** a fháil uainn sula dtosaíonn tú.

Más mian leat páirt a ghlacadh i gclár Fostaíochta Pobail (FP), féadfaidh tú do Phinsean Míthreorach a choinneáil **ach** ní féidir leat d'Fhorlíonadh Éagumais a choinneáil. Ní theastaíonn cead uait chun páirt a ghlacadh i gclár FP ach ba cheart duit **fógra** a chur chuig an Rannóg Sochair Mhíthreoraigh nuair a thosaíonn tú ag glacadh páirte i gclár ionas gur féidir stop a chur leis an bhForlíonadh Éagumais.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Fhorlíonadh Éagumais?

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm iarratais don **Sochar Míthreorach agus/nó don Fhorlíonadh Éagumais faoi Scéim Díobhálacha Ceirde (OB21)**. Tá foirm iarratais **OB21** le fáil ar **www.gov.ie/incapacitysupp**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **OB21** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **OB21** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha chuig:

**Saorphost**
**Rannóg Sochair Mhíthreoraigh**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Oifigí Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Bóthar Ballinalee**
**Longfort**
**N39 E4E0**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir leis an Sochar Éagumais uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/incapacitysupp |
| **Ríomhphost:** | WorkRelatedDisablementBenefit@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 333 4794 |

# Liúntas Síorfhreastail

Má tá Pinsean Míthreorach á fháil agat agus má tú faoi mhíchumas tromchúiseach mar thoradh ar ghortú nó ar ghalar a bhaineann le d'áit oibre a chiallaíonn go mbíonn ort duine éigin a fháil chun cabhrú leat sa bhaile gach lá le do riachtanais phearsanta, b'fhéidir go mbeifeá i dteideal Liúntais Síorfhreastail.

## Conas a cháilím le haghaidh Liúntais Síorfhreastail?

Chun cáiliú le haghaidh Liúntais Síorfhreastail, ní mór go mbeadh Pinsean Míthreorach de 50% nó níos mó á fháil agat.

Tá teidlíocht bunaithe ar an méid a mholann comhairleoir leighis na roinne nuair a bhí measúnú á dhéanamh ort le haghaidh Sochair Mhíthreoraigh. Íoctar é le daoine a measadh a bhfuil leibhéal míthreorach de 50% nó níos mó acu mar ardú ar a n-íocaíocht mhíthreorach.

## Cén ráta atá luaite le Liúntas Síorfhreastail?

Íoctar an liúntas leis an duine faoi mhíchumas, €220 sa tseachtain, agus méadaíonn an íocaíocht go dtí €225 i mí Eanáir 2022. Má tá duine ar leith ag tabhairt aire duit, ansin d'fhéadfá cáiliú don Deontas Tacaíochta do Chúramóirí. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Deontas Tacaíochta do Chúramóirí féach ar **Cuid 7: Tacaíochtaí do Chúramóirí.**

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Liúntas Síorfhreastail | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/constantattend |
| **Ríomhphost:** | WorkRelatedDisablementBenefit@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 333 4794 |

# Scéim Cúraim Leighis

Is sochar é Cúram Leighis a sholáthraítear faoin scéim Díobhálacha Ceirde a aisíocann an costas a bhaineann le cúram leighis nach bhfuil clúdaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó faoin scéim Sochair Chóireála.

## Conas a cháilím don scéim Sochair Chóireála?

Chun cáiliú, ní mór go mbeadh do ghortú i ndiaidh tarlú mar thoradh ar thimpiste san áit oibre, galar ceirde fhorordaithe, nó gortú a tharla le linn turas amháin ag taisteal chuig nó ón áit oibre.

## Céard atá clúdaithe faoin scéim Cúraim Leighis?

Seo a leanas na costais leighis a chlúdaítear:

- cuairteanna dochtúra (dochtúir teaghlaigh);
- cógais ordaithe;
- fearais leighis agus mháinliachta áirithe;
- cóireáil fiaclóireachta;
- cóireáil súl tosaigh;
- cóireáil a mholann do dhochtúir nach bhfuil ar fáil in ospidéal poiblí;
- liúntas taistil le haghaidh iompair phoiblí; agus
- táillí ospidéil phoiblí.

**Ní chlúdaíonn** Cúram Leighis an costas a bhaineann le seirbhísí speisialaithe, de bhrí go bhfuil daoine árachaithe i dteideal iad seo a fháil faoi na hAchtanna Sláinte agus gur féidir leo tairbhe a bhaint as na cóireálacha seo mar othar cónaitheach nó othar seachtrach in ospidéal poiblí. Mar shampla, ní chlúdaítear an méid seo a leanas: tréimhse in ospidéal príobháideach, comhairligh, fisiteiripe, X-ghathanna, scanadh, MRInna, seirbhísí saotharlainne, tuarascálacha.

## Conas a dhéanaim iarratas ar an scéim Cúraim Leighis?

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm iarratais **Costas Cúraim Leighis i ndáil le Tionóisc Cheirde nó Galar Ceirde (C1)**. Más mian leat cóip d'fhoirm iarratais **C1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/medcarescheme**

Chomh maith leis sin, is féidir leat cóip d'fhoirm iarratais **C1** a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Cúraim Leighis ag an uimhir **(01) 704 3022**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **C1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm agus na **hadmhálacha bunaidh** chuig:

**Saorphost**
**An Rannóg Cúraim Leighis**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Áras Mhic Dhiarmada**
**Sráid an Stórais**
**Baile Átha Cliath 1**
**D01 WY03**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi scéim Cúraim Leighis | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/medcarescheme |
| **Teileafón:** | (01) 704 3022 |

## Sochar Báis

Má fhaigheann duine bás mar thoradh ar thimpiste san áit oibre nó mar thoradh ar ghalar ceirde, d'fhéadfaí Sochar Báis a íoc lena c(h)éile nó lena p(h)áirtí sibhialta nó leanbh cleithiúnach marthanach. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí Sochar Báis a Íoc má bhí an duine, tráth a bháis, ag fáil Pinsean Míthreorach a measadh ag 50% nó níos mó, beag beann ar an gcúis a bhí leis an mbás.

Áirítear sa Scéim Sochair Báis:

- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh;
- Pinsean Dílleachta; agus
- Deontas Sochraide.

Tá tuilleadh eolais faoi na trí scéim seo le fáil thíos.

## Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

Íoctar an pinsean seo le céile nó páirtí sibhialta marthanach duine a cailleadh mar thoradh ar thimpiste san áit oibre, galar ceirde nó le duine a bhí ag fáil Pinsin Mhíthreoraigh á mheas ag 50% nó níos mó tráth a b(h)áis. Ní féidir leat an pinsean a fháil má athphósann tú, má bhíonn tú páirteach i gcomhpháirtíocht shibhialta nó má bhíonn tú in aontíos le duine éigin eile. Ní chuireann aon ioncam a d'fhéadfadh a bheith agat isteach ar an bpinsean. Íoctar arduithe le haghaidh leanaí cáilithe leis an bpinsean. Tá an pinsean incháinithe.

Ní féidir Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh faoin Scéim Sochair Báis a íoc ag an am céanna le Scéim Pinsean Stáit (Ranníocach) Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtí Sibhialta Marthanach.

## Pinsean Dílleachta

Íoctar é seo thar ceann linbh má tá aon cheann de na coinníollacha seo a leanas fíor faoi thuismitheoir, leastuismitheoir nó duine a thacaigh leis an leanbh:

- cailleadh an duine mar thoradh ar thimpiste san áit oibre;
- cailleadh an duine mar gheall ar ghalar ceirde; nó
- bhí Pinsean Míthreorach á fháil a bhí á meas ag 50% nó níos mó tráth a b(h)áis.

Tá sé iníoctha má tá an dara tuismitheoir caillte, anaithnid nó má an leanbh tréigthe aige/aici agus má theip air/uirthi freastal ar an riachtanais an linbh. Ba cheart do chaomhnóir an dílleachta iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht.

## Deontas Sochraide

Más rud é, tráth an bháis, gur chomhlíon an duine a cailleadh na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as sochair thánaisteacha coimirce sóisialaí, is féidir Deontas Sochraide speisialta a íoc leis an duine a íocann as costais na sochraide. Níl aon cháin dlite ar an deontas seo.

### Conas a dhéanaim iarratas ar an scéim Sochair Báis?

Más mian leat iarratas a dhéanamh:

- comhlánaigh an fhoirm iarratais do **Shochair Bháis faoin Scéim Díobhálacha Ceirde (OB61)**. Má theastaíonn foirm iarratais **OB61** uait, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/OB61 nó**
- comhlánaigh an fhoirm iarratais do **Shochair Bháis faoin Scéim Díobhálacha Ceirde (OB61A)**. Má theastaíonn foirm iarratais **OB61A** uait, déan teagmháil leis an rannóg Sochair Báis, tá na sonraí le fáil thíos. Ní mór é seo a chomhlánú le haghaidh cásanna ina raibh pinsean Míthreorach á fháil ag an duine i ndáil le cailleadh cumais 50% nó níos airde.

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **OB61** nó **OB61B** leis na doiciméid tacaíochtaí ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg Sochair Mhíthreoraigh**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Oifigí Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Bóthar Ballinalee**
**Longfort**
**N39 E4E0**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir leis an Sochar Báis uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/deathbenefit |
| **Ríomhphost:** | WorkRelatedDeathBenefit@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 333 4794 |

## Sochair thánaisteacha do dhaoine a fhaigheann Íocaíocht Díobhála Ceirde

Tá eolas maidir leis na sochair thánaisteacha a d'fhéadfá a bheith i dteideal a fháil liostaithe thíos.

### Liúntas Breosla

D'fhéadfá cáiliú le haghaidh Liúntas Breosla má tá aon cheann acu seo a leanas á fháil agat:

- Forlíonadh Éagumais; nó
- Sochar Báis faoin Scéim Sochair Ceirde

Beidh ort iarratas a dhéanamh ar an íocaíocht agus tástáil acmhainne a chomhlíonadh.

## Liúntas Oileáin

B'fhéidir go mbeifeá i dteideal Sochar Baintrí nó Baintrí Fir faoin scéim Sochar Díobhálach Ceirde.

## Saorthaisteal

B'fhéidir go mbeifeá i dteideal, má tá tú i do chónaí go dleathach agus go buan sa Stát, agus má tá Forlíonadh Éagumais i dteannta le Pinsean Míthreorach á fháil agat le haghaidh 12 mhí ar a laghad.

## Ardú Maireachtála Aonair

Is íocaíocht bhreise é an tArdú Maireachtála Aonair do dhaoine atá ag maireachtáil ina n-aonar agus a bhfuil íocaíochtaí coimirce sóisialaí á bhfáil acu.

Má tá tú 66 bliain d'aois nó níos sine agus má tá cónaí ort i d'aonar, beidh tú cáilithe má tá ceann amháin de na híocaíochtaí seo a leanas á bhfáil agat:

- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir, Páirtí Sibhialta Marthanach faoin Scéim Sochar Díobhálach Ceirde; nó
- Forlíonadh Éagumais.

## Liúntas Tacaíochta Teileafóin

Íoctar an liúntas €2.50 go huathoibríoch má tá an Liúntas Maireachtála Aonair agus an liúntas Breosla á fháil agat. Íoctar é i do phríomhchuntas ar bhonn ar leithligh.

# Cuid 3: Íocaíochtaí Míchumais

Tá eolas le fáil sa chuid seo faoi Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall agus Pinsean Easláine, eolas maidir le conas a cháilíonn tú agus a conas a dhéantar iarratas orthu, agus na rátaí íocaíochta.

## Liúntas Míchumais

Is liúntas seachtainiúil é an Liúntas Míchumais a íoctar le daoine faoi mhíchumas. Is féidir leat Liúntas Míchumais a fháil nuair a bhíonn tú 16 bhliain d'aois. Má tá tú i mbun cúrsa oideachais nuair a bhíonn tú 16 bhliain d'aois, is féidir leat leanúint ar aghaidh ag freastal ar an scoil fad is atá an liúntas seo á fháil agat.

Má cháilíonn tú le haghaidh Liúntas Míchumais, b'fhéidir go bhfaighfeá sochair bhreise coimirce sóisialaí le d'íocaíocht mar aon le híocaíochtaí forlíontacha eile cosúil le:

- Pas Saorthaistil a thugann cead duit taisteal ar iompar poiblí in Éirinn saor in aisce;
- Ardú Maireachtála Aonair (féach **leathanach 52**) agus an Pacáiste Sochair Teaghlaigh; agus
- Liúntas Breosla.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin scéim Saorthaistil agus an Pacáiste Sochair Teaghlaigh, féach ar **Cuid 6: Tacaíochtaí taistil agus teaghlaigh**.

### Conas a cháilím le haghaidh Liúntas Míchumais?

Chun cáiliú don Liúntas Míchumais, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

### An riail bliana

Ní mór go mbeadh gortú, galar nó míchumas ort a lean ar aghaidh, nó a bhfuiltear ag súil leis a leanfaidh ar aghaidh, ar feadh bliana ar a laghad.

## Ní mór go mbeadh srian suntasach ort

Mar thoradh ar an míchumas seo, ní mór go mbeadh srian suntasach ort ó obair a dhéanamh a bheadh oiriúnach do dhaoine atá ar comhaois leat, agus a bhfuil an taithí agus na cáilíochtaí céanna aige/aici.

## Aois 16-66

Ní mór go mbeifeá idir 16 agus 66 bliain d'aois. Nuair a shroicheann tú 66 bliain d'aois, níl tú cáilithe níos mó le haghaidh an Liúntais Míchumais, ach déantar tú a mheas do phinsean Stáit.

## Ioncam agus áit chónaithe

Ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- tástáil acmhainne; agus
- gnáthchónaí.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait tabhair cuairt ar **www.gov.ie/da**

## Cén ráta atá luaite leis an Sochar Míchumais?

| Cineálacha ráta | Uasrátaí seachtainiúla |
|---|---|
| Ráta pearsanta | €208 |
| Ardú le haghaidh aosach cáilithe | €138 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe faoi 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €40 |
| Leathráta | €20 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe os cionn 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €48 |
| Leathráta | €24 |

Má tá tú pósta, páirteach i bpáirtnéireacht shibhialta nó in aontíos le duine agus má cháilíonn an bheirt agaibh le haghaidh Liúntas Míchumais, gheobhaidh an bheirt agaibh ráta pearsanta seachtainiúil.

Má cháilíonn tusa nó do chéile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir le haghaidh Sochar Míchumais agus má tá íocaíocht coimirce sóisialaí eile á fáil ag an duine eile, Liúntas Cuardaitheora Poist mar shampla, gheobhaidh an bheirt agaibh ráta pearsanta seachtainiúil bhur n-íocaíochta faoi seach.

Is féidir leat ardú seachtainiúil a fháil le haghaidh gach leanbh cáilithe má cháilíonn tú d'ardú le haghaidh aosach cáilithe má tá tú i mbun tuismitheoireachta aonair. Mura gcáilíonn tú d'ardú le haghaidh aosach cáilithe, b'fhéidir go bhfaighfeá ardú leathráta le haghaidh leanbh cáilithe.

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Liúntas Míchumais agus obair féach ar **Cuid 4: Ag obair fad is atá íocaíocht breoiteachta nó íocaíocht míchumais** á fáil agat. Ó 2022 ar aghaidh, is féidir leat níos mó a thuilleamh ón obair agus roinnt de do Liúntas Míchumais nó do Liúntas Míchumais ar fad a choinneáil.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Liúntas Míchumais?

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm iarratais don **Liúntas Míchumais**. Chun foirm iarratais **DA1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/da**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **DA1** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **DA1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg Liúntais Míchumais**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Oifig Láraithe an Longfoirt**
**Bóthar Ballinalee, An Longfort**
**N39 E4E0**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir leis an Liúntas Míchumais uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/da |
| **Ríomhphost:** | DA_InetInfo@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 334 0000 |

# Pinsean na nDall

Is íocaíocht tástáilte ó thaobh acmhainne de é Pinsean na nDall a íoctar le daoine dalla agus daoine lagamhairc a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn.

## Conas a cháilím le haghaidh Phinsean na nDall?

Chun cáiliú don phinsean, ní mór duit tuairisc tástála súl ó mháinlia oftalmach a sholáthar chun do lagamharc a fhíorú.

Cuimsítear i d'íocaíocht ráta pearsanta duit féin agus méideanna breise le haghaidh aosach cáilithe agus aon leanbh cáilithe.

Má chinntear Pinsean na nDall a íoc leat, gheobhaidh tú an méid seo a leanas go huathoibríoch:

- Pas Saorthaistil a cheadaíonn duit taisteal ar iompar poiblí saor in aisce in Éirinn; agus
- Pas Saorthaistil Compánaigh a cheadaíonn do chompánach, 16 bliain d'aois nó níos sine, taisteal saor in aisce nuair a bhíonn sé/sí i dteannta leat.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh sochar cosúil le:

- Ardú Maireachtála Aonair (féach **leathanach 52**);
- Pacáiste Sochair Teaghlaigh; agus
- Liúntas Leasa na nDall á íoc ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin scéim Saorthaistil agus an Pacáiste Sochair Teaghlaigh, féach ar **Cuid 6: Tacaíochtaí taistil agus teaghlaigh**.

## Má tá tú faoi 18 mbliana d'aois

Má tá tú dall nó má tá lagú radhairc thromchúisigh agat sula mbíonn tú 18 mbliana d'aois, ba cheart duit éileamh a dhéanamh ar Phinsean na nDall ceithre mhí sula mbíonn tú 18 mbliana d'aois. Má tá tú idir 16 agus 18 mbliana d'aois, b'fhéidir go mbeifeá cáilithe le haghaidh Liúntas Míchumais. Féach **leathanach 53**.

## Aois 18 - 66

Má éiríonn tú dall nó má bhíonn lagú radhairc thromchúisigh ort i ndiaidh duit 18 mbliana d'aois a shlánú, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar Phinsean na nDall a luaithe agus is féidir. Tá sé seo tábhachtach, de bhrí nach féidir íocaíocht a dhéanamh ach ón dáta, a fhaighimid d'iarratas. Má theastaíonn cúram lánaimseartha uait, b'fhéidir go mbeadh an duine atá ag tabhairt aire duit cáilithe chun Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra a fháil.

Má tá tú faoi 66 bliain d'aois agus má chomhlíonann tú na coinníollacha ábhartha, b'fhéidir go mbeadh tú cáilithe le haghaidh na n-íocaíochtaí seo a leanas freisin:

- Sochar Uchtála;
- Liúntas Cúramóra Leathráta;
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta;
- Sochar Breoiteachta;
- Sochar Díobhála;
- Sochar Cuardaitheora Poist;
- Sochar Máithreachais;
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, go dtí go bhfuil do leanbh is óige 16 bliana d'aois;
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach agus Neamhranníocach).

D'fhéadfá Pinsean na nDall a fháil fad is atá Sochar Páirtchumais á fháil agat. Ní chuirimid d'ioncam ón Sochar Páirtchumais san áireamh nuair a dhéanann tú an tástáil acmhainne le haghaidh Phinsean na nDall, ach cuirimid do thuilleamh ó aon fhoinse eile san áireamh.

### 66 bliain d'aois nó níos sine

Ní íoctar Pinsean na nDall go dtí go mbíonn tú 66 bliain d'aois. I ndiaidh 66 bliain d'aois, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an bpinsean Stáit, an pinsean Baintrí, nó pinsin ábhartha eile ag brath ar d'imthosca.

### Cén ráta atá luaite le Pinsean na nDall?

| Cineálacha ráta | Uasrátaí seachtainiúla |
|---|---|
| Ráta pearsanta | €208 |
| Ardú le haghaidh aosach cáilithe | €138 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe faoi 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €40 |
| Leathráta | €20 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe os cionn 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €48 |
| Leathráta | €24 |

Is féidir leat ardú seachtainiúil a fháil le haghaidh gach leanbh cáilithe má cháilíonn tú d'ardú le haghaidh aosach cáilithe má tá tú i mbun tuismitheoireachta aonair. Mura gcáilíonn tú d'ardú le haghaidh aosach cáilithe, b'fhéidir go bhfaighfeá ardú leathráta le haghaidh leanbh cáilithe.

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi Phinsean na nDall agus obair, féach ar **Cuid 4: Ag obair fad is atá íocaíocht breoiteachta nó míchumais á fáil agat**. Ó 2022 ar aghaidh, is féidir leat níos mó a thuilleamh ón obair agus roinnt de do Phinsean na nDall nó do Phinsean na nDall ar fad a choinneáil.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Phinsean na nDall?

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirm iarratais **Phinsean na nDall (BP1)**.
Chun foirm iarratais **BP1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/blindpension**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **BP1** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Beidh comhaltaí foirne i d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh sásta cabhrú leat an fhoirm a chomhlánú agus aon cheisteanna a bheidh agat a fhreagairt. Tá leaganacha Braille agus fuaime den fhoirm iarratais seo ar fáil freisin. Is féidir leat iad seo a iarraidh ó d'Ionad Intreo áitiúil nó ríomhphost a sheoladh chuig **translations@welfare.ie**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **BP1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg Phinsean na nDall**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Sligeach**
**F91 T384**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir le Pinsean na nDall uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/blindpension |
| **Ríomhphost:** | Blind_Pension@welfare.ie |

# Pinsean Easláine

Is íocaíocht sheachtainiúil é an Pinsean Easláine a íoctar le daoine nach bhfuil ar a gcumas a bheith ag obair mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas fadtéarmach agus atá clúdaithe ag Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC). Má tá Pinsean Easláine á fháil agat, aistríonn tú go huathoibríoch chuig an bPinsean Stáit (Ranníocaíoch) ag an ráta iomlán nuair a bhíonn tú 66 bliain d'aois. Tá an Pinsean Easláine incháinithe.

Chomh maith leis sin, **tá tú i dteideal** Pas Saorthaistil. Chomh maith leis sin, faigheann tú sochair bhreise coimirce sóisialaí, an Pacáiste Sochair Teaghlaigh, mar shampla. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir leis an scéim Saorthaistil agus an Pacáiste Sochair Teaghlaigh, féach **Cuid 6: Tacaíochtaí taistil agus teaghlaigh**.

Tá daoine féinfhostaithe a bhfuil dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme C íoctha acu incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar Phinsean Easláine.

## Conas a cháilím le haghaidh Pinsean Easláine?

Chun cáiliú, ní mór go mbeadh tú in ann an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

- 260 seachtain (cúig bliana) de ranníocaíochtaí íoctha Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ó thosaigh tú ag obair; **agus**
- 48 seachtain de ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe ÁSPC sa bhliain iomlán deiridh nó sa dara bliain iomlán deiridh (Eanáir go Nollaig) roimh an 'dáta ábhartha' – an dáta ar thosaigh d'éagumas buan chun oibre mar a chinn an roinn. Go hiondúil, bíonn an dáta seo i ndiaidh bliana den éagumas chun oibre agus d'fhéadfadh go mbeadh tréimhse níos lú i gceist má bhreithnítear go bhfuil tú éagumasach chun oibre ar bhonn buan.

**Sampla:**

Chaith Seán blianta fada ag obair mar chléireach oifige. I mí na Nollag 2019, bhí timpiste aige agus ní raibh ar a chumas a bheith ag obair. Ní raibh sé in ann filleadh ar an obair bliain níos déanaí. Sholáthair Seán fianaise shoiléir maidir le heaspa cumais chun oibre don roinn, agus bhí an chuma ar an scéal go raibh sé éagumasach chun oibre go buan.

Rinne an roinn cinneadh maidir le 'dáta ábhartha' Sheáin nuair a rinne sé iarratas ar Phinsean Easláine. I gcás Sheáin, tharla sé seo bliain i ndiaidh dó éirí as an obair, agus ba é Nollaig 2020 a dháta ábhartha. Chun cáiliú don Phinsean Easláine, bhí sé riachtanach go mbeadh 48 seachtain de ÁSPC íoctha nó ranníocaíocht chreidiúnaithe ag Seán in 2019 nó 2018.

Ní féidir ach ranníocaíochtaí ÁSPC aicme A, E, H agus S a chomhaireamh le haghaidh Pinsean Easláine. Féach **Cuid 8: Tuilleadh eolais**, le haghaidh sonraí maidir leis na haicmí seo.

Ní féidir leat ranníocaíochtaí deonacha a úsáid chun coinníollacha ÁSPC le haghaidh Pinsean Easláine a chomhlíonadh. Chun cáiliú ní mór duit na coinníollacha seo a chomhlíonadh freisin:

- bheith éagumasach chun oibre le haghaidh 12 mhí ar a laghad;
- an chuma a bheith ar an scéal nach mbeidh ar do chumas a bheith ag obair le haghaidh 12 mhí eile ar a laghad; nó
- a bheith éagumasach chun oibre go buan.

I gcásanna áirithe de bhreoiteacht nó míchumas an-tromchúiseach, féadfaidh tú aistriú go díreach ón obair nó íocaíocht coimirce sóisialaí eile go dtí Pinsean Easláine.

## Cén ráta atá luaite le Pinsean Easláine?

| Cineálacha ráta | Rátaí seachtainiúla |
|---|---|
| Ráta pearsanta | €213.50 |
| Ardú le haghaidh aosach cáilithe | €152.50 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe faoi 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €40 |
| Leathráta | €20 |
| Ardú le haghaidh linbh cháilithe os cionn 12 | 2 ráta |
| Ráta iomlán | €48 |
| Leathráta | €24 |

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## Conas a dhéanaim iarratas ar Phinsean Easláine?

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirm iarratais do **Phinsean Easláine (INV1)**. Chun foirm iarratais **INV1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/invp**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **INV1** a fháil ó:
- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **INV1** ar ais i dteannta leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**An Rannóg Pinsean Easláine**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Tithe an Rialtais**
**Bóthar Ballinalee**
**Longfort**
**N39 E4E0**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir le Pinsean Easláine uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/invp |
| **Ríomhphost:** | Invgenenq@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 334 0000 |

# Cuid 4: Ag obair fad is atá íocaíocht breoiteachta nó míchumais á fáil agat

Tá eolas le fáil sa chuid seo maidir le bheith ag obair fad is atá íocaíocht míchumais á fáil, an sochar airgeadais a bhaineann le bheith ag obair, agus an raon seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil chun tacú leat obair a chuardach agus fanacht ag obair.

Dírítear ar na hábhair seo a leanas:

- Liúntas Míchumais agus obair;
- Pinsean na nDall agus obair;
- Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall agus scoláireachtaí;
- Pinsean Easláine, Sochar Breoiteachta (ní féidir leat bheith ag obair fad is atá na híocaíochtaí seo á bhfáil agat);
- Neamhaird tuillimh;
- Sochar Páirtchumais;
- Meastóir Sochair Oibre – uirlis rúndachta ar líne;
- Conas obair a aimsiú trí úsáid a bhaint as an tseirbhís fostaíochta poiblí;
- Tacaíocht le haghaidh céimithe faoi mhíchumas;
- Scéimeanna agus íocaíochtaí fostaíochta eile; agus
- Cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna (FET).

### Obair agus an difríocht idir íocaíochtaí cúnaimh shóisialta agus íocaíochtaí árachais shóisialta

Soláthróimid dhá chineál íocaíochtaí tacaíochta ioncaim do dhaoine atá breoite nó atá faoi mhíchumas. Braitheann na rialacha maidir le hobair ar cibé acu an íocaíocht cúnaimh shóisialaigh nó íocaíocht árachais shóisialaigh í an tacaíocht ioncaim atá á fáil agat.

Déantar íocaíochtaí **cúnaimh shóisialta** a thástáil ó thaobh acmhainne de. Áirítear ina measc Liúntas Míchumais agus Pinsean na nDall. Má tá Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil agat, b'fhéidir go mbeadh cead agat a bheith ag obair nó i mbun oiliúna.

**Níl** íocaíochtaí **árachais shóisialta** tástáilte ó thaobh acmhainne de. Áirítear ina measc an Pinsean Easláine, Sochar Díobhálach Ceirde agus Sochar Breoiteachta. Má tá Sochar Breoiteachta nó Pinsean Easláine á fháil agat, ansin **ní féidir leat** a bheith ag obair agus d'íocaíocht a choinneáil.

Má tá Pinsean Easláine á fháil agat nó má bhí Sochar Breoiteachta á fháil agat le haghaidh sé mhí nó níos mó agus más mian leat a bheith ag obair, ní mór duit iarratas a dhéanamh ar an scéim Sochair Páirtchumais.

## Liúntas Míchumais agus obair

Má tá Liúntas Míchumais á fháil agat, is féidir leat a bheith ag obair agus déanfar d'ioncam a mheas i rith tástáil acmhainne. Ní dhéantar gach ioncam ó obair a chomhaireamh mar acmhainní, áfach. Neamhaird tuillimh a thugtar air seo (tá tuilleadh eolais thíos).

Má tá Liúntas Míchumais á fháil agat agus má tá sé beartaithe agat a bheith ag obair, ní mór duit scéala a chur chuig an roinn a luaithe a thosaíonn d'fhostaíocht nó do phost.

## Pinsean na nDall agus obair

Má tá Pinsean na nDall á fháil agat, is féidir leat a bheith ag obair agus déantar d'ioncam a mheas mar acmhainní. Ní dhéantar gach ioncam ó obair a chomhaireamh mar acmhainní, áfach. Neamhaird ioncaim a thugtar air seo agus tá míniú tugtha thíos.

Má tá Pinsean na nDall á fháil agat agus má tá sé beartaithe agat a bheith ag obair, ní mór duit scéala a chur chuig an roinn a luaithe a thosaíonn d'fhostaíocht nó do phost.

## Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall agus scoláireachtaí

Má tá Liúntas Míchumais á fháil agat (nó Pinsean na nDall ón 1 Eanáir 2022) agus má tá sparánacht, stipinn nó scoláireacht bronnta ort chun cabhrú leat PhD a chríochnú, cuirfear neamhaird ioncaim i bhfeidhm mar seo a leanas:

- neamhaird bhliantúil (teorainn) de €20,000. Ciallaíonn sé seo má fhaigheann tú níos mó ná sparánacht amháin, nach féidir níos mó ná €20,000 a fháil sa bhliain. Glactar le méideanna sa bhreis ar €20,000 mar chuid den mheasúnú ar acmhainní.
- Tá an neamhaird ar fáil le haghaidh uasmhéid ceithre bliana.

Ina theannta sin, tugtar neamhaird ar chomhpháirt chothabhála deontas Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) sa tástáil acmhainne don Liúntas Míchumais agus do Phinsean na nDall.

Chomh maith leis sin, tá roinnt scoláireachtaí eile ann, nach ndéantar a mheas mar chuid den tástáil acmhainne don Liúntas Míchumais agus do Phinsean na nDall. Áirítear ina measc íocaíochtaí faoi Chiste Sparánacht 1916 agus Scoláireachtaí Ardoideachais d'Fhoghlaimeoirí Aosaigh ón Ollscoil, suas go dtí uasmhéid de €7,000 sa bhliain.

## Pinsean Easláine, Sochar Breoiteachta agus obair

**Ní féidir leat glacadh le hobair nó le féinfhostaíocht fad is atá Pinsean Easláine nó Sochar Breoiteachta á fháil agat.**

Má tá Pinsean Easláine á fháil agat nó Sochar Breoiteachta le haghaidh níos mó ná sé mhí **agus** más mian leat filleadh ar an obair, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Shochar Páirtchumais (PCB). Féach ar **leathanach 77** má theastaíonn mionsonraí maidir le PCB uait.

## Neamhaird tuillimh

Má tá Liúntas Míchumais nó íocaíocht Phinsean na nDall á fáil agat, déanfar do thuilleamh ón obair a mheas trí thástáil acmhainne. Ní dhéantar roinnt de do thuilleamh ón obair a mheas, áfach. Neamhaird tuillimh a thugtar air seo.

| Más Rud É | |
|---|---|
| Is é Liúntas Míchumais (DA) nó Pinsean na nDall (BP) do phríomhioncam agus cuireann tú tús le hobair nó féinfhostaíocht. | Is féidir leat suas le €140 sa tseachtain a thuilleamh agus d'íocaíocht iomlán a choinneáil. |
| Tuilleann tú idir €140 agus €350 ó do phost nó féinfhostaíocht go dtí Meitheamh 2022.<br>Ó Mheitheamh 2022, méadóidh an teorainn uachtair go dtí €375. | **Ní chuirtear** leath de do thuilleamh san áireamh nuair a dhéanaimid d'ioncam a mheas. |
| Tosaíonn tú ag obair agus tá tú **fós cáilithe** le haghaidh íocaíocht DA. | Tugtar cead duit do phas saorthaistil a choinneáil fad is go gcáilíonn tú le haghaidh DA. |
| Tosaíonn tú ag obair agus **ní cháilíonn tú níos mó** le haghaidh íocaíocht DA. | Ceadaítear duit do phas saorthaistil a choinneáil le haghaidh cúig bliana. |
| Tosaíonn tú ag obair agus tá tú **fós cáilithe** le haghaidh íocaíocht BP. | Ceadaítear duit do phas saorthaistil a choinneáil. |
| Tosaíonn tú ag obair agus **ní cháilíonn tú níos mó** le haghaidh íocaíocht BP. | Ceadaítear duit do phas saorthaistil a choinneáil **má tá** tú cláraithe le NCBI (Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill). |

## Conas ráta íocaíochta do Liúntais Míchumais nó Pinsean na nDall a ríomh i ndiaidh duit tosú ag obair

Chun an ráta íocaíochta don Liúntas Míchumais nó do Phinsean na nDall a ríomh, scrúdaíonn an roinn d'ioncam ó fhostaíocht lena fháil amach an bhfuil an t-ioncam faoi leibhéal áirithe.

Déanann an roinn acmhainní a mheas bunaithe ar:

- d'olltuilleamh, do thuilleamh roimh cháin;
- lúide do ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ;
- lúide aon ranníocaíochtaí pinsin; agus
- lúide aon dleachtanna ceardchumainn a íocann tú.

Má tá Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil agat, is féidir leat d'íocaíocht iomlán a choinneáil agus suas le €140 sa tseachtain a thuilleamh ó fhostaíocht nó féinfhostaíocht. Ó Mheitheamh 2022, má thuilleann tú níos mó ná €140 sa tseachtain ó obair, **ní chuirtear** leath de do thuilleamh idir €140 agus €350 san áireamh sa tástáil acmhainne don Liúntas Míchumais nó do Phinsean na nDall.

Déantar gach tuilleamh ó obair sa bhreis ar €375 a mheas mar ioncam agus laghdófar do theidlíocht ar an Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall de réir d'acmhainní seachtainiúla.

Is é €470.10 sa tseachtain an t-uasmhéid is féidir leat a thuilleamh ó obair agus do theidlíocht ar an Liúntas Míchumais a choinneáil. Chiallódh an méid seo de thuilleamh seachtainiúil go mbeadh an t-íosráta pearsanta, €3, á fháil agat.

Má tá ardú á fháil agat le haghaidh aosach cáilithe nó leanaí cáilithe, glactar le d'acmhainní ón obair mar an ráta foriomlán a bhaineann leat (ciallaíonn ráta foriomlán do Liúntas Míchumais móide aosach cáilithe móide leanaí cáilithe).

Má tá íocaíocht le laghdú, déantar é seo trí úsáid a bhaint as bandaí. Tá na bandaí a úsáidtear don Liúntas Míchumais agus do Phinsean na nDall le fáil le **Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19)**. Tá an leabhrán seo le fáil ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

Tá dhá shampla le fáil ar na leathanaigh ina dhiaidh seo, chun críche léiriúcháin amháin, a léiríonn conas a mheastar tuilleamh seachtainiúil ó obair do dhuine singil.

Más mian leat modh measta ioncaim a phlé, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'Ionad Intreo áitiúil nó rannóg an Liúntais Míchumais (tá na sonraí teagmhála thíos) laistigh den roinn. Nó is féidir leat Meastóir an tSochair Oibre ar líne a úsáid. Féach **leathanach 81** mar threoir chun cabhrú leat d'ioncam a mheas tú féin.

Ó Mheithimh 2022, mhéadaigh an teorainn ioncaim ag a ndéantar measúnú ar d'acmhainn ag 100% ó €350 go €375 sa tseachtain agus méadaíodh an tairseach acmhainne seachtainiúla ó €2.50 go €7.60.

### Sampla 1: Tuilleann Seán níos lú ná €375 sa tseachtain

Tá Liúntas Míchumais luach €208 sa tseachtain á fháil ag Seán agus tá tús curtha aige le post nua. Tá a thuilleamh seachtainiúil (pá) ón obair cothrom le €150.

Ar dtús, déanfaimid measúnú ar an méid a chuirtear san áireamh mar acmhainní óna thuilleamh seachtainiúil €150 ón obair chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ráta Liúntais Míchumais laghdaithe a bheidh á fháil aige.

**Tuilleamh seachtainiúil €150 = neamhaird tugtha ar €140 + aird tugtha ar €10 ag 50%**

- **Ní chuirtear** an chéad €140 dá thuilleamh seachtainiúil san áireamh. I bhfocail eile, tugtar neamhaird dó. Tuilleamh seachtainiúil €150 lúide neamhaird ar thuilleamh €140 cothrom le €10.
- Cuirtear leath (50%) den €10 fágtha óna thuilleamh seachtainiúil san áireamh, rud a chiallaíonn **go nglactar** le €5 mar acmhainn.

Nuair a fhéachann Seán ar leabhrán SW19, is léir dó go bhfuil an acmhainn €5 mar bhonn le híocaíocht laghdaithe Liúntais Míchumais de **€208**.

Seo a leanas a ioncam seachtainiúil iomlán nua:

**Íocaíocht Liúntais Míchumais €208 + tuilleamh seachtainiúil €150 = ioncam seachtainiúil iomlán €358.**

Beidh cead ag Seán a phas saorthaistil le linn dó íocaíocht cháilitheach a fháil nó ar feadh tréimhse breise 5 bliana, sa chás go raibh teidlíocht aige ar Shaorthaistil ar an scéim roimhe seo.

### Sampla 2: Tuilleann Belinda níos mó ná €375 sa tseachtain

Tá Liúntas Míchumais luach €208 sa tseachtain á fháil ag Belinda agus tá tús curtha aici le post nua. Tá a tuilleamh seachtainiúil (pá) ón obair cothrom le €400.

Ar dtús, déanfaimid measúnú ar an méid a chuirtear san áireamh mar acmhainní óna tuilleamh seachtainiúil €400 chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ráta Liúntais Míchumais laghdaithe a bheidh á fháil aici.

**Tuilleamh seachtainiúil €400 = neamhaird tugtha ar €140 + measúnú déanta ar €235 ag 50% + €25 measta ag 100%**

- Ní chuirtear an chéad €140 dá tuilleamh seachtainiúil san áireamh. I bhfocail eile, tugtar neamhaird dó. Ciallaíonn sé sin go bhfuil €210 á fháil ag Belinda a nglactar leis mar acmhainn (de bhrí go bhfuil €375 lúide €140 cothrom le €235).
- Ní chuirtear ach leath (50%) de €235 san áireamh, rud a chiallaíonn go nglactar le €117.50 mar acmhainn.
- Cuirtear (100%) an méid ar fad os cionn €375 (€400 lúide €375) san áireamh, rud a chiallaíonn go nglactar le €25 eile mar acmhainn freisin.

**Déantar acmhainn Belinda a mheas mar €117.50 + €25 = €142.50 sa tseachtain.**

Nuair a fhéachann Belinda ar leabhrán SW19, is léir di go bhfuil an acmhainn €142.50 mar bhonn le híocaíocht Liúntais Míchumais laghdaithe luach **€73**.

Seo a leanas a hioncam seachtainiúil iomlán nua: **Íocaíocht laghdaithe Liúntais Míchumais €73 + tuilleamh seachtainiúil €400 = ioncam seachtainiúil iomlán €473.**

Beidh cead ag Belinda a pas saorthaistil le linn dó íocaíocht cháilitheach a fháil nó ar feadh tréimhse breise 5 bliana, sa chás go raibh teidlíocht aige ar Shaorthaistil ar an scéim roimhe seo.

Roimh Mheitheamh 2022, ba é an teorainn ioncaim ag a ndéantar acmhainní a mheasúnú ag 100% ná €350 sa tseachtain.

### Samplaí maidir le conas íocaíocht laghdaithe Phinsean na nDall a ríomh i ndiaidh tosú ag obair

Is é €470.10 sa tseachtain an t-uasmhéid is féidir leat a thuilleamh ó obair agus do theidlíocht ar Phinsean na nDall a choinneáil. Chiallódh an méid seo de thuilleamh seachtainiúil go mbeadh an t-íosráta pearsanta, €3, á fháil agat.

Má tá ardú á fháil agat le haghaidh aosach cáilithe nó leanaí cáilithe, glactar le d'acmhainní ón obair mar an ráta foriomlán a bhaineann leat.

Tá dhá shampla le fáil thíos, chun críche léiriúcháin amháin, a léiríonn conas a mheastar tuilleamh seachtainiúil ó obair do dhuine singil.

Más mian leat modh measta d'ioncaim a phlé, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'Ionad Intreo áitiúil nó rannóg Phinsean na nDall laistigh den roinn (tá na sonraí teagmhála le fáil ar **leathanach 60**). Is féidir leat an Meastóir Sochair Oibre ar líne a úsáid freisin.

Ó Mheitheamh 2022, méadaíodh an teorainn ioncaim ag a measúnaítear d'acmhainn ag 100% ó €350 go €375 sa tseachtain.

### Sampla 1: Tuilleann Bríd níos lú ná €350 sa tseachtain

Tá Liúntas Míchumais luach €208 sa tseachtain á fháil ag Bríd agus tá tús curtha aici le post nua. Tá a tuilleamh seachtainiúil (pá) ón obair cothrom le €160.

Ar dtús, déanfaimid measúnú ar an méid a chuirtear san áireamh mar acmhainn ó thuilleamh seachtainiúil Bríd, €160, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ráta laghdaithe Phinsean na nDall a bheidh á fháil aici.

**Tuilleamh seachtainiúil €160 = neamhaird tugtha ar €140 + aird tugtha ar €20 ag 50%**

- Ní chuirtear an chéad €140 dá tuilleamh seachtainiúil san áireamh. I bhfocail eile, tugtar neamhaird dó.
- Ní chuirtear ach leath (50%) den méid fágtha, €20, óna tuilleamh seachtainiúil san áireamh, rud a chiallaíonn go nglactar le €10 mar acmhainn.

Nuair a fhéachann Bríd ar leabhrán SW19, is léir di go bhfuil an acmhainn €10 mar bhonn le híocaíocht laghdaithe Phinsean na nDall luach **€205.50**.

Seo a leanas ioncam seachtainiúil iomlán nua Bhríd:

**Íocaíocht laghdaithe Phinsean na nDall €205.50 + tuilleamh seachtainiúil €160 = ioncam seachtainiúil iomlán €365.50.**

Beidh cead ag Bríd a pas saorthaistil a choinneáil fad is atá sí i mbun fostaíochta.

### Sampla 2: Tuilleann Fergal níos mó ná €375 sa tseachtain

Tá Pinsean na nDall luach €208 sa tseachtain á fháil ag Fergal faoi láthair agus tá tús curtha aige le post nua. Tá a thuilleamh seachtainiúil (pá) ón obair cothrom le €400.

Ar dtús, déanfaimid measúnú ar an méid a chuirtear san áireamh mar acmhainn ó thuilleamh seachtainiúil Fergal, €400, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ráta laghdaithe Phinsean na nDall a bheidh á fháil aige.

**Tuilleamh seachtainiúil €400 = neamhaird tugtha ar €140 + measúnú déanta ar €235 ag 50% + €25 measta ag 100%**

- Ní chuirtear an chéad €140 dá thuilleamh seachtainiúil san áireamh. I bhfocail eile, tugtar neamhaird dó.
- Ní ghlactar ach le leath (50%) den €235 (€375 lúide €140) eile mar acmhainn, sin €117.50.
- Cuirtear (100%) den méid ar fad os cionn €375 (€400 lúide €375) san áireamh, rud a chiallaíonn go nglactar le **€25** eile mar acmhainn freisin.

Déantar acmhainn Fergal a mheas mar €117.50 + €25 = **€142.50 sa tseachtain**.

Nuair a fhéachann Fergal ar leabhrán SW19, is léir dó go bhfuil an acmhainn €142.50 mar bhonn le híocaíocht laghdaithe Phinsean na nDall luach **€73**.

Seo a leanas ioncam seachtainiúil iomlán nua Fergal:

**Íocaíocht laghdaithe Phinsean na nDall €73 + tuilleamh seachtainiúil €400 = ioncam seachtainiúil iomlán €473.**

Beidh cead ag Fergal a phas saorthaistil a choinneáil fad is atá sé i mbun fostaíochta.

# Sochar Páirtchumais

Íocfaimid Sochar Páirtchumais mura féidir leat a bheith ag obair ar bhonn lánacmhainne ach má tá cead faighte agat ón roinn filleadh ar an obair.

## Conas a cháilím le haghaidh Sochair Páirtchumais?

Chun cáiliú le haghaidh Sochair Páirtchumais, ní mór go mbeadh ceann acu seo a leanas á fháil agat i láthair na huaire:

- Sochar Breoiteachta le haghaidh 26 seachtain ar a laghad; nó
- Pinsean Easláine.

Féadfaidh tú dul i mbun oibre **i ndiaidh** cead i scríbhinn a fháil ón roinn seo agus i ndiaidh duit bogadh ar aghaidh ó na híocaíochtaí seo a fháil agus Sochar Páirtchumais a fháil.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Shochar Páirtchumais sula dtosaíonn tú ag cuardach oibre. Ní aistreofar thú chuig an Sochar Páirtchumais go dtí go dtosaíonn tú ag obair.

Is féidir leat aon mhéid a thuilleamh agus an oiread uaireanta oibre agus is mian leat a dhéanamh. Is féidir leat a bheith féinfhostaithe fad is atá Sochar Páirtchumais á fháil agat.

## Conas a cháilím le haghaidh Sochair Páirtchumais?

Ríomhtar Sochar Páirtchumais le haghaidh gach duine. D’fhéadfaí méaduithe le haghaidh na ndaoine seo a leanas a áireamh ann:

- aosach cáilithe; agus
- leanbh cáilithe.

Tá an ráta pearsanta íocaíochta bunaithe ar:

- do chumas chun oibre bunaithe ar mheasúnú leighis a chuirimid i gcrích;
- cibé acu atá nó nach bhfuil Sochar Breoiteachta nó Pinsean Easláine á fháil agat; agus
- do ráta íocaíochta reatha.

| Rátaí seachtainiúla Páirtchumais | | |
|---|---|---|
| An leibhéal éagumais i ndáil le do chumas chun oibre mar atá sonraithe i do mheasúnú leighis | Íocaíocht sheachtainiúil má bhí Sochar Breoiteachta á fháil agat roimhe seo | Íocaíocht sheachtainiúil má fuair tú Pinsean Easláine |
| Measartha | €104.00 | €106.75 |
| Trom | €156.00 | €160.13 |
| Géar | €208.00 | €213.50 |

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

### Cén fhad is féidir liom Sochar Páirtchumais a fháil?

Is é 156 seachtain an tréimhse uasta is féidir le duine Sochar Páirtchumais a fháil, faoi réir theorainneacha na híocaíochta a bhí á fáil agat roimhe sin:

- **Sochar Breoiteachta**: Ní mór go mbeadh Sochar Breoiteachta á fháil agat le haghaidh 26 seachtain ionas go mbeidh tú incháilithe le haghaidh Sochar Páirtchumais. Má tá tú ag bogadh ó Shochar Breoiteachta go Sochar Páirtchumais, d'fhéadfadh go mbeadh Sochar Páirtchumais á fháil agat le haghaidh dhá bhliain (104 lá íocaíochta), lúide an tréimhse a raibh Sochar Breoiteachta a fháil agat lena haghaidh.
- **Pinsean Easláine**: Má bhogann tú ó Phinsean Easláine go Sochar Páirtchumais, is féidir leat Sochar Páirtchumais a fháil le haghaidh 156 seachtain.

## Sochar Páirtchumais agus íocaíochtaí eile

**Is féidir leat** Sochar Páirtchumais agus Liúntas Cúramóra leathráta a fháil le chéile.

**Ní féidir leat** Sochar Páirtchumais agus Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht, an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh roimhe seo, a fháil le chéile.

### Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar Shochar Páirtchumais?

Déan teagmháil le Rannóg an tSochair Páirtchumais trí ghlaoch ar an uimhir **(01) 704 3300**. Seolfaidh siad foirm iarratais chugat sa phost, de bhrí nach bhfuil na foirmeacha seo ar fáil ar líne.

Déanfaidh Measúnóir Leighis do chumas chun oibre a mheas. B'fhéidir go mbeadh ort freastal ar mheasúnú leighis. Ba cheart duit an fhianaise leighis ábhartha ar fad a chur ar fáil le d'iarratas.

(Má cháilíonn tú le haghaidh Sochar Páirtchumais, ní gá duit teastais leighis a chur ar fáil).

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe don **Sochar Páirtchumais** i dteannta leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg an tSochair Páirtchumais**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Urlár 2, Áras Mhic Dhiarmada**
**Sráid an Stórais**
**Baile Átha Cliath 1**
**D01 WY03**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir leis an Sochar | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/PCB |
| **Ríomhphost:** | PCB@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (01) 704 3300 |

## Meastóir Sochair Oibre

Tá uirlis forbartha againn, Meastóir Sochair Oibre, do dhaoine a bhfuil Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall, Pinsean Easláine nó Sochar Breoiteachta á fháil acu. Tá an Meastóir le fáil ag **www.mywelfare.ie/BenefitOfWorkDAestimator**

D'fhéadfadh sé seo cabhrú leat measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí airgeadais a bhaineann le glacadh le hobair nó leis an Sochar Páirtchumais a éileamh. Is féidir leat an uirlis seo a úsáid agus ní bheidh a fhios againn go bhfuil úsáid bainte agat as an uirlis nó cén fáth.

## Conas obair a aimsiú trí úsáid a bhaint as an tseirbhís fostaíochta pobail

Tá an tseirbhís fostaíochta pobail a thairgeann tacaíocht agus comhairle do dhaoine a bhfuil obair á cuardach acu á bainistiú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### Ionaid Intreo

Soláthraíonn Ionaid Intreo na Roinne ionad amháin le haghaidh seirbhísí fostaíochta agus tacaíochtaí ioncaim mar aon le raon tacaíochtaí pearsantaithe le haghaidh cuardaitheoirí poist, lena n-áirítear cuardaitheoirí poist atá faoi mhíchumas. I d'Ionad Intreo áitiúil, is féidir leat comhairle a fháil maidir le post a chuardach, eolas maidir le folúntais post agus tacaíocht ioncaim, agus d'íocaíocht sheachtainiúil in aon áit amháin.

Déan teagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil chun coinne a eagrú le duine dár gcásoifigigh. Tá sonraí teagmhála d'Ionad Intreo áitiúil le fáil ar **www.gov.ie/intreocentres**

Ní athrófar méid d'íocaíocht reatha coimirce sóisialaí trí labhairt le cásoifigeach, agus ní dhéanfar athbhreithniú ar d'íocaíocht de bhrí go ndearna tú teagmháil le cásoifigeach.

## Tacaíochtaí fostaíochta agus soláthraithe seirbhíse eile

Tá seirbhísí fostaíochta á gcur ar fáil ag cuideachtaí ar conradh.

### Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (LES)

Soláthraíonn LES geata áitiúil, nó pointe rochtana, ar an raon iomlán seirbhísí agus áiseanna atá ar fáil chun cabhrú le cuardaitheoirí poist fostaíocht a aimsiú nó filleadh ar fhostaíocht. Cuirtear seirbhísí ar fáil do chuardaitheoirí poist a molann oifigigh Intreo dóibh teagmháil a dhéanamh le LES, agus freisin do chliaint a dhéanann teagmháil dhíreach leis an tseirbhís.

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/les |

### Clubanna Fostaíochta

Soláthraíonn Clubanna Fostaíochta cabhair do chuardaitheoirí poist dul i mbun fostaíochta agus dul i mbun fostaíochta an athuair trí thacaíochtaí aonair a sholáthar, seirbhís 'buail isteach', ullmhú CV agus ceardlanna foirmiúla.

Tá tuilleadh eolais maidir le Clubanna Fostaíochta le fáil ar **www.gov.ie/jobclubs**. Tá sonraí maidir le suíomhanna Clubanna Fostaíochta le fáil ar **www.gov.ie/jobclubslocations**

### JobPath

Is clár é seo a chabhraíonn le cuardaitheoirí poist atá dífhostaithe go fadtéarmach (níos mó ná 12 mhí) fostaíocht lánaimseartha a aimsiú agus fanacht i mbun fostaíochta. Ní féidir le hoifigigh Intreo ach daoine a bhfuil íocaíocht Cuardaitheora Poist á fáil acu (ní Liúntas Míchumais, Pinsean na nDall ná Pinsean Easláine) a chur faoi bhráid na seirbhísí seo.

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir le JobPath uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/jobpath |

## JobsIreland.ie

Is seirbhís fógraíochta poist saor in aisce d'fhostóirí í seo. Cuireann an tseirbhís seo ar do chumas poist a chuardach agus próifíl a chruthú ionas gur féidir leat do scileanna agus taithí a mheaitseáil leis na poist atá ar fáil.

| Má theastaíonn tuilleadh eolais maidir le JobsIreland uait | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.jobsireland.ie |

## EmployAbility

Soláthraíonn Seirbhísí EmployAbility seirbhís tacaíochta fostaíochta do dhaoine a bhfuil riocht sláinte, gortú, tinneas nó míchumas acu.

### Conas is féidir liom Seirbhísí EmployAbility a rochtain?

Má tá tú ag obair le cásoifigeach Ionad Intreo nó idirghabhálaí LES, d'fhéadfaí a mholadh duit tairbhe a bhaint as seirbhís EmployAbility má shíleann tú féin agus an cásoifigeach go mbainfeá tairbhe as na cineálacha tacaíochtaí atá á gcur ar fáil. Ní féidir leat Seirbhísí EmployAbility a rochtain mura ndéantar tú a atreorú.

### Céard iad na seirbhísí atá á soláthar ag EmployAbility?

Áirítear i measc na seirbhísí agus na dtacaíochtaí:

- cabhrú leat obair a fháil;
- tacaíocht fostaíochta a sholáthar don fhostóir agus don fhostaí;
- seirbhís ghairmiúil meaitseála poist a sholáthar d'fhostóirí chun cabhrú le hearcaíocht rathúil a chinntiú; agus
- comhairle agus faisnéis a sholáthar maidir le tacaíochtaí fostaíochta breise duit féin agus d'fhostóirí ionchasacha.

Tá tuilleadh eolais maidir le Seirbhís EmployAbility le fáil ar **www.gov.ie/employAbility**. Tá eolas maidir le do Sheirbhís EmployAbility áitiúil le fáil ar **www.gov.ie/employAbilityorganisations**

## Tacaíochtaí le haghaidh céimithe faoi mhíchumas

### Meantóireacht, Toilteanach & Ábalta (WAM)

Soláthraíonn WAM tacaíocht le haghaidh céimithe faoi mhíchumas le linn dóibh aistriú i dtreo na fostaíochta. Is clár socrúcháin oibre atá ann a bhfuil sé mar aidhm leis rochtain céimithe faoi mhíchumas ar an margadh saothair a chur chun cinn agus cur le hacmhainn fostóirí míchumais a chomhtháthú san áit oibre príomhshrutha.

Comhoibríonn fostóirí rannpháirteacha le WAM chun socrúcháin oibre íoctha, le meantóireacht, a thairiscint do chéimithe faoi mhíchumas. Tugann an chomhpháirtíocht seo céimithe faoi mhíchumas agus fostóirí le chéile ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as an gcaidreamh eatarthu, agus ar an tslí sin, cinntítear go bhfuil deiseanna foghlama dáiríre á gcur ar fáil do gach duine.

### GetAHEAD

Is gréasán mac léinn agus céimithe faoi mhíchumas é seo, daoine atá ag aistriú ó oideachas tríú leibhéal go fostaíocht lánaimseartha.

Tá sé mar aidhm ag GetAHEAD céimithe faoi mhíchumas a uasoiliúint trí imeachtaí agus faisnéis oiliúna a sholáthar a chlúdaíonn ábhair éagsúla lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- obair dheonach, taithí oibre agus cuardach poist;
- ullmhúchán le haghaidh agallaimh agus CV a scríobh; agus
- teidlíochtaí dlíthiúla, deontais atá ar fáil agus nochtadh míchumais.

Tá WAM agus GetAHEAD á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus á riar ag an gCumann um Rochtain Ardoideachais agus Míchumas (AHEAD).

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le WAM agus GetAHEAD | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.ahead.ie |

## Scéimeanna agus íocaíochtaí fostaíochta eile

Má tá Liúntas Míchumais á fháil agat, d'fhéadfá **cáiliú** don Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS) má tá tú i mbun feirmeoireachta nó iascaireachta go gníomhach.

D'fhéadfadh daoine a bhfuil Liúntas Breoiteachta, Pinsean Easláine, Liúntas Míchumais agus Pinsean na nDall á fháil acu cáiliú le haghaidh Scéimeanna Fostaíochta Pobail (FP).

Níl daoine a bhfuil íocaíochtaí míchumais á bhfáil acu incháilithe chun tairbhe a bhaint as scéim TÚS.

D'fhéadfadh daoine a bhfuil Liúntas Míchumais agus Pinsean na nDall á bhfáil acu cáiliú don Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht (WFP) má chomhlíonann siad na critéir.

Ní féidir le daoine a bhfuil Pinsean Easláine agus Sochar Breoiteachta á bhfáil acu a bheith ag obair agus ní féidir leo cáiliú le haghaidh WFP. Chomh maith leis sin, níl daoine a bhfuil Sochar Páirtchumais á fháil acu cáilithe le haghaidh WFP.

### Sochair bhreise

Má bhíonn tú ag obair fad is atá Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á bhfáil agat, is féidir leat aon sochair bhreise a bhí á bhfáil agat a choinneáil. D'fhéadfaí an méid Forlíonta Cíosa atá á fháil agat a laghdú, áfach.

Go ginearálta, nuair a ghlacann tú páirt i scéim fostaíochta, is féidir leat aon sochair bhreise a bhí á bhfáil agat a choinneáil.

## Teidlíocht Saorthaistil a choinneáil

Má bhogann tú ó íocaíocht mhíchumais (féach ar an liosta thíos) chuig post, is féidir leat do theidlíocht ar Shaorthaisteal a choinneáil le haghaidh cúig bliana:

- Liúntas Míchumais
- Pinsean Easláine
- Sochar Páirtchumais ó Phinsean Easláine
- Sochar Míthreorach íoctha i dteannta le Forlíonadh Éagumais
- Aistriú ó Liúntas Míchumais nó Pinsean Easláine chuig Fostaíocht Pobail (FP), SOLAS (An Ghníomhaireacht Stáit le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna) nó scéim um Fhilleadh ar an Obair.
- Aistriú ó Liúntas Míchumais nó Míthreorach nó Éagumais nó Pinsean na nDall go Scéim Fóirdheontais Tuarastail
- Aistriú ó Liúntas Míchumais nó Pinsean Easláine chuig socrúchán taithí oibre WAM (Meantóireacht, Toilteanach & Ábalta).

Is féidir leat do phas saorthaistil a choinneáil má tá tú cláraithe le NCBI (Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill).

## Do Chárta Leighis FSS a Choinneáil

Má théann tú i mbun oibre, is féidir leat do Chárta Leighis FSS a choinneáil le haghaidh trí bliana, faoi réir neamhaird tuillimh. Tá an neamhaird tuillimh le haghaidh cárta leighis do dhaoine a bhfuil Liúntas Míchumais á bhfáil acu cothrom le €427 sa tseachtain. Tá coinníollacha an chárta leighis faoi réir athbhreithnithe. Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin FSS más spéis leat na sonraí atá cothrom le dáta **www.HSE.ie**

## Féinfhostaíocht

Más mian leat a bheith féinfhostaithe, is féidir leat labhairt le cásoifigeach i d'Ionad Intreo áitiúil faoin Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar an Obair (BTWEA) agus tacaíochtaí eile, cosúil leis an Deontas Oiriúnaithe le haghaidh Trealamh san Áit Oibre (WEAG).

Féach ar **Cuid 5: Deontais agus tacaíochtaí airgeadais do dhaoine faoi mhíchumas agus a bhfostóirí** le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le WEAG. Más spéis leat sonraí faoi BTWEA a léamh, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/btwea**

## Cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna (FET)

Má tá Liúntas Míchumais nó Pinsean na nDall á fháil agat agus má ghlacann tú le háit ar chúrsa FET, gheobhaidh tú liúntas oiliúna seachas d'íocaíocht coimirce sóisialaí. Tá an méid seo mar an gcéanna agus áireofar ann aon mhéaduithe le haghaidh céile cáilithe nó leanaí cáilithe. Cuirtear stop le d'íocaíocht coimirce sóisialaí nuair atá tú i mbun cúrsa oiliúna. Is féidir leat d'íocaíocht coimirce sóisialaí a fháil arís nuair a fhágann tú an cúrsa oiliúna mura n-éiríonn leat post a fháil.

Má bhí Liúntas Easláine nó Sochar Breoiteachta á fháil agat agus má ghlacann tú le háit ar chúrsa FET, gheobhaidh tú d'íocaíocht iomlán coimirce sóisialaí fós. Áireofar san íocaíocht seo aon mhéaduithe a fhaigheann tú le haghaidh do chleithiúnach, ach ní bhfaighidh tú liúntas oiliúna ná bónas oiliúna. Ní mór duit **iarratas a dhéanamh ar chead i scríbhinn** ón roinn i gcónaí sular féidir leat tús a chur le cúrsa oiliúna. Is féidir leat aon sochair bhreise a bhí agat sular thosaigh tú ar an gcúrsa a choinneáil.

Má tá spéis agat i bpáirt a ghlacadh i gcúrsa FET, déan teagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil chun coinne a dhéanamh le duine dár gcásoifigigh. Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo le fáil ag: **www.gov.ie/intreocentres**

| **Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le cúrsa FET a dhéanamh má tá tú faoi mhíchumas** | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/learnnewskills |

# Cuid 5: Deontais agus tacaíochtaí airgeadais do dhaoine faoi mhíchumas agus dá bhfostóirí

Tá eolas le fáil sa chuid seo faoi na tacaíochtaí atá ar fáil le haghaidh na ndaoine seo a leanas:

- Cuardaitheoirí poist faoi mhíchumas;
- Fostaithe faoi mhíchumas; agus
- Fostóirí ar mian leo cuardaitheoir poist atá faoi mhíchumas a fhostú nó tacú le fostaí atá acu i láthair na huaire atá faoi mhíchumas nó a fhaigheann míchumas.

Áirítear ina measc:

- Deontais an Chiste um Chóiríocht Réasúnach;
- Deontas na Scéime Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas;
- Scéim Fóirdheontais Tuarastail; agus
- Clár Ability.

# Deontais an Chiste um Chóiríocht Réasúnach

Cabhraíonn an Ciste um Chóiríocht Réasúnach le cuardaitheoirí poist, fostaithe faoi mhíchumas agus fostóirí, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe, cur ar chumas daoine faoi mhíchumas fostaíocht a aimsiú, dul i mbun fostaíochta nó fostaíocht a choinneáil trí na ceithre dheontas seo a leanas a chur ar fáil:

1. Deontas Oiriúnaithe le haghaidh Trealamh san Áit Oibre;
2. Deontas le haghaidh Léitheoir Pearsanta;
3. Deontas d'Ateangaire ag Agallamh le haghaidh Poist; agus
4. Deontas chun Fostaithe a Choinneáil

# Deontas Oiriúnaithe le haghaidh Trealamh san Áit Oibre

Má theastaíonn áit oibre níos inrochtana nó trealamh oiriúnaithe uait chun do phost a dhéanamh (lena n-áirítear má tá tú féinfhostaithe) b'fhéidir go mbeadh tú féin nó d'fhostóir in ann deontas a fháil chun na costais a bhaineann leis na hathruithe seo a dhéanamh a íoc.

D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar dheontais a chur ar fáil le haghaidh teicneolaíochtaí cúnta agus oiriúnuithe trealaimh.

### Cén ráta atá luaite leis an Deontas Oiriúnaithe le haghaidh Trealamh san Áit Oibre?

Tá deontas uasta de €6,350 ar fáil chun cabhrú leis na costais seo a íoc. Breithneoidh an roinn iarratais ar mhéid níos mó suas go dtí €9,523 má tá oiliúint speisialaithe le haghaidh trealamh cúnta ag teastáil. Chomh maith leis sin, is féidir an deontas seo a úsáid chun trealamh oiriúnaithe a uasghrádú a bhí á mhaoiniú roimhe seo.

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir leis an deontas seo | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/weag |

# Deontas le haghaidh Léitheoir Pearsanta

Má tá tú dall, faoi lagamharc nó má tá do radharc á chailleadh agat agus má theastaíonn cabhair uait chun rudaí a léamh san ionad oibre, b'fhéidir go mbeifeá i dteideal deontais a chuirfeadh ar do chumas Léitheoir Pearsanta a fhostú.

### Cén ráta atá luaite leis an Deontas le haghaidh Léitheoir Pearsanta?

Íocfaidh an roinn táille in aghaidh na huaire ar aon dul leis an Íosphá Náisiúnta reatha. Íocfar an táille le haghaidh tréimhse chomhaontaithe suas go dtí **640 uair sa bhliain**.

### Cén ráta atá luaite leis an Deontas le haghaidh Léitheoir Pearsanta?

D'fhéadfá cáiliú sna cásanna seo a leanas:

- tá tú fostaithe san earnáil phríobháideach agus teastaíonn cabhair uait chun rudaí a léamh san áit oibre mar gheall ar lagú radhairc;
- tá tú faoi lagamharc le déanaí agus tá baol ann go gcaillfidh tú do phost mar gheall ar an lagú seo;
- tá do radharc ag éirí lag de réir a chéile agus tá tú chun obair nua nó dhifriúil a dhéanamh le haghaidh d'fhostóra; nó
- tá d'ionchais ardaithe céimithe teoranta mar gheall ar dheacracht léitheoireachta mar thoradh ar do lagú radhairc.

Má cheadaítear an t-iarratas, gheobhaidh tú deontas chun íoc as costais chomhaontaithe do léitheora. Níor cheart go mbeadh an léitheoir pearsanta in úsáid seachas aon chúnamh léitheoireachta a bheadh á fháil de ghnáth ó chomhghleacaithe oibre, gaolta nó cairde.

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Deontas le haghaidh Léitheoir Pearsanta | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/persreader |

# Deontas d'Ateangaire ag Agallamh le haghaidh Poist

Más cuardaitheoir poist thú atá bodhar, atá faoi allaíre nó a bhfuil lagú urlabhra agat agus má tá tú ag freastal ar agallaimh le fostóirí san earnáil phríobháideach, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh:

- ateangaire teanga chomharthaíochta; nó
- ateangaire eile chun freastal ar na hagallaimh leat.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar thréimhse trí huaire an chloig le haghaidh gach agallamh. Má tá roinnt agallamh eagraithe agat, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh gach agallamh. Níl aon srian leis an méid agallamh is féidir le duine freastal orthu mar ateangaire.

Má tá tús á chur agat le post nua le fostóir san earnáil phríobháideach, is féidir leat maoiniú a fháil chun an costas a bhaineann le hateangaire a fhostú a íoc, le haghaidh trí huair an chloig, chun cabhrú leat i rith do thréimhse ionduchtaithe.

Is féidir an tacaíocht ateangaire san ionad fostaíochta le haghaidh ionduchtú fostaí nua a úsáid sa bhreis ar chúnamh i rith agallamh le haghaidh poist.

## Cén ráta atá luaite leis an Deontas d'Ateangaire ag Agallamh le haghaidh Poist?

Íocfaidh an roinn an táille a bhaineann le tréimhse trí huair an chloig le haghaidh gach agallamh. Braithfidh an táille a íocfar ar rudaí éagsúla cosúil le cé chomh cáilithe is atá d'ateangaire agus fachtóirí eile. Chomh maith leis sin, íocfaimid costais taistil an ateangaire mar íocaíocht shocraithe don tseirbhís.

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Deontas d'Ateangaire ag Agallamh le haghaidh Poist | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/interpretergrant |

## Scéim Deontais chun Fostaithe a Choinneáil

Tá sé mar aidhm leis an Scéim Deontais chun Fostaithe a Choinneáil cabhrú le fostóirí san earnáil phríobháideach tacú le fostaithe a shealbhaíonn breoiteacht, míchumas, riocht nó lagú (gairme nó eile) a bhfuil tionchar aige ar a gcumas a bpost a chur i gcrích.

Soláthraíonn an scéim seo maoiniú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cóiríocht nó oiliúint a shainaithint, nó an dá rud, chun cur ar chumas an fhostaí fanacht ina phost reatha; nó
- an fostaí a athoiliúint ionas gur féidir leis/léi glacadh le post eile laistigh den chuideachta.

Tá cead ag gach cuideachta san earnáil phríobháideach iarratas a dhéanamh ar an Scéim Deontais chun Fostaithe a Choinneáil. Tá maoiniú ar fáil chun cabhrú le tacú le haon fhostaí reatha, ag aon leibhéal agus atá i mbun aon chineál gairme sa chuideachta.

### Cén ráta atá luaite leis an Scéim Deontais chun Fostaithe a Choinneáil?

Cuirtear maoiniú faoin scéim seo ar fáil in dhá chéim:

### Céim 1

Tá an scéim seo faoi réir uasmhéid de €2,500 nó 90% de chostais incháilithe an chláir le haghaidh gach fostaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- speisialtóirí a fhruiliú chun meastóireacht a dhéanamh ar acmhainn ghairme an fhostaí; agus
- measúnú a dhéanamh san áit oibre nó measúnú poist a dhéanamh chun Straitéis Choinneála aonair i scríbhinn a fhorbairt.

### Céim 2

Tá an scéim seo faoi réir uasmhéid de €12,500 nó 90% de chostais incháilithe an chláir le haghaidh gach fostaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an fostaí a oiliúint dá p(h)ost reatha nó an fostaí a athoiliúint ionas gur féidir leo tabhairt faoi phost eile laistigh den chuideachta;
- Cóitseálaí Poist a fhruiliú chun tacú leis an bhfostaí sin, agus idirchaidreamh a dhéanamh le bainisteoir líne an fhostaí le haghaidh tréimhse uasta 300 uair an chloig; agus
- speisialtóir a fhruiliú chun an Straitéis Choinneála a bhainistiú ar bhonn leanúnach go dtí go bhfuil ath-imeascadh curtha i gcrích le haghaidh tréimhse uasta 60 uair an chloig.

| **Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Deontas Coinneála Fostaithe** | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/retentiongrant |

## Conas iarratas a dhéanamh ar na deontais thuasluaite

Más cuardaitheoir poist thú atá faoi mhíchumas nó más fostaí thú atá faoi mhíchumas, is féidir leat féin nó le d'fhostóir (lena n-áirítear daoine féinfhostaithe) iarratas a dhéanamh ar an ceithre dheontas faoin gCiste um Chóiríocht Réasúnach (RAF) a pléadh faoi na ceannteidil roimhe seo:

- Deontas Oiriúnaithe le haghaidh Trealamh san Áit Oibre;
- Deontas le haghaidh Léitheoir Pearsanta;
- Deontas d'Ateangaire ag Agallamh le haghaidh Poist; agus
- Scéim Deontais chun Fostaithe a Choinneáil.

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar dheontais RAF ach má tá tú fostaithe, nó má tá fostaíocht á lorg agat (nó má tá tú féinfhostaithe), san **earnáil phríobháideach**.

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirmeacha iarratais deontais **RAF**, cuid 1 agus cuid 2. Tá Cuid 1 mar an gcéanna le haghaidh gach deontais. Tá Cuid 2 difriúil, ag brath ar an scéim a bhfuil iarratas á dhéanamh agat uirthi. Chun foirmeacha iarratais le haghaidh deontas RAF a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/RAFUND**

Chomh maith leis sin, is féidir leat foirmeacha iarratais le haghaidh deontas RAF a fháil ó d'Ionad Intreo áitiúil, Oifig Leasa Shóisialaigh nó aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Ón 1 Eanáir 2022, beidh an Deontas Oiriúnaithe le haghaidh Trealamh san Áit Oibre, an Deontas le haghaidh Léitheoir Pearsanta agus an Deontas d'Ateangaire ag Agallamh le haghaidh Poist ar fáil do chuardaitheoirí poist atá faoi mhíchumas trí sholáthraithe seirbhíse EmployAbility freisin. Tá tuilleadh eolais le fáil ag **www.gov.ie/employability**

Seol d'fhoirmeacha iarratais chomhlánaithe le haghaidh deontas RAF i dteannta leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig d'Ionad Intreo áitiúil. Tá sonraí teagmhála d'Ionad Intreo áitiúil le fáil ar **www.gov.ie/intreocentres**

Ó Eanáir 2022 ar aghaidh, is féidir leat d'fhoirmeacha iarratais chomhlánaithe le haghaidh deontas RAF i dteannta leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe an bhfoirm a sheoladh chuig do sholáthraí seirbhíse áitiúil EmployAbility. Tá sonraí teagmhála do sholáthraí seirbhíse áitiúil EmployAbility le fáil ar **www.gov.ie/employability**

| **Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin gCiste um Chóiríocht Réasúnach** | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/RAFUND |

## Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas

Soláthraíonn an Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas maoiniú le haghaidh fostóirí san earnáil phríobháideach chun cabhrú le Oiliúint um Fheasacht ar Mhíchumas a eagrú le haghaidh comhaltaí foirne a oibríonn le comhghleacaí atá faoi mhíchumas agus íoc as an oiliúint sin. Ba cheart go soláthródh an oiliúint an méid seo a leanas:

- faisnéis shoiléir agus bheacht maidir le míchumas; **agus**
- tuiscint agus feasacht ar mhíchumas, lena n-áirítear:
  - Deiseanna ábhartha in aghaidh idirdhealú agus comhdheiseanna; agus
  - reachtaíocht maidir le cóiríocht réasúnach.

### Cén ráta atá luaite leis an Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas?

| Deontais atá ar fáil do chuideachtaí | % de na costais oiliúna incháilithe |
|---|---|
| An chéad bhliain a dhéanann cuideachta iarratas | 90% de na costais oiliúna incháilithe suas go dtí **€20,000** |
| An dara bliain agus na blianta ina dhiaidh sin a dhéanann cuideachta iarratas | 80% de na costais oiliúna incháilithe suas go dtí **€20,000** |

Áirítear i measc na gcostas incháilithe:

- táillí íoctha le haghaidh clár oiliúna seachtrach um fheasacht ar mhíchumas;
- táillí íoctha le haghaidh oiliúint um fheasacht ar mhíchumas inmheánach á reáchtáil ag oiliúnóirí seachtracha; agus
- táillí le haghaidh clár oiliúna um fheasacht ar mhíchumas foghlaim oscailte, ríomhaire nó gréasánbhunaithe.

San áireamh i measc chostais eile na Scéime tá ábhair foghlama atá nasctha go soiléir leis an gclár oiliúna ábhartha, suas go dtí uasmhéid **€650**. Áirítear anseo lámhleabhair, leabhair agus DVDanna.

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## Conas is féidir le fostóir iarratas a dhéanamh ar an Scéim Tacaíochta seo?

Déan teagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil chun coinne a eagrú le duine dár gcásoifigigh. Tá sonraí teagmhála d'Ionad Intreo áitiúil le fáil ar **www.gov.ie/intreocentres**

| **Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le Tacaíocht um Fheasacht ar Mhíchumas** | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/dass |

## An Scéim Fóirdheontais Tuarastail

Tá sé mar aidhm leis an Scéim Fóirdheontais Tuarastail fostú daoine faoi mhíchumas a spreagadh trí dhreasachtaí airgeadais a chur ar fáil d'fhostóirí san earnáil phríobháideach. Ní mór go mbeadh 21 uair an chloig sa tseachtain fostaíochta á thairiscint agus is féidir fóirdheontas a éileamh le haghaidh uasmhéid de 39 uair an chloig sa tseachtain. Tá bunráta an fhóirdheontais cothrom le €5.30 in aghaidh na huaire agus tá sé bunaithe ar an líon uaireanta oibrithe, rud a chiallaíonn go bhfuil fóirdheontas bliantúil iomlán luach €10,748 sa bhliain ar fáil bunaithe ar sheachtain 39 uair an chloig. Méadófar ráta an fhóirdheontais go dtí €6.30 ó Eanáir 2022.

Tá na tacaíochtaí airgeadais atá ar fáil d'fhostóirí eagraithe bunaithe ar thrí shnáithe ar leith agus d'fhéadfadh cuideachtaí tairbhe a bhaint as snáithe amháin nó dhá nó trí shnáithe ag an am céanna, ag brath ar an líon daoine faoi mhíchumas atá fostaithe.

Tá na coinníollacha fostaíochta céanna ag fostaí atá faoi mhíchumas atá ag glacadh páirte sa scéim agus atá ag fostaithe eile. Áirítear ina measc ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh (ÁSPC), asbhaintí cánach, saoire bhliantúil agus teidlíochtaí saoire eile. Ní mór don fhostóir an fostaí faoi mhíchumas a íoc ag an ráta reatha don phost agus ní mór go mbeadh an ráta sin cothrom leis an íosphá reachtúil ar a laghad.

| **Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Scéim Fóirdheontais Tuarastail** | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/wss |

## Clár Ability

Soláthraíonn Clár Ability tacaíocht do dhaoine óga faoi mhíchumas aistriú chuig breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht. Tá an clár á chómhaoiniú ag Státchiste na hÉireann agus Clár CSE um Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim (PEIL, 2014-20) an AE.

Faoin gclár seo, cuireadh maoiniú ar fáil, go dtí deireadh Mheitheamh 2021, le haghaidh 27 eagraíocht chun tacú le daoine óga idir 15 agus 29 bliain d'aois atá faoi mhíchumas aistriú chuig breisoideachas nó fostaíocht.

Tá an Clár Ability á riar ag Pobal thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tháinig deireadh leis an gClár Ability ar an 31 Lúnasa 2021.

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi Chlár Ability |
|---|
| **Tabhair cuairt ar:**<br>www.pobal.ie/programmes/Ability-Programme |

# Cuid 6: Tacaíochtaí taistil agus teaghlaigh

Tá eolas le fáil sa chuid seo faoin Scéim Saorthaistil, an Pacáiste Sochair Teaghlaigh, agus an Scéim Liúntais Breosla.

## An Scéim Saorthaistil

Ceadaíonn an scéim Saorthaistil duit taisteal saor in aisce ar gach modh iompair phoiblí atá faoi úinéireacht an Stáit. Áirítear anseo busanna, iarnród agus LUAS Bhaile Átha Cliath, cé go bhfuil roinnt eisceachtaí ann. Seo a leanas na heisceachtaí:

- Ní cheadóidh Bus Átha Cliath saorthaisteal ar Airlink, Nitelink Tours, Imeachtaí Speisialta nó seirbhís mhírialta eile; agus
- Ní cheadóidh Iarnród Éireann saorthaisteal ar sheirbhísí nach bhfuil liostaithe ar an amchlár oifigiúil, ar thurais nó ar sheirbhísí iarnróid speisialta.

Tá gach duine atá 66 bliain d'aois agus níos sine, atá ina c(h)ónaí go dleathach sa Stát, i dteideal iarratas a dhéanamh ar an scéim Saorthaistil. Tá roinnt daoine atá faoi 66 bliain d'aois cáilithe freisin.

Má tá tú cáilithe le haghaidh Saorthaistil, gheobhaidh tú cárta a cheadóidh duit taisteal saor in aisce ar iompar poiblí. Ní mór duit an cárta a thaispeáint chun tairbhe a bhaint as an scéim seo.

## Cárta Saorthaistil Compánaigh

I gcásanna áirithe, tá Cárta Saorthaistil Compánaigh ar fáil. Ceadaíonn an cárta seo do chompánach taisteal leat saor in aisce agus ní féidir an cárta seo a úsáid ach nuair atá do chompánach ag taisteal leat.

Tá saorthaisteal ar fáil freisin ar roinnt seirbhísí teoranta atá á soláthar ag cuideachtaí príobháideacha bus. Glacann oibritheoirí príobháideacha bus atá páirteach sa scéim Saorthaistil le cártaí saorthaistil. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh linn nó leis an oibritheoir bus lena fháil amach cibé acu an nglacann nó nach nglacann d'oibrithe príobháideacha bus le Cártaí Saorthaistil. Tá liosta de na hoibritheoirí saorthaistil le fáil ar **www.gov.ie/freetravel**

Nuair a úsáideann tú do Chárta Saorthaistil, ní mór duit cloí leis na rialacha a bhaineann leis an gcineál iompair atá in úsáid agat.

## Conas a cháilím don scéim Saorthaistil?

B'fhéidir go mbeifeá i dteideal saorthaistil má tá tú i do chónaí go dleathach agus go buan sa Stát. Tá na rialacha seo a leanas i bhfeidhm freisin.

### Aois

Tá tú i dteideal má tá tú 66 bliain d'aois nó níos sine.

### Íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a fháil

B'fhéidir go mbeifeá i dteideal má tá aon cheann acu seo a leanas á fháil agat:

- Pinsean na nDall;
- Liúntas Cúramóra;
- Liúntas Míchumais; nó
- Pinsean Easláine.

### Cúramóir sonraithe

Más cúramóir sonraithe thú le haghaidh duine a bhfuil Liúntas Síorfhreastail á fháil aige/aici, féadfaidh tú tairbhe a bhaint as an scéim Saorthaistil.

### Íocaíocht ó thar lear

B’fhéidir go mbeifeá i dteideal má tá íocaíocht easláine slándála sóisialta nó íocaíocht chosúil á fáil agat ó:

- Ballstát eile den AE; nó
- Tír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí sínithe ag Éirinn léi le haghaidh 12 mhí ar a laghad.

### Baintreach, baintreach fir nó páirtí sibhialta marthanach

B’fhéidir go mbeifeá i dteideal más baintreach nó baintreach fir nó páirtí sibhialta marthanach thú atá 60 bliain d’aois nó níos sine. Sa chás sin, ní mór go mbeadh cárta Saorthaistil ag do chéile nó páirtí sibhialta atá imithe ar shlí na fírinne anois agus ní mór go mbeadh ceann de na híocaíochtaí seo a leanas á fháil agat:

- Pinsean Baintrí;
- Pinsean Baintrí Fir nó Páirtnéara Mharthanaigh (Ranníocach);
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Mharthanaigh (Neamhranníocach);
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora;
- nó Gnáthphinsean Baintrí an Gharda Síochána; nó
- Pinsean Sochair Bháis faoin Scéim Sochar Díobhálach Ceirde.
  **Tabhair faoi deara**: d’fhéadfadh gur pinsean coimirce sóisialaí nó sochar cosúil ó bhallstát den AE nó tír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí sínithe ag Éirinn léi a bheadh sa phinsean seo.

## Conas a dhéanaim iarratas ar an scéim Saorthaistil?

Má tá tú **66 bliain d’aois nó níos sine**, seolfaimid do chárta Saorthaistil chugat go huathoibríoch má tá pinsean leasa shóisialaigh á fháil agat agus má tá tú cláraithe le SAFE. Mura bhfuil tú cláraithe le SAFE, fiafrófar díot é seo a dhéanamh sular féidir linn do chárta a eisiúint.

Má tá tú **65 bliain d'aois nó níos óige** agus má tá tú cláraithe le SAFE, seolfaimid do chárta Saorthaistil chugat go huathoibríoch má tá aon cheann acu seo a leanas á fháil agat:

- Pinsean na nDall;
- Liúntas Cúramóra;
- Liúntas Míchumais; nó
- Pinsean Easláine.

Mura bhfuil tú cláraithe le SAFE, fiafrófar díot é seo a dhéanamh sula n-eiseofar do chárta.

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm iarratais don **Scéim Saorthaistil (FT1)**. Chun foirm iarratais **FT1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/freetravel**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **FT1** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **FT1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**An Rannóg Saorthaistil**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Bóthar an Choláiste Sligeach**
**F91 T384**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Scéim Saorthaistil | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/freetravel |
| **Ríomhphost:** | freetravelqueries@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (071) 915 7100 |

# Pacáiste Sochair Teaghlaigh

Is pacáiste liúntas é an Pacáiste Sochair Teaghlaigh a chabhraíonn leat costais teaghlaigh a íoc. Tá an pacáiste ar fáil do dhaoine atá 70 bliain d'aois agus níos sine, agus do dhaoine atá faoi 70 bliain d'aois in imthosca áirithe.

## Conas a cháilím le haghaidh Sochar Teaghlaigh?

Tá na coinníollacha cáilitheacha don Phacáiste Sochair Teaghlaigh difriúil ag brath ar d'aois agus ar an íocaíocht atá á fáil agat uainn. Féach ar na coinníollacha ginearálta thíos agus ar na coinníollacha is ábhartha duit ar na leathanaigh ina dhiaidh seo.

Ní mór do gach duine **coinníollacha ginearálta** an phacáiste a chomhlíonadh, is iad sin:

- ní mór go mbeadh tú i do chónaí go dleathach agus go buan sa Stát;
- ní féidir ach le duine amháin i ngach teaghlach an sochar seo a éileamh ag aon am amháin;
- más mian leat d'íocaíocht Sochair Teaghlaigh a chur i bhfeidhm mar chreidmheas ar do bhille leictreachais nó gáis, ní mór gur tusa an custaiméir cláraithe chun críche leictreachais agus gáis ag an seoladh a bhfuil iarratas á dhéanamh agat lena aghaidh – trí bhille fóntais a chur ar fáil, mar shampla. Ní ceanglas é seo má tá iarratas á dhéanamh agat ar liúntais airgid leictreachais nó liúntais airgid gáis; agus
- ní mór duit d'aitheantas a dheimhniú trí phróiseas cláraithe SAFE nuair a iarraimid ort é sin a dhéanamh. Nuair a bheidh tú cláraithe le SAFE, seolfaimid Cárta Seirbhísí Poiblí (PSC) chugat.

B'fhéidir go mbeifeá cáilithe don Phacáiste Sochair Teaghlaigh má chomhlíonann tú ceann amháin den sé choinníoll atá liostaithe thíos. Más mian leat a fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil tú cáilithe, déan teagmháil leis an rannóg Sochar Teaghlaigh, tá na sonraí teagmhála le fáil níos faide anonn:

**1.** Tá tú os cionn 70 bliain d'aois.

**2.** Tá Liúntas Cúramóra á fháil agat. Ní mór go mbeadh cúram lánaimseartha á sholáthar agat don duine a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di agus ní mór go mbeifeá i do chónaí leis an duine sin.

**3.** Tá tú idir 66 agus 70 bliain d'aois agus tá ceann amháin acu seo a leanas á fháil agat:

- Sochar nó Liúntas Banchéile Thréigthe;
- Pinsean Stáit (Ranníocach);
- Pinsean Stáit (Neamhranníocach);
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach);
- Gnáthphinsean Baintrí an Gharda Síochána ón Roinn Dlí agus Cirt; nó
- Pinsean nó Sochar Coimirce Sóisialaí coibhéiseach ó thír atá clúdaithe ag Rialacháin AE, nó ó thír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí sínithe ag Éirinn léi.

**4.** Tá tú faoi 66 bliain d'aois agus tá ceann amháin acu seo a leanas á fháil agat:

- Pinsean na nDall;
- Liúntas Míchumais;
- Forlíonadh Éagumais agus Pinsean Míthreorach le haghaidh 12 mhí ar a laghad;
- Pinsean Easláine; **nó**
- Pinsean nó Sochar Coimirce Sóisialaí coibhéiseach ó thír atá clúdaithe ag Rialacháin AE, nó ó thír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí sínithe ag Éirinn léi.

5. Tá aire á tabhairt agat do dhuine a bhfuil Liúntas Síorfhreastail á fháil aige/aici.
6. Tá tú idir 66 agus 70 bliain d'aois agus tá tástáil acmhainne comhlíonta agat.

## Cén ráta íocaíochta atá luaite leis an bPacáiste Sochair Teaghlaigh?

| Liúntas | Ráta |
|---|---|
| Leictreachas nó Gás | Thart ar €35 sa mhí |
| Ceadúnas Teilifíse | Nuair a cháilíonn tú don Phacáiste Sochair Teaghlaigh, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar do Cheadúnas Teilifíse saor in aisce ón gcéad dáta athnuachana eile. Ní mór duit é seo a chur san áireamh ar d'fhoirm iarratais ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh nó ar líne |

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## Conas a dhéanaim iarratas ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh?

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh laistigh de shé mhí ó do phríomhíocaíocht a bheith ceadaithe ionas nach gcaillfidh tú amach ar aon íocaíocht.

### Iarratas ar líne

Is é an bealach is tapa chun iarratas a dhéanamh ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh ar líne ag **MyWelfare.ie**. Léigh **leathanach 9** den leabhrán seo chun foghlaim conas cuntas **MyWelfare** a chruthú agus **MyGovID** a fháil mura bhfuil ceann agat cheana féin.

## Iarratas ar pháipéar

Mura bhfuil ar do chumas iarratas a dhéanamh ar líne, comhlánaigh foirm iarratais an **Phacáiste Sochair Teaghlaigh (HB1)**. Chun foirm iarratais **HB1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/householdpackage**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **HB1** a fháil ó:
- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **HB1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg Sochar Teaghlaigh**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Bóthar an Choláiste Sligeach**
**F91 T384**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin bPacáiste Sochair Teaghlaigh | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/householdpackage |
| **Ríomhphost:** | householdbenefits@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (071) 915 7100 |

# Cuid 7: Tacaíochtaí do chúramóirí

Tá eolas le fáil sa chuid seo maidir le tacaíochtaí, sochair agus liúntais do chúramóirí daoine atá tinn nó faoi mhíchumas. Tá sonraí ann maidir le conas is féidir le cúramóir cáiliú le haghaidh agus iarratas a dhéanamh ar na tacaíochtaí seo, agus na rátaí íocaíochta.

Seo a leanas na cúig thacaíochtaí atá á gclúdach againn - Sochar Cúramóra, Liúntas Cúramóra, Deontas Tacaíochta do Chúramóirí, an Scéim Cúramaí Baile agus an Liúntas Cúraim Baile.

## Sochar Cúramóra

Is íocaíocht é an Sochar Cúramóra a dhéantar le duine a fhágann an obair nó a laghdaíonn a (h)uaireanta oibre ar mhaithe le haire a thabhairt do leanbh nó d'aosach a bhfuil cúram lánaimseartha ag teastáil uaidh/uaithi.

Ní mór go mbeadh an duine a bhfuil aire á tabhairt dó/di ar éagumas chomh suntasach sin go dteastaíonn cúram agus aird lánaimseartha ón duine sin.

Glactar leis go dteastaíonn cúram agus aird lánaimseartha ó dhuine sna cásanna seo a leanas:

- teastaíonn maoirseacht leanúnach chun baol dóibh féin a sheachaint; nó
- teastaíonn maoirseacht leanúnach agus cúnamh go minic le gnáthfheidhmeanna an choirp i rith an lae.

### Conas a cháilím le haghaidh Sochair Chúramóra?

B'fhéidir go mbeadh tú cáilithe do Shochar Cúramóra má chomhlíonann tú na ceanglais seo a leanas:

#### Ceanglas aoise

Tá tú 16 bhliain d'aois nó níos sine.

## Ceanglais oibre

- Tá tú i mbun fostaíochta go lánaimseartha le hocht seachtaine ar a laghad, i ndiaidh a chéile nó ar shlí eile, sa tréimhse 26 seachtain roimhe sin.
- Tá tú ag obair íosmhéid 16 uair an chloig sa tseachtain nó 32 uair an chloig gach coicís i bhfostaíocht inárachaithe. (Ní gá an coinníoll seo a chomhlíonadh má bhí Sochar Cúramóra a fháil agat i rith an 26 seachtain roimhe sin).
- Éiríonn tú as an obair nó laghdaíonn tú do chuid uaireanta oibre ionas gur féidir leat feidhmiú mar chúramóir lánaimseartha. Ciallaíonn cúramóir lánaimseartha nach mór duit a bheith i do chonaí le, nó nach mór a bheith ar do chumas cúram agus aird lánaimseartha a thabhairt do duine a dteastaíonn aire uaidh/uaithi nach bhfuil ina c(h)ónaí in institiúid.

## Ceanglais staid maireachtála

Níl tú ag obair, féinfhostaithe nó i mbun cúrsa oiliúna nó oideachais le haghaidh níos mó ná 18.5 uair sa tseachtain, agus is é €332.50 sa tseachtain an t-uasmhéid a thuilleann tú i ndiaidh cánacha. Méadófar an tuilleamh uasta seo go dtí €350 in Eanáir 2022.

**Tabhair faoi deara:** ní mór duit a léiriú go bhfuil cúram cuí ag an duine a bhfuil cúram á sholáthar agat dó/do nuair a bhíonn tú ag obair.

- Níl cónaí ort in ospidéal, ionad téarnaimh nó institiúid chosúil. D’fhéadfaí leanúint ar aghaidh, áfach, ag glacadh leis go bhfuil cúram agus aird lánaimseartha á soláthar agat má tá cóir leighis nó eile á fháil agat féin, nó an duine a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di, in ospidéal nó in institiúid eile le haghaidh níos lú ná 13 sheachtain.

### Ceanglais ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

Ní mór duit na coinníollacha a bhaineann le ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a chomhlíonadh. Má tá éileamh á dhéanamh agat den chéad uair, ní mór duit fianaise ar an méid seo a leanas a sholáthar:

- 156 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha ag aicme A, B, C, D, E nó H, agus
- 39 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha sa bhliain ranníocaíochta rialaithe, nó
- 39 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha sa 12 mhí roimh an dáta a ndéanann tú éileamh ar Shochar Cúramóra; nó
- 26 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha sa bhliain ranníocaíochta rialaithe agus 26 ranníocaíocht ÁSPC íoctha sa 12 mhí roimh an mbliain ranníocaíochta rialaithe.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le haicmí ÁSPC, agus na daoine atá clúdaithe i ngach aicme, mar aon leis na sochair a bhaineann le gach aicme, féach **Cuid 8: Tuilleadh Eolais**.

## Cén fhad is féidir liom Sochar Cúramóra a fháil?

Is féidir leat Sochar Cúramóra a fháil le haghaidh suas le 104 seachtain le haghaidh gach duine a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di.

Is féidir leat d’íocaíocht a éileamh i dtréimhse amháin nó i rith tréimhsí éagsúla le haghaidh suas le 104 seachtain. Má éilíonn tú Sochar Cúramóra le haghaidh níos lú ná sé seachtaine i ndiaidh a chéile, áfach, ní mór duit fanacht sé seachtaine eile sular féidir leat Sochar Cúramóra a éileamh chun aire a thabhairt don duine céanna arís.

Má tá aire á tabhairt agat do níos mó ná duine amháin, b’fhéidir go bhfaighféa íocaíocht le haghaidh 104 seachtain le haghaidh gach duine a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di. B’fhéidir go gciallódh sé sin go mbeadh tréimhsí cúraim ag tarlú ag comhthráth nó ag an am céanna.

## Clúdach má tá tú as baile

Má tá tú as baile, ní mór duit socruithe a dhéanamh agus a chinntiú go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha ar fáil don duine a bhfuil aire á thabhairt agat dó/di.

## Aire a thabhairt do leanbh

B'fhéidir go mbeifeá in ann Sochar Cúramóra a fháil má tá aire á tabhairt agat do leanbh atá cáilithe don Liúntas Cúraim Baile. Ní gá gur tusa an duine a fhaigheann an liúntas don leanbh ionas go nglacfar leat mar chúramóir an linbh.

## Cén ráta seachtainiúil atá luaite leis an Sochar Cúramóra?

Is é €220 an ráta seachtainiúil atá luaite leis an Sochar Cúramóra. D'fhéadfá níos mó a fháil, áfach, má tá aire á tabhairt agat do níos mó ná duine amháin nó má tá leanbh cáilithe agat. Má tá ollioncam céile nó páirtí cúramóra cothrom le €400 nó níos mó sa tseachtain, ansin ní dhéantar aon íocaíocht le haghaidh leanbh cáilithe.

| Cineálacha ráta | Uasrátaí seachtainiúla |
|---|---|
| Aire a thabhairt do 1 dhuine | €225 |
| Aire a thabhairt do níos mó ná 1 dhuine | €337.50 |
| Ardú le haghaidh leanbh cáilithe* | |
| Ráta iomlán má tá leanbh faoi 12 bhliain d'aois | €40 |
| Leathráta má tá leanbh faoi 12 bhliain d'aois | €20 |
| Ráta iomlán má tá leanbh os cionn 12 bhliain d'aois | €48 |
| Leathráta má tá leanbh os cionn 12 bhliain d'aois | €24 |

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

*Tá sainmhíniú ar leanbh cáilithe le fáil sa ghluais ar **leathanach 139**.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Shochar Cúramóra?

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar Shochar Cúramóra ar a laghad sé seachtaine sula bhfuil sé beartaithe agat d'fhostaíocht a fhágáil.

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirm iarratais do **Shochar Cúramóra (CARB1)**. Cuir tuairisc dochtúra san áireamh atá sínithe ag an duine a mbeidh aire á tabhairt agat dó/di freisin. Ní theastaíonn tuairisc dochtúra má tá aire á tabhairt agat do leanbh agus má tá Liúntas Cúraim Baile á íoc leis an duine sin. Chun foirm iarratais **CARB1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/carb**

Chomh maith leis sin, is féidir leat foirm iarratais **CARB1** a fháil ó d'Ionad Intreo áitiúil, Oifig Leasa Shóisialaigh nó aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **CARB1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg Sochair Cúramóra**
**Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Tithe an Rialtais**
**Bóthar Ballinalee**
**Longfort**
**N39 E4E0**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir leis an Sochar Cúramóra | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/carb |
| **Ríomhphost:** | Carersbenefit@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 334 0000 |

# Liúntas Cúramóra

Is íocaíocht tástáilte ó thaobh acmhainne é Liúntas Cúramóra a dhéantar le daoine atá ag tabhairt aire go lánaimseartha do dhaoine atá faoi mhíchumas nó atá tinn. Ní mór go mbeadh aire agus aird lánaimseartha ag teastáil ón duine a bhfuil aire á tabhairt dó/di.

Ní mór don **duine** a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- tá sé/sí 16 bhliain d'aois nó níos sine agus teastaíonn aire agus aird lánaimseartha uaidh/uaithi; nó
- tá sé/sí faoi 16 bhliain d'aois agus tá Liúntas Cúraim Baile á íoc lena (h)aghaidh.

Glactar leis go dteastaíonn aire agus aird lánaimseartha ó dhuine sna cásanna seo a leanas:

- teastaíonn maoirseacht leanúnach chun baol dó/di féin a sheachaint; nó
- teastaíonn maoirseacht leanúnach agus cúnamh go minic le gnáthfheidhmeanna an choirp i rith an lae; agus
- tá an chuma ar an scéal go mbeidh aire agus aird lánaimseartha ag teastáil le haghaidh 12 mhí ar a laghad.

## Conas a cháilím le haghaidh Sochar Cúramóra?

D'fhéadfá cáiliú le haghaidh Sochar Cúramóra má chomhlíonann tú na ceanglais seo a leanas:

### Ceanglas aoise

Tá tú 18 bhliain d'aois nó níos sine.

### Ceanglais oibre

Níl tú ag obair, féinfhostaithe nó i mbun cúrsa oiliúna nó oideachais le haghaidh níos mó ná 18.5 uair sa tseachtain.

**Tabhair faoi deara:** ní mór duit a léiriú go bhfuil cúram cuí ag an duine a bhfuil cúram á sholáthar agat dó/do nuair a bhíonn tú ag obair.

### Ceanglais staid maireachtála

- tá gnáthchónaí ort sa Stát;
- tá tú i do chónaí le nó is féidir leat aire agus aird lánaimseartha a thabhairt do dhuine a dteastaíonn aire uaidh/uaithi agus nach bhfuil cónaí air/uirthi in institiúid de ghnáth; agus
- **níl** tú i do chónaí in ospidéal, ionad téarnaimh nó institiúid chosúil eile. D'fhéadfaí leanúint ar aghaidh, áfach, ag glacadh leis go bhfuil aire agus aird lánaimseartha á soláthar agat, má tá cóir leighis nó eile á fháil agat féin, nó ag an duine a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di, in ospidéal nó in institiúid eile le haghaidh níos lú ná 13 sheachtain.

### Clúdach má tá tú as baile

Má tá tú as baile, ní mór duit socruithe a dhéanamh agus a chinntiú go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha ar fáil don duine a bhfuil aire á thabhairt agat dó/di.

## Cén ráta seachtainiúil atá luaite leis an Sochar Cúramóra?

Braitheann an ráta íocaíochta ar thoradh na tástála acmhainne. Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le huasráta seachtainiúil pearsanta na híocaíochta is féidir le duine a fháil mura bhfuil aon ioncam aige/aici ó aon fhoinse.

| Cúramóir faoi 66 bliain d'aois | Uasráta seachtainiúil |
|---|---|
| Aire a thabhairt do 1 dhuine | €224 |
| Aire a thabhairt do níos mó ná 1 dhuine | €336 |
| **Cúramóir 66 bliain d'aois agus níos sine** | |
| Aire a thabhairt do 1 dhuine | €262 |
| Aire a thabhairt do níos mó ná 1 dhuine | €393 |
| **Ardú le haghaidh leanbh cáilithe*** | |
| Ráta iomlán má tá leanbh faoi 12 bhliain d'aois | €40 |
| Leathráta má tá leanbh faoi 12 bhliain d'aois | €20 |
| Ráta iomlán má tá leanbh os cionn 12 bhliain d'aois | €48 |
| Leathráta má tá leanbh os cionn 12 bhliain d'aois | €24 |

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

*Tá sainmhíniú ar leanbh cáilithe le fáil sa ghluais ar **leathanach 139**.

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar Liúntas Cúramóra?

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirm iarratais do **Liúntas Cúramóra (CR1)**. Cuir tuairisc dochtúra san áireamh atá sínithe ag an duine a mbeidh aire á tabhairt agat dó/di freisin. Ní theastaíonn tuairisc dochtúra má tá aire á tabhairt agat do leanbh agus má tá Liúntas Cúraim Baile á íoc don leanbh sin. Chun foirm iarratais **CR1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/ca**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **CR1** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **CR1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg an Liúntais Cúramóra**
**Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Tithe an Rialtais**
**Bóthar Ballinalee**
**Longfort**
**N39 E4E0**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir leis an Liúntas Cúramóra | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/ca |
| **Ríomhphost:** | Carersallowance@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 334 0000 |

# Deontas Tacaíochta do Chúramóirí

Is íocaíocht bhliantúil é an Deontas Tacaíochta do Chúramóirí le haghaidh cúramóirí a fhaigheann Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Liúntas Cúraim Baile. Is féidir é a íoc freisin le cúramóirí áirithe eile a bhfuil cúram lánaimseartha á sholáthar acu. Is féidir le cúramóirí an deontas a úsáid cibé bealach is mian leo.

## Conas a cháilím le haghaidh Deontas Tacaíochta do Chúramóirí?

Beidh tú **cáilithe go huathoibríoch** le haghaidh Deontas Tacaíochta do Chúramóirí má tá siad seo a leanas á bhfáil agat:

- Liúntas Cúramóra;
- Sochar Cúramóra; nó
- Liúntas Cúraim Baile.

**Mura bhfuil** aon cheann de na híocaíochtaí seo á bhfáil agat, b'fhéidir go mbeifeá incháilithe fós má chomhlíonann tú na coinníollacha seo a leanas:

- tá tú 16 bhliain d'aois nó níos sine;
- tá gnáthchónaí ort sa Stát;
- tá aire á tabhairt agat don duine ar bhonn lánaimseartha;
- tá aire á tabhairt agat don duine le haghaidh tréimhse leanúnach de shé mhí ar a laghad agus cuimsítear sa tréimhse seo an chéad Déardaoin i mí Meithimh; agus
- tá tú i do chónaí leis an duine a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di nó is féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh leat tríd an teileafón nó trí aláram.

**Níl tú cáilithe** le haghaidh Deontas Tacaíochta do Chúramóirí sna cásanna seo a leanas:

- tá tú ag obair nó i mbun cúrsa oideachais nó oiliúna le haghaidh níos mó ná 18.5 uair sa tseachtain;
- tá Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist á fháil agat;
- tá tú cláraithe chun ranníocaíochtaí curtha chun sochair a fháil; nó
- tá tú i do chónaí in ospidéal, ionad téarnaimh nó institiúid chosúil.

Má tá aire á tabhairt agat do níos mó ná duine amháin, gheobhaidh tú deontas do gach duine.

## Cén ráta atá luaite leis an Deontas Tacaíochta do Chúramóirí?

Tá an Deontas Tacaíochta do Chúramóirí cothrom le €1,850 le haghaidh gach duine a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di. Íoctar an deontas uair sa bhliain, an chéad Déardaoin i mí Meithimh de ghnáth.

D’fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## Conas a dhéanaim iarratas ar an Deontas Tacaíochta do Chúramóirí?

Má tá Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Liúntas Cúraim Baile á fháil agat, ní gá duit iarratas a dhéanamh ar Dheontas Tacaíochta do Chúramóirí. Íocfar thú go huathoibríoch gach mí Meithimh.

Mura bhfuil aon cheann de na híocaíochtaí seo á bhfáil agat, comhlánaigh foirm iarratais **Deontas Tacaíochta do Chúramóirí (CSG1)** le haghaidh gach duine a bhfuil aire á tabhairt agat dó/di. Cuir tuairisc dochtúra san áireamh atá sínithe ag an duine a mbeidh aire á tabhairt agat dó/di freisin. Chun foirm iarratais **CSG1** a fháil tabhair cuairt ar **www.gov.ie/csg**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **CSG1** a fháil ó:
- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **CSG1** ar ais i dteannta leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg an Deontais Tacaíochta do Chúramóirí**
**Tithe an Rialtais**
**Bóthar Ballinalee**
**Longfort**
**N39 E4E0**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Deontas Tacaíochta do Chúramóirí | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/csg |
| **Ríomhphost:** | Respitecare@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (043) 334 0000 |

# Scéim Cúramaí Baile

Tacaíonn an Scéim Cúramaí Baile le daoine a éiríonn as a gcuid oibre chun aire a thabhairt do leanbh atá faoi 12 bhliain d'aois nó d'aosach ar éagumas suas go dtí aois uasta 20 bliain d'aois.

Ciallaíonn an Scéim Cúramaí Baile go bhfuil sé níos éasca don chúramaí baile cáiliú le haghaidh ráta níos airde den Phinsean Stáit (Ranníocaíoch) nuair a shroicheann sé/sí an aois phinsin. Má chaitheann tú bliain ranníocaíochta iomlán mar chúramaí baile, d'fhéadfaí neamhaird a thabhairt ar an mbliain sin nuair a bhíonn an meán bliantúil don Phinsean Stáit (Ranníocach) á oibriú amach. Féach ar an sampla ar **leathanach 123**.

## Céard é cúramaí baile?

Is éard atá i gceist le cúramaí baile, faoin Scéim Cúramaí Baile, aosach a sholáthraíonn cúram lánaimseartha do:

- leanbh atá faoi 12 bhliain d'aois; nó
- duine breoite nó míchumasaithe atá 12 bhliain d'aois nó níos sine.

Féadfar neamhaird a thabhairt ar bhliain chánach iomlán caite mar chúramaí baile nuair a bhíonn an meán bliantúil don Phinsean Stáit (Ranníocach) á ríomh.

## Creidmheasanna cúramaí baile

De bhrí nach féidir ach neamhaird a thabhairt ar bhliain iomlán amháin, bronntar creidmheasanna don Scéim Cúramaí Baile le haghaidh tréimhse cúraim atá níos lú ná bliain iomlán, agus le haghaidh cuid de bhliain ag tús nó ag deireadh tréimhsí cúraim.

## Conas a dhéanaim iarratas ar an Scéim Cúramaí Baile?

**Ní gá duit iarratas a dhéanamh** ar an scéim seo má tá aon cheann acu seo a leanas á fháil agat:

- Sochar Linbh;
- Liúntas Cúramóra; nó
- Deontas Tacaíochta do Chúramóirí.

**Ba cheart duit iarratas** a dhéanamh ar an scéim seo má tá cúram lánaimseartha á sholáthar agat do:

- leanbh faoi 12 bhliain d'aois agus mura bhfuil Sochar Linbh á fháil agat don leanbh seo; nó
- aosach ar éagumas **agus** mura bhfuil Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra ná Deontas Tacaíochta do Chúramóirí faighte agat don duine sin.

Sna himthosca seo, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an Scéim Cúramaí Baile roimh dheireadh na bliana cánach (deireadh mhí na Nollag) i ndiaidh na chéad bhliana a bheith caite agat mar chúramaí baile. Más cúramaí baile thú ó mhí Mheitheamh 2020, ba cheart go mbeadh tú aitheanta mar Chúramaí Baile in 2021.

Is féidir leat d'iarratas a shiardhátú má tá cúis dháiríre ann le moill a bheith ar d'iarratas a dhéanamh.

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirm iarratais don **Scéim Cúramaí Baile (HM1)**. Chun foirm iarratais **HM1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/homemakers**

Chomh maith leis sin, is féidir leat an fhoirm iarratais **HM1** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh.

Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **HM1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg Cúramaí Baile**
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Bóthar McCarter**
**Bun Cranncha**
**Dún na nGall**
**F93 CH79**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoin Scéim Cúramaí Baile | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/homemakers |
| **Ríomhphost:** | HomeMakersScheme@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (01) 471 5898 |

## Scéim na dTréimhsí Cúraim Baile

Is é Tréimhse Cúraim Baile an t-ainm a thugtar ar thréimhse nuair nach raibh tú fostaithe nó cláraithe le haghaidh creidmheasanna de bhrí go raibh cúram lánaimseartha á sholáthar agat le haghaidh:

- leanbh nó leanaí atá faoi 12 bhliain d'aois;
- leanbh nó leanaí atá níos sine ná 12 bhliain d'aois a dteastaíonn leibhéal níos mó cúraim uathu; nó
- aosach óna raibh leibhéal níos mó cúraim ag teastáil.

Cabhraíonn Tréimhsí Cúraim Baile leat cáiliú le haghaidh ráta níos airde den Phinsean Stáit (Ranníocach). D'fhéadfaí suas le 1,040 Tréimhse Cúraim Baile, comhionann le 20 bliain, a áireamh mar chuid de do ríomh pinsin.

Má tá ranníocaíochtaí creidiúnaithe ar do thaifead agus níos lú ná 1,040 Tréimhse Cúraim Baile, d'fhéadfaí suas le 520 (comhionann le 10 mbliana) ranníocaíocht chreidiúnaithe a chur san áireamh freisin. Ní cheadaítear líon iomlán Tréimhsí Cúraim Baile agus ranníocaíochtaí creidiúnaithe atá níos mó ná 1,040. (Tá ranníocaíochtaí creidiúnaithe mínithe i **gCuid 1: Sochair do dhaoine a bhíonn ag obair**.)

**Tabhair faoi deara:**

- Is é 1,040 an Tréimhse Cúraim Baile Uasta a cheadaítear.
- Is é 520 an líon uasta creidmheasanna a cheadaítear.
- Is é 1,040 an líon uasta iomlán Creidmheasanna Cúraim Baile agus creidmheasanna a cheadaítear.

Ní féidir Tréimhsí Cúraim Baile a dheonú ach má rugadh thú ar **nó** i ndiaidh an 1 Mheán Fómhair 1946.

## Cén difríocht atá idir an scéim Tréimhsí Cúraim Baile agus an scéim Cúramaí Baile?

Úsáidtear an scéim **Cúraim Baile** i dteannta le **modh an Mheáin Bhliantúil** chun Pinsean Stáit (Ranníocach) a ríomh. Tugann an Scéim Cúramaí Baile neamhaird ar aon tréimhsí caite mar Chúramaí Baile ón 6 Aibreán 1994 ar aghaidh nuair a bhíonn do phinsean á ríomh trí mhodh an Mheáin Bhliantúil. Ní thugann an modh seo aitheantas do Chúram Baile roimh an 6 Aibreán 1994.

Úsáidtear **Tréimhsí Cúraim Baile** leis an **modh Ranníocaíochta Chomhiomlánaithe** chun Pinsean Stáit (Ranníocach) a ríomh. Comhaireann scéim na dTréimhsí Cúraim Baile tréimhsí cúraim ó dháta tosaigh an chúraim i gcás aon duine a rugadh ar nó i ndiaidh an 1 Mheán Fómhair 1946. Mínítear sa sampla thíos conas a oibríonn an scéim:

### Sampla

Chun cáiliú le haghaidh Scéim Pinsean Stáit (Ranníocach) uasta faoin **modh Ranníocaíochta Comhiomlánaithe** chun pinsin a ríomh, ní mór go mbeadh 2,080 ranníocaíocht árachais shóisialta ináirithe agat, comhionann le 40 bliain fostaíochta. Mura bhfuil ach 1,300 ranníocaíocht agat, comhionann le 25 bliain, bheadh tú cáilithe le haghaidh céatadáin den phinsean uasta. Má chaith tú níos mó ná 15 bliain amuigh as an lucht oibre mar chúramóir baile ceadaithe, áfach, bheifeá cáilithe le haghaidh 780 (15 bliain x 52 seachtain) Tréimhse Cúraim Baile. Cuirtear an 780 Tréimhse Cúraim Baile leis an 1,300 ranníocaíocht rud a chiallaíonn go bhfuil 2,080 ranníocaíocht agat a theastaíonn chun pinsean uasta a fháil.

## Conas a cháilím le haghaidh Tréimhsí Cúraim Baile?

Chun cáiliú ní mór duit na coinníollacha seo a chomhlíonadh:

- tá buanchónaí ort sa Stát, ach amháin sa chás ina bhfuil feidhm le rialacháin AE maidir le hoibrí ar postú i gceist*;
- bhí tú idir 16 agus 66 bliain d'aois an tráth ar sholáthair tú an cúram;

- níl tú ag obair go lánaimseartha – ach is féidir leat a bheith ag obair agus níos lú ná €38 á shaothrú gach seachtain; agus
- tá cúram lánaimseartha á sholáthar le haghaidh:
  - leanbh nó leanaí atá faoi 12 bhliain d'aois;
  - leanbh nó leanaí atá níos sine ná 12 bhliain d'aois a dteastaíonn leibhéal níos mó cúraim uathu; nó
  - aosach óna raibh leibhéal níos mó cúraim ag teastáil.

*Oibrí ar postú a chuir fostóir i mballstát AE amháin chuig ballstát AE eile chun seirbhísí a sholáthar ar bhonn sealadach faoi Threoir AE 96/71/CE ón gComhairle.

Pointe tábhachtach is ea **nach féidir ach le duine amháin feidhmiú mar chúramóir baile ag aon am amháin**. Mar shampla, ní féidir ach le tuismitheoir amháin tairbhe a bhaint as Tréimhse Cúraim Baile amháin do leanbh amháin ag aon am amháin.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Thréimhsí Cúraim Baile?

**Ní gá duit iarratas a dhéanamh** ar an scéim seo má tá aon cheann acu seo a leanas á fháil agat:

- Sochar Linbh;
- Liúntas Cúramóra; nó
- Liúntas Cúraim Baile.

**Ba cheart duit iarratas** a dhéanamh ar an scéim seo má tá cúram lánaimseartha á sholáthar agat do:

- leanbh faoi 12 bhliain d'aois agus mura bhfuil Sochar Linbh á fháil agat don leanbh seo; nó
- aosach ar éagumas **agus** mura bhfuil Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Liúntas Cúraim Baile faighte agat don duine sin

## Cá háit a dhéanaim iarratas ar Scéim na dTréimhsí Cúraim Baile?

Ní bhreithneofar iarratais ach nuair atá d'iarratas ar an bPinsean Stáit (Ranníocach) déanta agat.

Is é an bealach is tapa chun iarratas a dhéanamh ar scéim na dTréimhsí Cúraim Baile ar líne ag **MyWelfare.ie** Léigh **leathanach 9** den leabhrán seo chun foghlaim conas cuntas **MyWelfare** a chruthú agus **MyGovID** a fháil mura bhfuil ceann agat cheana féin.

Féadfaidh aon duine nach bhfuil in ann an t-ardán MyWelfare a rochtain, glaoch ar an uimhir **(01) 471 5898** agus foirm iarratais a lorg.

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe ar ais i dteannta leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Rannóg na dTréimhsí Cúraim**
**Baile An Roinn Coimirce Sóisialaí**
**Bóthar McCarter**
**BunCranncha**
**Dún na nGall**
**F93 CH7**

| **Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi scéim na dTréimhsí Cúraim Baile** | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/homecaring |
| **Teileafón:** | (01) 471 5898 |

# Liúntas Cúraim Baile

Is íocaíocht mhíosúil é an Liúntas Cúraim Baile (DCA) do leanbh atá faoi mhíchumas trom.

Níl íocaíocht an Liúntais Cúraim Baile bunaithe ar an gcineál míchumais. Is bunaithe ar thionchar an mhíchumais atá an íocaíocht.

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear sainmhínithe ar 'dian' agus 'substaintiúil', le fáil i dTreoirlínte Leighis DCA ar ár suíomh gréasáin, **www.gov.ie/dca**

Úsáidimid na treoirlínte seo nuair a bhíonn iarratais ar an Liúntas Cúraim Baile á meas againn.

## Conas a cháilím le haghaidh Liúntas Cúraim Baile?

Chun cáiliú don Liúntas Cúraim Baile ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- ní mór go mbeadh do leanbh faoi 16 bhliain d'aois;
- ní mór go mbeadh do leanbh faoi mhíchumas meabhrach nó fisiceach trom;
- ní mór gur léir go mairfidh an míchumas ar feadh tréimhse bliana ar a laghad;
- ní mór go mbeadh cúram agus aird leanúnach shubstaintiúil ag teastáil ó do leanbh sa bhreis ar an gcúram agus aird a theastaíonn ó leanbh den aois chéanna de ghnáth;
- ní mór go mbeadh cónaí ar do leanbh sa Stát; **agus**
- ní mór go mbeadh do leanbh ina c(h)ónaí leis an duine atá ag éileamh an liúntais le haghaidh cúig lá nó níos mó sa tseachtain.

Ina theannta sin, ní mór don duine atá ag éileamh an liúntais don leanbh:

- cúram a sholáthar don leanbh; **agus**
- gnáthchónaí a bheith air/uirthi sa Stát.

## Cén ráta atá luaite leis an Liúntas Cúraim Baile?

| Cineálacha ráta | Ráta míosúil |
|---|---|
| Ráta iomlán – tá aire á tabhairt agat do do leanbh idir cúig agus seacht lá sa tseachtain | €309.50 |
| Leathráta – tá aire á tabhairt agat do do leanbh idir dhá lá agus ceithre lá sa tseachtain. | €154.75 |

Má tá aire á tabhairt agat do níos mó ná leanbh amháin atá cáilithe don Liúntas Cúraim Baile, is féidir leat an liúntas a éileamh le haghaidh gach leanbh.

D'fhéadfadh go mbeadh rátaí íocaíochta difriúla i gceist. Tá na rátaí íocaíochta reatha le fáil inár Leabhrán Rátaí Íocaíochta (SW19) ar an suíomh gréasáin **www.gov.ie/SWrates**

## An bhfaighidh mé íocaíocht má tá mo leanbh i gcúram cónaithe?

Má tá do leanbh i gcúram cónaithe lánaimseartha, ní bheidh tú cáilithe don Liúntas Cúraim Baile.

Má tá do leanbh i gcúram cónaithe, ach sa bhaile le haghaidh dhá lá nó níos sa tseachtain, b'fhéidir go bhfaighfeá íocaíocht leathráta. Mar shampla, d'fhéadfá cáiliú má fhreastalaíonn do leanbh ar sheirbhísí cónaithe Luan go hAoine agus má bhíonn sé/sí sa bhaile ag an deireadh seachtaine.

## Cathain ba cheart dom iarratas a dhéanamh?

Ba cheart duit iarratas a dhéanamh a luaithe a shíleann tú a bhfuil na coinníollacha cáilitheacha á gcomhlíonadh ag do leanbh. Má tá neamhord forleatach forbraíochta (PDD) cosúil le huathachas ag do leanbh, féadfaidh tú é sin a lua ar an bhfoirm iarratais freisin, **Tuarascáil Speisialtóra an Liúntais Cúraim Baile (Cúram Baile 3)**.

Cuir tuarascáil san áireamh ó gach speisialtóir a thugann aire do do leanbh. Chun an fhoirm iarratais do **Chúram Baile 3** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/dca**

Ní gá duit an fhoirm iarratais do Chúram Baile 3 a chur ar fáil, ach d'fhéadfaí an fhoirm sin a úsáid chun tuilleadh sonraí a sholáthar maidir le riocht do linbh agus a riachtanais shonracha cúraim.

## Conas is féidir liom m'iarratas a mheas?

Nuair a fhaighimid d'iarratas, déanann measúnóir leighis athbhreithniú ar an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil chun cabhrú leis an roinn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann do leanbh na riochtaí sláinte chun an Liúntas Cúraim Baile a fháil. Áirítear i measc na faisnéise sin:

- cúlra chás do linbh;
- na tuairiscí leighis ar fad a chuireann tú ar fáil, lena n-áirítear tuairisc leighis ó do dhochtúir teaghlaigh agus aon tuairiscí atá agat ó speisialtóirí ábhartha; agus
- do chur síos ar an gcúram agus aire a theastaíonn ó do leanbh.

Ní bhuailfidh an measúnóir le do leanbh go pearsanta, rud a chiallaíonn go mbaineann tábhacht ar leith leis an oiread faisnéise agus is féidir leat a chur ar fáil i d'iarratas.

## Céard a tharlaíonn nuair a bhíonn 16 bhliain d'aois slánaithe ag mo leanbh?

Nuair a shlánaíonn do leanbh 16 bhliain d'aois, cuirfear stop leis an Liúntas Cúraim Baile (DCA) a íoc. Déanfar an íocaíocht dheireanach don mhí a shlánaíonn do leanbh 16 bhliain d'aois. Trí mhí roimh 16ú breithlá do linbh, cuirfimid nóta i scríbhinn chugat ag meabhrú duit go gcuirfear stop le DCA go luath agus cuirfimid eolas ar fáil duit maidir leis na roghanna eile atá ar fáil.

Is féidir le do leanbh iarratas a dhéanamh ar Liúntas Míchumais.

## Conas a dhéanaim iarratas ar Liúntas Cúraim Baile?

Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh foirm iarratais do **Liúntas Cúraim Baile (Cúram Baile 1)**. Cinntigh go gcomhlánaíonn do dhochtúir teaghlaigh nó speisialtóir leighis **Cuid 6** agus **Cuid 7** den fhoirm. Chomh maith leis sin, ba cheart duit aon tuairiscí eile maidir le míchumas do linbh a sholáthar agus an tionchar atá ag an míchumas ar an gcúram atá á sholáthar don leanbh. Chun an fhoirm iarratais do **Chúram Baile 1** a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/dca**

Chomh maith leis sin, is féidir foirm iarratais **Cúram Baile 1** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil;
- d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil; nó
- aon Ionad Eolais do Shaoránaigh;

Tá ainm agus seoladh d'Ionad Intreo nó Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil ag **www.gov.ie/intreocentres**

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe **Cúram Baile 1** leis na doiciméid tacaíochta ábhartha atá liostaithe ar an bhfoirm chuig:

**Saorphost**
**Liúntas Cúraim Baile**
**Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
**Bóthar an Choláiste**
**Sligeach**
**F91 T384**

| Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi Liúntas Cúraim Baile | |
|---|---|
| **Tabhair cuairt ar:** | www.gov.ie/dca |
| **Ríomhphost:** | domcare@welfare.ie |
| **Teileafón:** | (071) 915 7100 |

# Cuid 8: Tuilleadh faisnéise

Tá eolas le fáil sa chuid seo faoi conas is féidir leat do thaifead árachais shóisialaigh a rochtain agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta a íocadh thar lear.

Chomh maith leis sin, cuimsítear ann dhá thábla chun léargas a thabhairt ar na haicmí difriúla d'Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC).

Tá léargas le fáil i dTábla 1 ar an aicme ÁSPC a íocann oibrithe difriúla. Beidh eolas ar do dhuillín pá maidir leis an aicme de ranníocaíocht ÁSPC a bhaineann leatsa. Má tá tú féinfhostaithe, seans go n-íocann tú ranníocaíochtaí ÁSPC aicme S. Tá Tábla 1 ar **leathanach 132**.

Tá eolas le fáil i dTábla 2 maidir leis na tacaíochtaí coimirce sóisialaí a d'fhéadfadh tú a bheith cáilithe lena n-aghaidh ag brath ar an aicme ÁSPC a íocann tú. Tá Tábla 2 ar **leathanach 134**.

## Conas is féidir liom mo thaifead árachais shóisialta a fháil?

Tá eolas le fáil ar do thaifead árachais shóisialta maidir le cé mhéad ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) atá íoctha agat gach bliain atá oibrithe agat.

Is féidir leat do thaifead árachais shóisialta a rochtain ar líne trí úsáid a bhaint as **MyWelfare.ie** Beidh cuntas fíoraithe MyGovID ag teastáil uait chun é seo a dhéanamh. Léigh **leathanach 9** den leabhrán seo chun foghlaim conas cuntas **MyWelfare** a chruthú agus **MyGovID** a fháil.

Mura féidir leat **MyWelfare.ie** a rochtain féadfaidh tú cóip de do thaifead a iarraidh trí ghlaoch ar an uimhir **(01) 471 5898**. Chomh maith leis sin, is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ag d'Ionad Intreo áitiúil nó ó Oifig Leasa Shóisialaigh.

## An féidir árachas sóisialta a d'íoc mé i dtír eile a chur san áireamh?

Is féidir leat aon ranníocaíochtaí árachais shóisialta a d'fhéadfadh a bheith íoctha agat i mBallstát eile den AE nó i dtír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí sínithe ag Éirinn léi a úsáid chun an líon ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a theastaíonn uait chun pinsean leasa shóisialaigh nó sochar eile a fháil a chomhlíonadh.

Le haghaidh scéimeanna áirithe, cosúil leis an Sochar Cuardaitheora Poist, tá roinnt coinníollacha breise le comhlíonadh sular féidir linn do thaifead ÁSPC ó thír éigin eile a chur san áireamh.

## Tábla 1: Aicmí ÁSPC sa treoir seo

| Aicme ÁSPC | Cur síos ar na daoine atá clúdaithe ag gach príomhaicme ranníocaíochta ÁSPC atá luaite sa treoir seo. |
|---|---|
| Aicme A | • Fostaithe i bhfostaíocht thionsclaíoch, tráchtála agus seirbhíse a thuilleann níos mó ná €38 sa tseachtain roimh aon asbhaintí.<br>• Státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí earcaithe ar nó i ndiaidh an 6 Aibreán 1995.<br>• Oibrithe Fostaíochta Pobail earcaithe ar nó i ndiaidh an 6 Aibreán 1996. |
| Aicme B | • Státseirbhísigh bhuana agus Gardaí earcaithe roimh an 6 Aibreán 1995.<br>• Dochtúirí agus fiaclóirí fostaithe ag an státseirbhís earcaithe roimh an 6 Aibreán 1995. |
| Aicme D | • Fostaithe buana agus inphinsin sa tseirbhís phoiblí, earcaithe roimh an 6 Aibreán 1995. |
| Aicme E | • Ministir Reiligiúin fostaithe ag Comhlacht Ionadaíoch Eaglais na hÉireann. |
| Aicme H | • Pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann. |
| Aicme J | • Daoine a n-íoctar níos lú ná €38 sa tseachtain leo ó gach fostaíocht. Tá líon beag fostaithe árachaithe, áfach, ag aicme J, is cuma cé mhéad a íoctar leo, cosúil le daoine atá i mbun fo-fhostaíochta agus daoine atá 66 bliain d’aois nó níos sine. Is éard atá i gceist le fo-fhostaíochtaí fostaíochtaí a bhreithnítear mar fhostaíochtaí tánaisteacha, chun críche árachais, i gcomparáid leis an bpríomhfhostaíocht. |

| | |
|---|---|
| Aicme M | • Daoine cosúil le fostaithe atá faoi 16 bhliain d'aois, daoine atá 66 bliain d'aois nó níos sine, daoine a bhfuil pinsin cheirde á bhfáil acu nó íocaíochtaí foirceannta cnapshuime agus sealbhóirí oifige poiblí a bhfuil ioncam seachtainiúil de níos lú ná €100 sa tseachtain acu. |
| Aicme P | • Iascairí, mná agus fir, atá féinfhostaithe. |
| Aicme S | • Daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear roinnt stiúrthóirí cuideachta, trádálaithe aonair, agus roinnt daoine atá ag tuilleamh níos mó ná €5,000 ó infheistíochtaí, cíosanna agus cothabháil. |

## Tábla 2: Aicmí ÁSPC agus sochair cháilitheacha

| Sochair: | Aicmí ÁSPC |
|---|---|
| Sochar Breoiteachta | A, E, agus P |
| Liúntas Míchumais | A, B, C, D, E, agus P |
| Sochar Páirtchumais (PCB) | Chun cáiliú le haghaidh PCB ní mór go mbeadh Sochar Breoiteachta **nó** Pinsean Easláine á fháil agat le haghaidh sé mhí ar a laghad. Féach **leathanach 77**. |
| Pinsean Easláine | A, E, agus S |
| Pinsean na nDall | Tá na sonraí ar fad le fáil ar **leathanach 57** |
| Sochar Cúramóra | A, B, C, D, E, agus H |
| Sochar Cóireála | A, E, P, agus S |

## Eolas maidir leis an Liúntas Cúramóra agus Liúntas Cúraim Baile

Má theastaíonn eolas uait faoin Liúntas Cúramóra féach ar **leathanach 112**. Má theastaíonn eolas uait faoin Liúntas Cúraim Baile, féach ar **leathanach 126**.

**Tabhair faoi deara**: Íocann baill d'Óglaigh na hÉireann ranníocaíochtaí aicme H agus níl siad i dteideal Pinsean Baintrí, Sochar Cóireála agus Sochar Cúramóra ach nuair atá siad i mbun seirbhíse.

**Ná déan dearmad:** Níl sa ranníocaíocht ÁSPC ach gné amháin de na coinníollacha cáilitheacha. Féach ar an rannóg maidir leis an sochar ábhartha chun eolas a fháil faoi na coinníollacha eile a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm.

# Gluais

## Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí

Is comhaontú é seo idir Éirinn agus tír eile. Cosnaíonn sé teidlíochtaí pinsin Éireannach a oibríonn i dtíortha eile. Chomh maith leis sin, oibríonn sé ar an mbealach eile i gcás daoine a thagann go hÉirinn chun oibre.

## Deimhniú Iata

Ciallaíonn sé seo go ndéanfaidh do dhochtúir teaghlaigh (dochtúir áitiúil) measúnú ort agus go ndeimhneoidh sé/sí do neamhláithreacht ón obair go dtí an dáta ar dócha go mbeidh tú ábalta filleadh ar an obair. Ciallaíonn sé seo nach gá duit cuairt a thabhairt ar do dhochtúir teaghlaigh gach seachtain fad is atá tú breoite.

## Clár Fostaíochta Pobail

Tá an clár Fostaíochta Pobail (FP) deartha chun cabhrú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, nó faoi mhíbhuntáiste ar bhealach éigin eile, filleadh ar an obair. Déantar é seo trí shocrúcháin pháirtaimseartha agus shealadacha a thairiscint i bpost atá lonnaithe laistigh de phobail áitiúla.

## Liúntas Síorfhreastail

Is liúntas é seo ar féidir é a íoc go seachtainiúil mar ardú ar an bPinsean Míthreorach má tá míchumas chomh tromchúiseach sin ort go dteastaíonn duine éigin, gaol nó duine éigin eile uait, chun cabhrú leat gach lá sa bhaile chun freastal ar do riachtanais phearsanta le haghaidh tréimhse sé mhí ar a laghad. Ní bhfaighidh tú an liúntas seo i rith aon tréimhse a chaitheann tú in ospidéal nó in institiúid chosúil.

## Neamhaird Tuillimh

Is éard atá i gceist le neamhaird tuillimh an méid tuillimh is féidir le duine a fháil ó fhostaíocht **nó** féinfhostaíocht a dtugtar neamhaird air (**níl breithnithe**) chun críche tástáil acmhainne.

## Rátaí Iomlána agus Leathrátaí le haghaidh Leanaí Cáilithe

Is féidir leat ardú seachtainiúil a fháil le haghaidh gach leanbh cáilithe má cháilíonn tú d'ardú le haghaidh aosach cáilithe má tá tú i mbun tuismitheoireachta aonair agus mura bhfuil íocaíocht coimirce sóisialaí á fáil agat. Mura gcáilíonn tú d'ardú le haghaidh aosach cáilithe, b'fhéidir go bhfaighfeá ardú leathráta le haghaidh leanbh cáilithe.

Cáilíonn leanaí atá faoi 12 bhliain d'aois don leathráta agus má tá leanaí 12 bhliain d'aois agus níos sine cáilíonn siad don ráta iomlán.

**Tabhair faoi deara:** Más rud é i do theaghlach, go bhfuil íocaíochtaí coimirce sóisialaí á bhfáil agat féin agus ag do pháirtí, ansin gheobhaidh an bheirt agaibh íocaíochtaí leathráta, nó an ráta iomlán agus an leathráta le haghaidh do leanaí. Má tá íocaíocht coimirce sóisialaí á fáil ag duine amháin agaibh agus má tá do pháirtí i mbun fostaíochta, meastar ioncam do pháirtí chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil tú cáilithe don ráta iomlán nó don leathráta.

(Tá sainmhíniú ar **leanbh cáilithe** agus **aosach cáilithe** le fáil níos faide anonn.)

## Bliain Ranníocaíochta Rialaithe

Is éard atá i gceist leis an mbliain ranníocaíochta rialaithe an dara bliain cánach iomlán deiridh roimh an mbliain ina ndéanann tú d'éileamh. Maidir le héilimh a rinneadh in 2021, mar shampla, is é 2019 an bhliain cánach rialaithe.

## Ollioncam

Is éard atá i gceist le hollioncam an méid airgid a thuilleann tú sula dtógtar aon airgead (asbhaintear) le haghaidh cánacha nó asbhaintí eile.

## Gnáthchónaí

Ciallaíonn gnáthchónaí go bhfuil tú i do chónaí in Éirinn agus gur féidir leat a chruthú go bhfuil dlúthnasc agat leis an Stát. Rugadh agus tógadh in Éirinn thú, mar shampla, agus tá baill teaghlaigh leat ina gcónaí anseo, agus mar sin de. Breithnímid ceithre phríomhfhachtóir nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh againn maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnáthchónaí ort sa Stát. Seo a leanas na fachtóirí atá i gceist:

1. an ceart chun cónaithe in Éirinn;
2. an méid ama atá caite agat i do chónaí in Éirinn;
3. cibé acu an raibh nó nach raibh tú i do chónaí in Éirinn go leanúnach; agus
4. do staid ghinearálta maireachtála in Éirinn.

D'fhéadfá a bheith i do ghnáthchónaí in Éirinn agus am a chaitheamh lasmuigh d'Éirinn ar laethanta saoire gearra, ag taisteal nó ag staidéar. Más coinníoll é seo atá luaite le d'íocaíocht, ní mór duit leanúint de bheith i do ghnáthchónaí fad is atá íocaíocht á fáil agat.

## Fostaíocht inárachaithe

Is éard atá i gceist anseo fostú daoine atá idir 16 bhliain d'aois agus aois scoir, 66 bliain d'aois i láthair na huaire, i gcineálacha éagsúla fostaíochta atá faoi dhliteanas le haghaidh ranníocaíochtaí ÁSPC.

## Tástáil acmhainne

Is éard atá i gceist le tástáil acmhainne scrúdú a dhéantar ar do staid airgeadais lena fháil amach cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil tú cáilithe le haghaidh sochar agus liúntas. Braitheann sé seo ar d'ioncam, luach na réadmhaoine atá faoi d'úinéireacht (seachas d'áit chónaithe), agus aon choigilteas a d'fhéadfadh a bheith agat. Cuimsítear sa tástáil acmhainne d'ioncam agus aon ioncam atá ag do chéile nó páirtí.

### MyGovID

Is cuntas aonair é MyGovID a sholáthraíonn rochtain shábháilte, ar líne ar raon seirbhísí de chuid Rialtas na hÉireann lena n-áirítear MyWelfare. Chun clárú le haghaidh MyGovID fíoraithe, teastóidh Cárta Seirbhísí Poiblí agus fón póca uait. Chun níos mó a fhoghlaim agus MyGovID a chruthú tabhair cuairt ar **www.MyGovID.ie** nó féach ar **leathanach 9** den treoir seo.

### MyWelfare

Is é seo áis ar líne seirbhísí coimirce sóisialaí. Soláthraítear rochtain ar líne duit ar na seirbhísí sin lena n-áirítear coinní a dhéanamh agus iarratas a dhéanamh ar chuid de na sochair atá luaite sa treoir seo. Tá sé sábháilte, slán agus inrochtana ar gach gléas. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait tabhair cuairt ar **www.MyWelfare.ie** nó léigh **leathanach 9** den treoir seo.

### Galar ceirde

Ciallaíonn sé seo gur tolgadh aon ghalar go príomha mar thoradh ar nochtadh ar fhachtóirí riosca a eascraíonn as gníomhaíocht oibre.

### Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

Is ranníocaíocht í seo a íocann tú leis an gCiste Árachais Shóisialaigh. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi na haicmí difriúla ÁSPC féach ar Thábla 1 agus ar Thábla 2 ar **leathanach 132** agus **leathanach 134**.

### Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS)

Is uimhir thagartha uathúil í seo a chabhraíonn leat sochair leasa shóisialaigh, seirbhísí poiblí agus faisnéis a rochtain in Éirinn.

### ÁSPC

Féach ar Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) thuas.

## Cárta Seirbhísí Poiblí

Bunaíonn agus deimhníonn an cárta seo d'aitheantas ionas gur féidir leat rochtain iomlán a fháil ar raon seirbhísí poiblí go héasca agus go sábháilte.

## Aosach cáilithe

Ciallaíonn sé seo go bhfuil ioncam do pháirtí faoi bhun leibhéal áirithe agus go bhfaigheann tú ardú i d'íocaíocht leasa shóisialaigh don duine sin.

## Leanbh cáilithe

Ciallaíonn sé seo go bhfaigheann tú airgead breise do do leanbh ar a dtugtar Ardú le haghaidh Leanbh Cáilithe. Chun an t-ardú seo a fháil ní mór do do leanbh na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- a bheith ag cónaí leat sa Stát;
- a bheith an aois cheart don íocaíocht atá á héileamh agat (athraíonn an aois ag brath ar an scéim); agus
- Ní féidir leis an leanbh a bheith i gcoimeád dlíthiúil.

Ina theannta sin, tá dhá ráta ann le haghaidh leanaí cáilithe ar a dtugtar ráta iomlán agus leathráta. Cáilíonn leanaí atá faoi 12 bhliain d'aois don leathráta agus cáilíonn leanaí atá 12 bhliain d'aois agus níos sine don ráta iomlán.

## Clárú SAFE

Seasann SAFE le haghaidh Creat-Thimpeallacht i gcomhair Fíordheimhniú Caighdeáin. Is próiseas é seo a úsáideann an roinn chun aitheantas duine a bhunú agus a fhíorú ionas gur féidir a bheith cinnte gurb é an duine atá ag úsáid na seirbhíse an duine ceart. Nuair a chláraíonn tú le haghaidh na seirbhíse seo ar líne, fiafrófar díot dul chomh fada le hIonad Intreo chun Cárta Seirbhísí Poiblí a fháil (féach ar an leathanach roimhe seo). Cabhróidh d'Ionad Intreo áitiúil leat leis an bpróiseas seo más gá.

## Sochair Thánaisteacha

Is éard atá i gceist le sochair thánaisteacha sochair a d'fhéadfá a bheith i dteideal iad a fháil nuair a bhíonn príomh-íocaíocht coimirce sóisialaí á héileamh agat, liúntas cuardaitheora poist, pinsin, mar shampla. Braithfidh cuid de na sochair thánaisteacha seo ar d'ioncam teaghlaigh.

## TÚS

Is scéim socrúcháin oibre pobail é seo a sholáthraíonn deiseanna oibre gearrthéarmacha do dhaoine dífhostaithe.

Téann na deiseanna oibre chun tairbhe an phobail agus tá siad á soláthar ag eagraíochtaí pobail agus deonacha i gceantair uirbeacha agus thuaithe. Tá tuilleadh eolais le fáil ar **www.gov.ie/tus**

## Ioncam neamhthuillte

Áirítear i measc na samplaí den chineál seo ioncaim ioncam cíosa, ioncam infheistíochta, díbhinní (airgead a thugtar do scairshealbhóirí cuideachta) agus ús ar thaiscí agus ar choigilteas. Ní mór duit cáin agus ÁSPC a íoc ar ioncam neamhthuillte.

**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
Department of Social Protection